ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

# Údarás Uchtála na hÉireann
# Adoption Authority of Ireland

## Tuarascáil Bhliantúil 2023
## Annual Report 2023



# Tuarascáil ó
# Údarás Uchtála na hÉireann
# Adoption Authority of Ireland
# don bhliain 2023

**Chuig: An Dr Roderic O'Gorman**
**Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**
**An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**

# Clár na nÁbhar


**Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird** 2

**Brollach ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin** 5

**Forléargas ar Údarás Uchtála na hÉireann** 12

**Feidhmeanna Údarás Uchtála na hÉireann** 13

**Ráiteas Misin, Fís agus Luachanna** 15

- Misean Údarás Uchtála na hÉireann 16
- Fís Údarás Uchtála na hÉireann 16
- Prionsabail agus Luachann 16

**Struchtúr Eagrúcháin & Bainistíochta2023** 17

**Bord Údarás Uchtála na hÉireann** 19

- Comhaltas an Bhoird 20
- Cothromaíocht Inscne 20
- Cruinnithe an Bhoird 20
  - An Coiste Riosca agus Iniúchóireachta 20
  - An Fochoiste Taighde 21
- Rialachas 21
  - Freagrachtaí 21
- Stipinn na gComhaltaí Boird 23

**Rialachas Corparáideach** 24

- Rialú Airgeadais 25
  - Rialú Inmheánach Airgeadais 25
  - Bainistíocht Buiséid 25
  - An Coiste Riosca agus Iniúchóireachta 25
  - Bainistíocht Riosca 26
  - An Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí 26
  - Soláthar 27
  - Nochtaí Cosanta 27
- Eitic in Oifigí Poiblí 27
- Meastóireacht ar an mBord 27
- Cur i bhFeidhm an Dualgais um Chomhionannas san Earnáil Phoiblí agus an Dualgais um Chearta an Duine 28
- An tAcht um Míchumas 28
- An tAcht um Thús Áite do Leanaí 28
- Acht na dTeangacha Oifigiúla 28

**Plean Straitéiseach 2022–2024** 29

- Plean Gnó 2023 31

**Imeachtaí agus Taisteal 2023** 32

**Oibríochtaí Uchtála** 34

- Uchtáil Bhaile 35
  - Anailís ar Ghníomhaíochtaí 35
- Uchtáil Idir Tíortha 37
  - Anailís ar Ghníomhaíochtaí 37

**Seirbhísí Faisnéise agus Taifid** 39

- Anailís ar Ghníomhaíochtaí 40
  - Taifid 40
  - An Chartlann 51
  - Cosaint Sonraí 52

**Obair Shóisialta** 54

- Réamhrá 55
- Bunfheidhmeanna 55
- Seirbhís Rianaithe 55
- Foghlaim ón Rianú 56
  - Torthaí an Rianaithe 56
  - Cás-Staidéar (Tuismitheoir Breithe a Rianú) 56
  - Cás-Staidéar (Deartháir nó Deirfiúr a Rianú) 57
- Idirghabháil maidir leis an gClár um Shain-roghanna Teagmhála 57

Rianú Idir Tíortha 57

Rianú agus Tacaíocht do Dhaoine a Uchtaíodh Idir Tíortha 57

Obair Shóisialta maidir le hIdirghabháil Ghairid 58

Cás-Staidéar maidir le hIdirghabháil Ghairid 58

Athbhreithnithe ar an Obair Shóisialta 59

Ceisteanna a Fhreagairt 59

Ag Cur lenár nEolas 59

Oiliúint agus Oideachas 59

Socrúcháin Oibre Sóisialta 59

**Taighde** 60

Forléargas 61

Gníomhaíochtaí na Bliana 2023 61

Staidéir Thaighde Lárnacha 61

'Reflections on the Irish Domestic Adoption Process 1952–2022' 61

'The Lived Experience of Intercountry Adoption in Ireland' 61

Acmhainní Taighde 62

Comhdhálacha agus Líonrú 62

Cumarsáid Sheachtrach 63

**Acmhainní Daonna** 64

Forléargas 65

Earcaíocht 65

Pinsean/Scor 65

Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil 66

Clár Cúnaimh d'Fhostaithee 66

**Seirbhísí Corparáideacha agus Creidiúnú** 67

Suíomh Gréasáin agus Cumarsáid 68

Preas/Na Meáin 68

Ceisteanna Parlaiminte 70

Bainistíocht Fuinnimh agus Gníomh ar son na hAeráide 70

Bainistíocht Saoráidí 70

Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair 70

Creidiúnú 71

Clár na gComhlachtaí Creidiúnaithe 71

Nósanna Imeachta Creidiúnaithe 71

Scor de Chreidiúnú Comhlachtaí 71

**Staitisticí maidir leis an tSeirbhís Rianaithe** 72

**Staitisticí maidir le hUchtáil Bhaile agus Uchtáil Idir Tíortha** 76

**Faisnéis Eile** 82

**Aguisín A** 84

**Aguisín B** 86

# Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird



**Is cúis áthais agam é Tuarascáil Bhliantúil Údarás Uchtála na hÉireann i gcomhair na bliana 2023 a chur i láthair.**

Bhí idir dhúshláin agus deiseanna romhainn i mbliana.

Ba í seo an chéad bhliain iomlán ina raibh an tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 (AFBR) i bhfeidhm agus bhí sé ag feidhmiú go réidh in Údarás Uchtála na hÉireann.

Ag an am céanna, d'fhág an eagraíocht slán leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF), Patricia Carey, a bhí ag obair linn le fada an lá. Ba mhaith leis an mBord agus liom féin ár mbuíochas ó chroí a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach eatramhach, Colm O'Leary, as an stiúradh cumasach a rinne sé ar Údarás Uchtála na hÉireann nuair a bhí an próiseas earcaíochta ar bun don Phríomhfheidhmeannach buan.

Ba mhór againn rannpháirtíocht an Aire Roderic O'Gorman i seoladh Thuarascáil Bhliantúil 2022 Údarás Uchtála na hÉireann ag an am céanna le comóradh bliana AFBR i mí Dheireadh Fómhair, nuair a d'fhógraíomar go raibh foireann Taifead Údarás Uchtála na hÉireann tar éis an riaráiste iarratas ar fhaisnéis bhreithe a phróiseáil agus go mbeadh siad in ann freagra a thabhairt ar iarratais nua laistigh den achar ama a sonraítear in AFBR. Thugamar ar aird freisin gur amhlaidh, faoi mhí Iúil, go raibh 3,270 duine cláraithe don chlár nua, an Clár um Shainroghanna Teagmhála (CST) sa chéad bhliain agus é ag feidhmiú.

I mí na Bealtaine, chuir Údarás Uchtála na hÉireann fáilte roimh thoscaireacht ina raibh seisear ó údarás lárnach Vítneam. Deis a bhí ann chun an dlúthchaidreamh idir an dá thír a dhaingniú agus leanúint le gníomhaíochtaí i gcomhar lena chéile ar mhaithe leis na leanaí. Gabhaim buíochas leis na hionadaithe ó rannóg uchtála na Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus le feidhmeannach Údarás Uchtála na hÉireann as na cuir i láthair snasta, ghairmiúla a rinne siad do Stiúrthóir na Roinne Uchtála – Aireacht Cirt Vítneam agus a chomhghleacaithe. Bhí réimse suimiúil ábhar idir lámha acu: taighde de chuid Údarás Uchtála na hÉireann; an próiseas iarratais maidir le huchtáil idir tíortha; beartas agus treoirlínte uchtála; agus iarrataí ar fhaisnéis agus ar rianú, tacaíochtaí, reachtaíocht agus seirbhísí. Mheas toscaireacht Vítneam gur éirigh go geal lena gcuairt agus gur éirigh leo eolas a aimsiú.

Ós rud é gurb í 2024 an bhliain dheireanach de thréimhse straitéiseach reatha Údarás Uchtála na hÉireann, in 2023 thosaigh an Bord ag réiteach don phróiseas chun straitéis eagraíochtúil nua a fhorbairt d'Údarás Uchtála na hÉireann don tréimhse 2025–2027. Thosaíomar freisin ag ullmhú don Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar Údarás Uchtála na hÉireann. Tosóidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) air sin sa chéad leath de 2024. Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, déanann ranna athbhreithniú criticiúil ar gach comhlacht Stáit atá faoina gcoimirce ar a laghad uair amháin gach cúig bliana.

Maidir leis an ngnó laethúil, taispeántar sa rannán staitisticí den tuarascáil seo figiúirí a bhaineann le cúrsaí oibriúcháin in 2023 agus le blianta roimhe sin i bpríomhréimsí oibre an Údaráis. Déantar comparáid sna sonraí sin idir staitisticí na bliana 2023 agus blianta eile maidir le horduithe uchtála baile, le huchtálacha idir tíortha, le hiarrataí ar fhaisnéis bhreithe agus scaoileadh na sonraí sin, le hiarratais chuig an gClár um Shainroghanna Teagmhála agus le meaitseanna idir daoine a uchtaíodh agus gaolta breithe, agus leis an líon Ceisteanna Parlaiminte agus iarratas maidir le cosaint sonraí a phróiseáil an tÚdarás.

Cé go bhfuil laghdú tagtha ar líon na naíonán a uchtaítear sa tír seo, tá imní ar an mBord faoin moill a bhíonn i gceist agus na naíonáin sin á suíomh lena n-uchtáil. Tugann an Bord ar aird freisin an méadú ar líon na n-uchtálacha ó chúram altrama fadtéarmach. Cé go bhfáiltíonn an Bord roimh an méadú ar líon na n-iarratas sin, tugaimid ar aird méadú comhfhreagrach ar líon na dtuismitheoirí breithe a thagann os comhair an Bhoird nach bhfuil i gcoinne uchtáil a leanaí, ach a bhfuil deacracht acu toiliú a shíniú toisc go mbraitheann siad go bhfuil siad ag tabhairt uathu a leanaí i scríbhinn. Ní mór iarratais den sórt sin a chur ar aghaidh chuig an Ard-Chúirt, rud a fhágann go mbíonn moill fhada ar an bpróiseas a thabhairt chun críche i gcásanna áirithe. D'fháilteodh an Bord roimh dhíospóireacht maidir le hathrú a d'fhéadfaí a dheanamh ar an reachtaíocht chun go bhféadfaí uchtáil oscailte a dhéanamh i gcúinsí cuí.


Cuireadh roinnt iarratas faoi bhráid an Bhoird freisin maidir le leanaí ar máthair ionaid a shaolaigh iad agus fáiltíonn an Bord roimh an struchtúr reachtaíochta atá beartaithe chun foirmiú teaghlaigh den sórt sin a dhéanamh foirmeálta.

Thug an Bord faoi deara go bhfuil méadú ag teacht fós ar chastacht na gcásanna a thagann os a chomhair agus ar chastacht na gcásanna a chuirtear faoi bhráid na hArd-Chúirte.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a gcuid ama agus saineolais, as a dtiomantas, as a ndúthracht agus as an obair chrua a dhéanann siad, gan chamadh gan chlaonadh, chun cinntí móra a ghlacadh a théann i bhfeidhm ar shaol daoine, agus iad ag obair ar mhaithe leis an leanbh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an lucht feidhmiúcháin agus leis an bhfoireann ardbhainistíochta a thug tacaíocht, seachtain i ndiaidh seachtaine, don Bhord ina chuid iarrachtaí na caighdeáin is airde a bhaint amach i ndáil le seirbhísí uchtála. Ina theannta sin, gabhaim mo bhuíochas leis an Aire agus le foireann an Aonaid um Beartas Uchtála sa Roinn as an tacaíocht agus as an gcúnamh a thugann siad dúinn i gcónaí.

Táim ag tnúth le leanúint lenár misean a chur chun cinn maidir lena chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde agus is féidir i bhfeidhm sna seirbhísí a bhaineann le huchtáil, i rith an phróisis uchtála a mhaireann ar feadh an tsaoil, agus gurb é leas leanaí an chéad chuspóir agus an príomhchuspóir, agus, i dtaca leis sin, leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh na spriocanna agus na físe a leagtar amach inár bPlean Straitéiseach, is é sin aitheantas a bheith againn mar lárionad barr feabhais agus mar phríomhfhoinse údarásach faisnéise ar gach gné den uchtáil agus mar sholáthraí agus rialtóir seirbhísí uchtála ar ardchaighdeán.



**Orlaith Traynor Uasal**
**Cathaoirleach an Bhoird**



# Brollach ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



**Is comhlacht neamhspleách garbhreithiúnach é Údarás Uchtála na hÉireann atá faoi choimirce RLCMLÓ. Tá réimse feidhmeanna tábhachtacha ag an Údarás lena gcinntítear na caighdeáin is airde agus is féidir maidir le seirbhísí a bhaineann le huchtáil, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis bhreithe agus luathshaoil. Dírímid i gcónaí ar leas an linbh sa phróiseas uchtála.**

Táim thar a bheith sásta go bhfuilim ag obair le hÚdarás Uchtála na hÉireann ó mhí Eanáir 2024 i leith agus gur féidir liom an obair a leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair. Léiríonn na héachtaí, na gníomhaíochtaí agus na haschuir sa tuarascáil seo an díograis agus an tiomantas atá ag Bord Údarás Uchtála na hÉireann agus ag ár bhfoireann ar fad a chuir le hobair Údarás Uchtála na hÉireann in 2023. Léiriú is ea na héachtaí sin freisin ar cheannaireacht Phríomhfheidhmeannaigh Eatramhacha Údarás Uchtála na hÉireann in 2023: An tUasal Philip Crosby agus an tUasal Colm O'Leary.

Leagtar amach sa tuarascáil seo an dul chun cinn a rinneamar maidir leis an dara bliain a chur i bhfeidhm de Phlean Straitéiseach trí bliana Údarás Uchtála na hÉireann (2022–2024). Ba bhliain mhór í seo d'Údarás Uchtála na hÉireann mar gurbh í an chéad bhliain iomlán í de na feidhmeanna nua atá againn faoi AFBR.

I mí Dheireadh Fómhair, nuair a seoladh Tuarascáil Bhliantúil 2022, rinneadh é a cheiliúradh go raibh bliain imithe tharainn ó cuireadh i bhfeidhm AFBR agus ó bunaíodh an tseirbhís nua maidir le scaoileadh faisnéise a ghabh leis, seirbhís rianaithe agus an CST ar bhonn reachtúil. Tá seirbhís thiomnaithe faisnéise agus rianaithe ag Údarás Uchtála na hÉireann (ar a dtugtar ár gcuardach bunaidh freisin), lena n-áirítear foireann mhór oibrithe sóisialta oilte a bhfuil an-taithí acu ar an obair sin. Caitear le gach fiosrúchán le híogaireacht agus le comhbhá. Ó achtaíodh AFBR, tá níos mó iarratais ar rianú faighte ag Údarás Uchtála na hÉireann ná mar a fuarthas riamh cheana. Tá sonraí ar fáil ar lch. 55–58 agus lch. 72–75 den tuarascáil seo maidir le Seirbhís Rianaithe Údarás Uchtála na hÉireann chomh maith le forbhreathnú ar na torthaí a bhaineann le feidhmiú na seirbhíse sin in 2023.

Leanamar ar aghaidh le linn 2023 ag déanamh an-iarracht oiliúint a chur ar ár bhfoireann maidir le hiarratais a phróiseáil i dtaca le faisnéis bhreithe agus luathshaoil, chomh maith le díriú ar na hamlínte reachtúla a chomhlíonadh, agus mian na n-úsáideoirí seirbhíse á chur san áireamh ag an am céanna agus iad ag iarraidh rochtain ar an bhfaisnéis chomh luath agus a d'fhéadfaí.

Toisc go bhfuil Údarás Uchtála na hÉireann faoi réir na nAchtanna um Chartlann Náisiúnta 1986–2018 anois, faoi AFBR in 2023 rinneadh dul chun cinn le hobair maidir le spás stórála nua a bhunú chun beagnach 100,000 taifead atá i seilbh Údarás Uchtála na hÉireann faoi láthair a chosaint agus a chaomhnú. Cuireadh tús le hoibreacha tógála don fheistiú sin in 2023 agus táthar ag súil é a chríochnú in 2024. Chomh maith leis an obair sin, leanadh le taifid uchtála Údarás Uchtála na hÉireann a dhigitiú.

Leanamar freisin ag díriú ar ár gcumas agus ár n-acmhainn taighde a fhorbairt in 2023. Forbraíodh straitéis taighde nua trí bliana (2023–2025) agus glacadh léi agus rinne Fochoiste Taighde an Bhoird maoirseacht ar an straitéis a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Tá Coiste Eitice Taighde ann freisin chun an t-athbhreithniú eiticiúil riachtanach a dhéanamh.

Le linn 2023, leanamar ar aghaidh le hobair thábhachtach eile maidir le huchtálacha baile agus uchtálacha idir tíortha, le seirbhísí oibre sóisialta eile, le maoirseacht rialála ar na trí chomhlacht atá creidiúnaithe ag Údarás Uchtála na hÉireann, mar aon le leanúint ar aghaidh ag forbairt na tacaíochta a chuirtear ar fáil do dhaoine agus ag cinntiú gur fostóir den chéad scoth é Údarás Uchtála na hÉireann agus gur ionad oibre maith é. Ar aon dul lenár bhfreagrachtaí mar chomhlacht poiblí agus rólmhúnlú chun Plean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais a chur i bhfeidhm, d'fhorbair Údarás Uchtála na hÉireann Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide dóibh féin in 2023 agus déanfar é a nuashonrú gach bliain de réir mar a chuirtear i bhfeidhm é.

Leanamar ag obair i ndlúthchomhar lenár rannóg líne, RLCMLÓ. Is cuid d'éiceachóras níos mó é ár ról mar rialtóir agus mar sholáthraí seirbhíse. D'éirigh linn ár seirbhísí a sholáthar agus ár ngníomhaíochtaí a dhéanamh i gcomhar lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear RLCMLÓ, Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, gníomhaireachtaí eile, eagraíochtaí eile agus daoine aonair eile. Mar sin táimid buíoch astu siúd a d'oibrigh linn agus a chuir bonn eolais faoin obair agus ba mhaith linn aitheantas a thabhairt dóibh.

Díríonn Bord agus foireann Údarás Uchtála na hÉireann ar thús áite a thabhairt do leas an linbh sa phróiseas uchtála, rud a léiríonn an chaoi a fheidhmíonn an tÚdarás i ngach rud a dhéanann sé. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an mBord agus le mo chomhghleacaithe nua as a gcuid oibre crua agus a dtiomantas le linn na bliana 2023, rud a shonraítear sa tuarascáil seo.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do na húsáideoirí seirbhíse agus na daoine ar fad a mbímid ag obair leo gach lá a raibh baint phearsanta acu le huchtáil agus a raibh Bord Údarás Uchtála na hÉireann agus an fhoireann ag obair leo in 2023. Tá a scéalta agus a nguth tábhachtach, agus leanfaimid orainn ag aimsiú bealaí nua chun éisteacht leo agus teagmháil a dhéanamh leo chun ár seirbhísí a fheabhsú.

Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an bhfoireann atá thar a bheith tiomanta agus díograiseach san Údarás chun dul chun cinn a dhéanamh lenár gcuid oibre in 2024 sa bhliain atá fágtha den straitéis reatha agus muid ag díriú ag an am céanna ar an gcéad straitéis trí bliana eile a fhorbairt d'Údarás Uchtála na hÉireann agus ar ár bhfís a fhorbairt don am atá le teacht.

**An Dr Lorraine Horgan**
**POF**



# Príomh-ghníomhaíochtaí agus Gnóthachtálacha 2023



# Grafaic faisnéise

Deonaíodh **90** ordú uchtála

Rinneadh **209** iontráil i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha

Rinneadh **2** iontráil sa Chlár um Aithint Inscne i gcomhair Uchtálacha Idir Tíortha

Cuireadh bailchríoch ar scaoileadh **3,504** mí-reanna faisnéise faoi BITA completed

Tháinig **82%** de na hiarratais ar scaoileadh faisnéise ó Éirinn, 10% ón Ríocht Aontaithe, agus na cinn eile ón chuid eile den domhan

Dhún an Fhoireann Oibre Sóisialta **136** cás maidir le rianú

Ceapadh córas a chuireann seirbhís rianaithe ar fáil d'uchtaithe idir tíortha in Éirinn

Ceapadh oibrí sóisialta chun atreoraithe maidir le hIdirghabháil Ghairid a láimhseáil

Earcaíodh agus ceapadh Cúntóir Taighde buan nua

Faomhadh straitéis taighde nua, 2023–2025

D'fhaomh an Bord an chéad Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Údarás Uchtála na hÉireann

# Forléargas ar Údarás Uchtála na hÉireann



**Is comhlacht neamhspleách garbhreithiúnach é Údarás Uchtála na hÉireann, a bunaíodh ar an 1 Samhain 2010 faoin Acht Uchtála, 2010, faoi choimirce na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Is é an tÚdarás freisin, de réir Choinbhinsiún na Háige um Chosaint Leanaí agus Comhar i leith Uchtáil Idir Tíortha 1993 (Coinbhinsiún na Háige 1993), 'an tÚdarás Lárnach' i ndáil le huchtáil idir tíortha in Éirinn. Is é cuspóir an Achta Uchtála, 2010 feabhas a chur ar chaighdeáin na huchtála baile agus na huchtála idir tíortha araon.**

Tugadh uchtáil dhlíthiúil isteach den chéad uair in Éirinn faoin Acht Uchtála, 1952. Ritheadh Acht na bliana 1952 ar an 1 Eanáir 1953, agus bunaíodh an Bord Uchtála faoin Acht sin. Bhí sé de cheart ag an mBord Uchtála, agus aige siúd amháin, orduithe uchtála a dheonú nó diúltú iad a dheonú. Tá an ceart sin dílsithe anois don Údarás faoin reachtaíocht a tugadh isteach in 2010, faoina ndearnadh na hAchtanna Uchtála ó 1952 go 1998 a aisghairm.

Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in Alt 96 den Acht Uchtála, 2010. Áirítear orthu sin feidhmeanna oibriúcháin, breithiúnacha agus garbhreithiúnacha maidir leis an bpróiseas uchtála féin, dá bhforáiltear faoin Acht, ach anuas orthu sin tá feidhmeanna a bhaineann le hainmniú an Údaráis mar an tÚdarás Lárnach faoi Choinbhinsiún na Háige 1993. Ina theannta sin, tá feidhmeanna clárúcháin agus rialúcháin ag an Údarás, chomh maith le feidhmeanna tuairiscithe, comhairle agus taighde.

Leasaíodh Acht na bliana 2010 roinnt uaireanta ó tháinig tús feidhme leis, leis an reachtaíocht seo a leanas:

- An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011
- An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013
- An tAcht um an gCúirt Achomhairc, 2014
- An tAcht um Inscne a Aithint, 2015
- An tAcht um Chaidrimh Leanaí agus Teaghlaigh, 2015
- An tAcht Uchtála (Leasú), 2017
- An tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

Leis an Acht Uchtála (Leasú), 2017, tugadh éifeacht reachtach don Acht um an Aonú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí), 2012 trína chinntiú go dtabharfaí aird mhór ar leas an linbh maidir le haon ábhar agus go bhfaigheadh an tÚdarás Uchtála nó an chúirt tuairimí an linbh, agus go dtabharfaí aird chuí ar na tuairimí sin, ag féachaint d'aois agus aibíocht an linbh. Faoi Acht Leasaithe na bliana 2017 freisin, ceadaíodh don Ard-Chúirt toiliú tuismitheora a ligean thar ceal agus údaraíodh don Údarás ordú uchtála a dhéanamh i leith an linbh sin agus rinneadh foráil maidir le huchtáil linbh i gcás páirtnéirí sibhialta agus lánúineacha comhchónaithe agus ceadaíodh uchtáil leastuismitheora gan an ceanglas a bheith ann go ndéanfadh an tuismitheoir eile a leanbh féin a uchtáil.

Síníodh AFBR ina dhlí ar an 30 Meitheamh 2022. Leis an mórphíosa reachtaíochta sin, tugadh ceart rochtana iomlán, soiléir ar dheimhnithe breithe agus ar fhaisnéis bhreithe agus luathshaoil do na daoine go léir a uchtaíodh, a cuireadh ar altranas nó ar iostas, nó a ndearnadh a mbreith a chlárú ar bhealach mídhleathach, nó a raibh ceisteanna eile acu maidir lena mbunadh. Ina theannta sin, ceadaíodh rochtain ar fhaisnéis do neasghaol i gcúinsí áirithe.

Faoin dlí nua freisin, bunaíodh an CST agus seirbhís stuama rianaithe, chomh maith le bearta saincheaptha éagsúla nua chun dul i ngleic le saincheisteanna a thagann chun cinn i gcás daoine a ndearnadh clárú mídhleathach ar a mbreith. Tugadh sainordú don Údarás i ndáil le taifid uchtála a choimeád slán.

# Feidhmeanna Údarás Uchtála na hÉireann



**Cuimsíonn oibleagáidí an Údaráis na réimsí seo a leanas:**

### Uchtáil Bhaile
Tagraíonn uchtáil bhaile don chás ina n-uchtaíonn duine nó lánúin a bhfuil cónaí air, uirthi nó orthu in Éirinn leanbh a bhfuil cónaí air nó uirthi in Éirinn freisin. Is é cineál agus éifeacht ordú uchtála Éireannaigh ná go bhfágtar gur leanbh de chuid an uchtaitheora/na n-uchtaitheoirí é nó í an leanbh amhail is gur dóibh a saolaíodh é nó í, agus go sanntar dóibh cearta agus dualgais uile an tuismitheora nó na dtuismitheoirí agus an linbh i ndáil lena chéile. Faoi reachtaíocht uchtála na hÉireann, ní cheadaítear ach leanbh a uchtáil. Is é an sainmhíniú atá ar leanbh ná duine nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici go fóill. Tá ceithre chineál éagsúla uchtála baile ann – leasteaghlach, uchtáil a dhéanann teaghlach sínte/gaolta, uchtáil bhaile naíonáin agus dul ó chúram altrama fadtéarmach go huchtáil.

### Uchtáil Idir Tíortha
Le huchtáil idir tíortha, tagraítear don chás ina gcinneann daoine atá ina gcónaí in Éirinn leanbh a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtír seachas Éire a uchtú. Is é cineál agus éifeacht uchtála den sórt sin ná go bhfágtar gur leanbh de chuid an uchtaitheora é nó í an leanbh amhail is gur dó, di nó daoibh a saolaíodh é nó í, agus go sanntar dóibh cearta agus dualgais uile an tuismitheora nó na dtuismitheoirí agus an linbh i ndáil lena chéile. Cuireadh bonn reachtúil faoin uchtáil idir tíortha in 1991 nuair a ritheadh an tAcht Uchtála.

### Seirbhísí Faisnéise agus Taifid
Cuidíonn an tAonad Seirbhísí Faisnéise agus Taifead le faisnéis iar-uchtála agus le seirbhísí amhail rochtain ar thaifid. Faoi AFBR, tá rochtain ar fáil anois ar fhaisnéis bhreithe, faisnéis faoi chúram agus luathshaol; faisnéis leighis; agus faisnéis maidir le clárú mídhleathach breithe agus maidir le hítimí arna soláthar, chomh maith leis an rogha iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí rianaithe. Tá an t-aonad sin freagrach freisin as cosaint sonraí, saoráil faisnéise, teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide (TFC) agus cartlanna stairiúla a thagann faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986–2018.

### Obair Shóisialta
Tuigeann oibrithe sóisialta san Údarás Uchtála gur próiseas ar feadh an tsaoil í an uchtáil as a n-eascraíonn mothúcháin agus riachtanais éagsúla i gcás na bpáirtithe atá i gceist. Tá an tseirbhís oibre sóisialta san Údarás Uchtála freagrach as seirbhís reachtúil rianaithe a sholáthar dár gcliaint. Chomh maith leis an obair sin, cuireann oibrithe sóisialta seirbhís eadrána, idirghabháil ghairid agus tacaíocht ar fáil agus déanann siad athbhreithnithe iomlána ar gach uchtáil atá beartaithe faoi láthair.

### Creidiúnú
I gcomhthéacs na huchtála, ciallaíonn creidiúnú meastóireacht fhoirmiúil a dhéanann an tÚdarás ar chomhlachtaí nó ar dhaoine áirithe, go háirithe ar chomhlachtaí nó ar dhaoine a bhfuil baint acu le socruithe a dhéanamh maidir le leanbh a uchtáil nó a sholáthraíonn seirbhísí amhail rianú, comhairleoireacht nó eadráin le haghaidh daoine uchtaithe nó gaolta le daoine uchtaithe.

### Taighde
Mar chuid dá fheidhm reachtúil, ceanglaítear ar an Údarás tabhairt faoi thionscadail agus gníomhaíochtaí taighde a bhaineann le seirbhísí uchtála, nó cabhrú leo. Tá an tÚdarás tiomanta do bhonn eolais a chur faoi bheartas uchtála agus faoi fheidhmiú seirbhísí trí chreat cuimsitheach faisnéise, taighde agus cumarsáide a sholáthar.

# Ráiteas Misin, Fís agus Luachanna



## Misean Údarás Uchtála na hÉireann

'A chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde agus is féidir ar fáil sna seirbhísí a bhaineann le huchtáil, i rith an phróisis uchtála a mhaireann ar feadh an tsaoil, agus gurb é leas leanaí an chéad chuspóir agus an príomhchuspóir.'

## Fís Údarás Uchtála na hÉireann

'Aitheantas a bheith againn mar lárionad barr feabhais agus mar phríomhfhoinse údarásach faisnéise ar gach gné den uchtáil agus mar sholáthraí agus rialtóir seirbhísí uchtála ar ardchaighdeán.'

## Prionsabail agus Luachanna

Tá sraith prionsabal agus luachanna glactha ag an Údarás lena gcuirtear bonn faoin gcur chuige atá aige i leith a mhisin, a fhíse, a spriocanna, a chuspóirí agus a oibríochtaí laethúla. Baineann siadsan leis an méid seo a leanas:

### A Bheith Dírithe ar Leanaí:

Díriú ar leas an linbh mar ghné ríthábhachtach sa phróiseas uchtála, agus aird á tabhairt ar riachtanais an linbh ar feadh an tsaoil. A chinntiú go n-éistfear leis an leanbh agus go dtabharfar freagraí fiúntacha air nó uirthi i rith an phróisis uchtála.

### Seirbhísí Ardchaighdeáin:

Seirbhísí den chaighdeán is airde a sholáthar maidir le huchtáil, a bheidh bunaithe ar an dlí agus ar an dea-chleachtas, agus saineolaithe a fhorbairt agus a fhostú sa réimse sin (lena n-áirítear tiomantas d'fheabhas leanúnach ar sheirbhísí).

### Cuntasacht:

Trí chleachtas eiticiúil agus trédhearcacht; modus operandi atá faoi réir grinnscrúdú, atá neamhchlaonta, cothrom agus atá faoi threoir ag cleachtas uchtála atá macánta, ceart, cuntasach agus eiticiúil. A bheith tiomanta do sheirbhísí a sholáthar ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil chun luach ar airgead a bhaint amach.

### Meas:

A bheith tiomanta do chaitheamh le gach páirtí leasmhar sa phróiseas uchtála nó eile le dínit, le meas agus le cúirtéis. A bheith ina eagraíocht a bhíonn ag éisteacht, ag foghlaim agus ag cumhachtú, dóibh siúd go léir a bhíonn ag obair le seirbhísí uchtála nó a dtéann seirbhísí uchtála i bhfeidhm orthu, agus a éisteann leis na baill foirne agus a bhfuil meas aici orthu, agus a fhéachann chuige gur áit mhaith oibre is ea an tÚdarás.


**Is achoimre í an Tuarascáil Bhliantúil seo ar na príomhphíosaí oibre a rinne Údarás Uchtála na hÉireann in 2023. Is féidir leat faisnéis faoinár gcuntais agus ár bhfoilseacháin a léamh agus a íoslódáil ar www.aai.gov.ie.**

# Struchtúr Eagrúcháin & Bainistíochta 2023



## Struchtúr Eagrúcháin & Bainistíochta 2023

Tá forbhreathnú ar gach post ceadaithe in Aguisín B sa tuarascáil seo.
Leagtar amach struchtúr eagraíochta agus bainistíochta an Údaráis sa léaráid seo a leanas.



# Bord Údarás Uchtála na hÉireann



## Comhaltas an Bhoird

**De réir an Achta Uchtála, 2010, beidh seachtar comhaltaí ar an mBord: an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus cúigear gnáthchomhaltaí, arna gceapadh ag an Aire. Tréimhse nach faide ná cúig bliana is ea téarma oifige an Bhoird. I gcás comhaltaí ceaptha a thugann téarma oifige chun críche, beidh siad incháilithe lena n-athcheapadh ar an mBord, ach ní fhéadfaidh siad fónamh mar chomhalta ar feadh níos mó ná dhá théarma as a chéile.**

Níl aon athrú tagtha ar chomhdhéanamh an Bhoird ón 1 Samhain 2020

| |
|---|
| Orlaith Traynor Uasal,Cathaoirleach |
| An tUasal Sean O'Brien, Leas-Chathaoirleach |
| An Dr Helen Buckley |
| An tUasal Paul Harrison |
| An Breitheamh Patrick McMahon (Ar scor) |
| An Dr Margo Anglim |
| An tOllamh Sheila Greene |

## Cothromaíocht Inscne

Amhail ar an 31 Nollaig 2023, ceathrar ban (57%) agus triúr fear (43%) a bhí ar an mBord, agus ní raibh aon phost folamh. Mar sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag fir agus mná araon ar bhoird stáit.

## Cruinnithe an Bhoird

Is córam tinreamh é an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach a bheith i láthair, mar aon le beirt ghnáthchomhaltaí, ar oibrí sóisialta duine amháin acu.

De réir an Achta Uchtála 2010, tionólfaidh an Bord a mhéid cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ach tionólfaidh sé 12 chruinniú in aghaidh na bliana ar a laghad. Bhí 18 gcruinniú sceidealta ag an mBord le linn 2023.

Déantar cruinnithe an Bhoird a eagrú sa chaoi is go ndéantar cruinniú 'iomlán' Boird amháin a thionól gach mí, ag a ndéileáiltear le hábhair seachas deonú orduithe uchtála. Go ginearálta, bíonn an dara cruinniú den mhí dírithe ar orduithe uchtála a dheonú agus ar aon ghnó práinneach eile nach mór déileáil leis ar an lá. Go ginearálta, ní gá ach córam an Bhoird a bheith i láthair ar laethanta na n-orduithe uchtála agus i gcás éisteachtaí éigeandála eile nó cruinnithe breise chun orduithe uchtála éigeandála a dheonú, agus léirítear é sin sa tuarascáil tinrimh in Aguisín A.

Rith an Bord rún go mbeadh cruinniú amháin ar a laghad ann gach bliain le haghaidh cúrsaí rialachais amháin. Tionóladh dhá chruinniú rialachais le linn 2023, ar an 23 Bealtaine agus an 21 Samhain.

Ag gach cruinniú Boird, tugann an Príomhfheidhmeannach tuairisc ina soláthraítear faisnéis agus tuairisc chun dáta don Bhord ar fheidhmiú an Údaráis, ar fheidhmiú an Phlean Gnó bhliantúil, ar chúrsaí caiteachais agus buiséid agus ar shaincheisteanna agus/nó tarlúintí ábhartha eile.

Leagtar amach i gCuid 4 den Acht Uchtála na cumhachtaí atá dílsithe don Bhord, lena n-áirítear

- An chumhacht chun Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta a eisiúint d'uchtaitheoirí ionchasacha;
- Éisteacht a thabhairt d'iarratais i ndáil le horduithe uchtála agus orduithe uchtála a dhéanamh;
- An chumhacht chun uchtálacha idir tíortha a aithint, ar cinn iad a dhéantar lasmuigh den Stát.

Bíonn na hábhair sin ar an gclár oibre ag cruinnithe an Bhoird agus pléitear leo faoi Chuid Bhaile agus Cuid Idir Tíortha an chláir oibre. Mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tháinig an Bord le chéile dhá uair in 2023 gan aon duine den lucht feidhmiúcháin (is é sin, an Príomhfheidhmeannach, Rúnaí an Bhoird agus aon chomhalta foirne nó comhalta bainistíochta eile) a bheith i láthair. Ar gach ceann de na dátaí ar ar reáchtáladh cruinniú Boird 'iomlán' tháinig an Bord le chéile gan an lucht feidhmiúcháin i láthair ar feadh tréimhse ba ghá chun cúrsaí a phlé.

## Coistí an Bhoird

De réir an Achta Uchtála, 2010, féadfaidh an Bord coistí a cheapadh de réir mar is cuí leis chun comhairle a chur air maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna, agus tá dhá choiste ceaptha aige:

### An Coiste Riosca agus Iniúchóireachta

Tá beirt chomhaltaí de bhord an Údaráis agus beirt chomhaltaí sheachtracha neamhspleácha ar an gCoiste Riosca agus Iniúchóireachta (CRI). Is é ról CRI tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus an dearbhú a ghabhann leo. Tá an Coiste Iniúchóireachta, Riosca & Airgeadais neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn CRI go háirithe go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta.

Ba iad comhaltaí CRI in 2023

| |
|---|
| Patricia Gilheaney Uasal (Cathaoirleach) |
| Orlaith Traynor Uasal (Cathaoirleach an Údaráis) |
| An tUasal Paul Harrison (Comhalta Boird) |
| Tara McDermott Uasal (Comhalta Seachtrach) go dtí 14/10/2023 |

Tagann CRI le chéile ar a laghad ceithre huaire sa bhliain, agus tá sé d'údarás aige cruinnithe breise a thionól de réir mar is gá. Is ionann beirt chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin den choiste a bheith i láthair agus córam. In 2023, tháinig CRI le chéile ceithre huaire. Thug CRI cuireadh do dhaoine den lucht feidhmiúcháin, d'iniúchóirí nó do dhaoine eile freastal ar chruinnithe agus faisnéis ábhartha a sholáthar, de réir mar ba ghá. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Ceann Comhlíontachta ar gach cruinniú. Cuireann Crowleys DFK tacaíocht rúnaíochta ar fáil don choiste.

### An Fochoiste Taighde

Ceathrar comhaltaí Boird atá ar an bhFochoiste Taighde, beirt chomhaltaí neamhspleácha seachtracha agus seisear comhaltaí foirne.

Is iad príomhfheidhmeanna an Fhochoiste Taighde ná tacú leis an Údarás maidir le straitéis taighde a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, athbhreithniú rialta a dhéanamh ar cibé tionscadail a mholann an tÚdarás agus comhairle a chur ar an Údarás ina leith, agus breithniú agus moltaí a thabhairt don Bhord maidir le cúrsaí beartais a bhaineann le taighde.

Tugann an Fochoiste Taighde comhairle freisin faoi thaighde a choimisiúnaíonn an Bord, cuireann sé chun cinn scaipeadh aon taighde a dhéantar, agus cuireann sé comhairle ar an mBord maidir le leithdháileadh cistí taighde.

Ba iad comhaltaí an Fhochoiste Taighde in 2023:

| |
|---|
| An Dr Helen Buckley (Comhalta Boird) |
| Orlaith Traynor Uasal (Cathaoirleach an Údaráis) |
| An tOllamh Sheila Greene (Comhalta Boird) |
| An Dr Margo Anglim (Comhalta Boird) |
| An Dr Claire McGettrick, Comh-Stiúrthóir ar Thionscadal Clann (Comhalta Seachtrach) |
| An Dr Richard Sullivan, Ollamh Emeritus, Ollscoil British Columbia (Comhalta Seachtrach) |
| An tUasal Philip Crosby (POF eatramhach Eanáir-Márta) |
| An tUasal Colm O'Leary (POF eatramhach Aibreán-Nollaig) |
| An Dr Judy Lovett (Oifigeach Taighde) |
| An tUasal Darren Broomfield (Príomhoibrí Sóisialta) |
| An tUasal Gordon Corrigan (Ardoifigeach Feidhmiúcháin Faisnéise agus Taifead) |
| An tUasal Mark Kirwan (Bainisteoir, Aonad Uchtála Baile) |
| Orla Bolger Uasal (Bainisteoir, Aonad Uchtála Idir Tíortha) |

Tháinig an Fochoiste Taighde le chéile trí huaire in 2023.

## Rialachas

Bunaíodh Bord Údarás Uchtála na hÉireann faoin Acht Uchtála, 2010. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in Alt 96 den Acht sin. Tá an Bord cuntasach don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Déanann sé an méid sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó uile.

Tá an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil Údarás Uchtála na hÉireann. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an mórthreoir straitéiseach a leagann an Bord síos, agus ní mór dóibh féachaint chuige go mbeidh tuiscint shoiléir ag na comhaltaí boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an Údarás, agus ar aon rioscaí móra is dóigh a thiocfaidh chun cinn. Nasc díreach is ea an Príomhfheidhmeannach idir an Bord agus foireann agus lucht bainistíochta Údarás Uchtála na hÉireann.

### Freagrachtaí

*An Bord*

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i gCód Rialachais Údarás Uchtála na hÉireann.

Faoi Alt 112 den Acht Uchtála, 2010, ceanglaítear ar Phríomhfheidhmeannach an Údaráis na taifid chuntais eile go léir is cuí agus is gnách a choinneáil ar airgead a fhaigheann an tÚdarás agus a chaitheann sé i cibé foirm a fhormheasfaidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin a d'ullmhaigh an Príomhfheidhmeannach á mbreithniú aige, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin más míchuí a ghlacadh leis go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú; agus
- A lua ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Príomhfheidhmeannach taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina nochtar, le cruinneas réasúnta ag aon tráth, a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 112 den Acht Uchtála, 2010. Is é an Bord atá freagrach as coinneáil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Is é an Bord atá freagrach as an bPlean Gnó agus an buiséad bliantúil a fhormheas agus déanann sé measúnú rialta ar fheidhmíocht an Údaráis trí thagairt don Phlean Gnó bliantúil agus don bhuiséad ag cruinnithe Boird.

Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta reasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Bord cuntasach don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus, tríd an Aire, don rialtas. Tá sé cuntasach freisin, tríd an bPríomhfheidhmeannach ina ról mar Oifigeach Cuntasaíochta, don Oireachtas faoi Choiste na gCuntas Poiblí agus faoi choistí eile de chuid an Oireachtais. Ní mór don Bhord Tuarascáil Bhliantúil a chur isteach, agus cibé faisnéis eile a theastaíonn ón Aire.

### *Cathaoirleach*

Is é príomhról an Chathaoirligh ceannaireacht a sholáthar don Bhord agus don Údarás maidir le comhlíonadh na bhfreagrachtaí a shanntar dó faoina reacht bunaithe.

Baineann dualgais shonracha an Chathaoirligh le bainistiú an Údaráis mar seo a leanas:

- Cláir oibre a leagan síos go cuí, bainistíocht agus tacaíocht do chruinnithe Boird;
- Cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe Boird ag a ndéanfar cinntí soiléire agus ag a mbainfear amach cothromaíocht idir an méid atá le rá ag Comhaltaí an Bhoird agus ag an bPríomhfheidhmeannach agus an lucht feidhmiúcháin;
- A chinntiú go gcoinnítear taifead cruinn i miontuairiscí an chruinnithe ar na cinntí a rinneadh;
- Feidhmíocht an Bhoird a mheas;
- A chinntiú go dtuigeann comhaltaí an Bhoird a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach agus go mbíonn an Bord ag feidhmiú ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil;
- Tuarascáil Chuimsitheach a chur ar fáil don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gcomhar le Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais Údarás Uchtála na hÉireann i gcomhlíonadh na Socruithe Airgeadais agus Tuairiscithe faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Bainistiú a dhéanamh ar an gcaidreamh/cumarsáid leo seo a leanas:

- An Príomhfheidhmeannach, lena n-áirítear meastóireacht feidhmíochta an Phríomhfheidhmeannaigh;
- An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus a Roinn;
- Príomhpháirtithe seachtracha eile agus trí obair agus misean an Údaráis a chur chun cinn;
- An Bord, le meon measa, muiníne agus macántachta a fhágann gur féidir ceisteanna dúshlánacha agus ionchur dúshlánach a phlé;
- An Fochoiste nó na Fochoistí Oireachtais cuí.

### *An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin*

Foráiltear san Acht Uchtála, 2010 gurb é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta d'Údarás Uchtála na hÉireann agus tugtar sainmhíniú soiléir ann ar an gcreat cuntasachta a bhfuil Údarás Uchtála na hÉireann faoina réir. Tacaíonn an creat rialachais agus socruithe rialachais chorparáidigh laistigh den eagraíocht leis an méid sin.

Chomh maith leis na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choinneáil ar airgead a fhaigheann agus a chaitheann Údarás Uchtála na hÉireann, tá an Príomhfheidhmeannach freagrach freisin as

- Cur i bhfeidhm na mbeartas arna bhfaomhadh ag an mBord;
- Bainistíocht laethúil na mball foirne;
- Údarás Uchtála na hÉireann a riar, a bhainistiú agus a rialú ar bhonn ginearálta;
- An buiséad bliantúil a ullmhú lena fhaomhadh ag an mBord agus é a chur faoi bhráid RLCMLÓ;
- An fhaisnéis is déanaí a sholáthar don Bhord, agus do choistí eile de chuid an Bhoird, maidir le bainistiú Údarás Uchtála na hÉireann;
- Cur i bhfeidhm beartais agus dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bPlean Straitéiseach.

## Stipinn na gComhaltaí Boird

Tá táille bhliantúil €7,965 iníoctha le comhaltaí an Bhoird mar aon le speansais taistil agus chothaithe ag na rátaí a leagan an Roinn Airgeadais síos. De réir rialacháin na Roinne Airgeadais, ní íoctar táillí le comhaltaí Boird atá fostaithe mar sheirbhísigh phoiblí faoi láthair. Ó mhí na Samhna 2020, mar aitheantas ar chineál garbhreithiúnach chinntí agus obair an Údaráis, íoctar suim €57,646 in aghaidh na bliana leis an gCathaoirleach. Is go ráithiúil i riaráiste a dhéantar gach íocaíocht.



# Rialachas Corparáideach



## Rialachas Corparáideach

Is é an tAcht Uchtála, 2010 an bonn reachtúil faoinár bunaíodh an tÚdarás.

Feidhmíonn an tÚdarás de réir phrionsabail dea-chleachtais an rialachais chorparáidigh i gcomhréir leis an Acht Uchtála, 2010 agus, nuair is infheidhme, i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

### Rialú Airgeadais

Déantar buiséad an Údaráis a leithdháileadh trí RLCMLÓ. Is é an Príomhfheidhmeannach Oifigeach Cuntasaíochta an Údaráis. In 2023, b'ionann leithdháileadh airgeadais an Údaráis Uchtála agus €7,372,000.

Mar a leagtar amach in Alt 112 den Acht Uchtála, 2010, tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú agus as rialtacht idirbhearta an Údaráis a chinntiú.

I measc na bhfeidhmeanna atá mar bhonn agus taca ag na freagrachtaí sin, tá údarú agus faireachán a dhéanamh ar íocaíochtaí as ucht earraí agus seirbhísí, próisis tairisceana, agus tuairisceáin mhíosúla a thiomsú do RLCMLÓ.

Bíonn na Ráitis Airgeadais faoi réir a n-iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (OACC). Rinne OACC iniúchadh ar Ráitis Airgeadais na bliana 2023 agus rinne sé iad a fhormheas, agus foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Is iad Crowleys DFK, Cuntasóirí Cairte, a chuir seirbhísí cuntasaíochta ar fáil don Údarás le linn 2023.

### Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá freagracht iomlán ar an mBord as rialú inmheánach airgeadais an Údaráis. Tarmligeann sé freagracht chuig CRI as faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na bainistíochta riosca agus na timpeallachta rialaithe inmheánaigh. Faigheann an coiste tuarascálacha rialta ón lucht bainistíochta, ón bPríomhoifigeach Riosca, agus ó iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha. Tá socruithe den sórt sin ceaptha chun na rioscaí atá roimh Údarás Uchtála na hÉireann a bhainistiú seachas fáil réidh leo.

### Bainistíocht Buiséid

Ullmhaíonn an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta buiséad bliantúil a bhunaítear ar riachtanais oibriúcháin agus forbartha an Údaráis. Cuireann an Príomhfheidhmeannach an buiséad faoi bhráid an Bhoird lena fhaomhadh. Maidir leis an bhfreagracht laethúil as caiteachas a bhainistiú laistigh de theorainneacha buiséid, déantar í a shannadh ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar Cheann na Comhlíontachta, le tacaíocht ó chomhairleoirí airgeadais seachtracha an Údaráis. Déanann an fhoireann ardbhainistíochta agus an Príomhfheidhmeannach dlúthfhaireachán ar chaiteachas le tacaíocht ó na comhairleoirí airgeadais seachtracha. Cuirtear tuarascálacha ar fáil do RLCMLÓ mar chuid den phróiseas íostarraingthe.

### An Coiste Riosca agus Iniúchóireachta

Tá duine seachtrach ina chathaoirleach ar CRI agus ar an gcoiste sin freisin tá Cathaoirleach an Bhoird, comhalta den Bhord agus comhalta seachtrach amháin eile a bhfuil saineolas agus taithí mhór ghnó aige nó aici san earnáil phoiblí agus/nó san earnáil phríobháideach. (féach an liosta comhaltaí ar lch 20). Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Ceann Comhlíontachta ar gach cruinniú coiste. Tháinig CRI le chéile ceithre huaire le linn 2023 agus bhuail sé le hionadaithe ó OACC, chomh maith le hiniúchóirí inmheánacha. Choinnigh CRI miontuairiscí nó tuairiscí eile ar a chuid cruinnithe agus gníomhaíochtaí. Ina Thuarascáil Bhliantúil i leith 2023, léirigh CRI go raibh sé sásta leis an timpeallacht rialaithe airgeadais ghinearálta ina bhfeidhmíonn an tÚdarás.

Tá ról bunúsach ag CRI maidir lena chinntiú go bhfeidhmíonn an tÚdarás de réir dea-chaighdeáin rialachais, chuntasaíochta agus iniúchóireachta agus go nglacann sé socruithe bainistíochta agus riosca cuí. Déanann sé an méid sin trí mhaoirsiú a dhéanamh ar an mBord agus ar an bPríomhfheidhmeannach, ina ról mar Oifigeach Cuntasaíochta, ar na nithe seo a leanas agus comhairle a chur orthu i ndáil leo:

- Na próisis straitéiseacha maidir le riosca, rialú inmheánach agus rialachas;
- Na beartais chuntasaíochta, na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear isteach le haghaidh

iniúchta iad, leibhéal na n-earráidí arna n-aimsiú, agus litir ionadaíochta an lucht bainistíochta chuig na hiniúchóirí seachtracha;

- An ghníomhaíocht atá pleanáilte agus torthaí na n-iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha araon;
- Leordhóthanacht fhreagra an lucht bainistíochta ar shaincheisteanna a eascraíonn ón iniúchadh, lena n-áirítear litir ionadaíochta bainistíochta an iniúchóra sheachtraigh;
- Dearbhuithe a bhaineann le bainistíocht riosca agus ceanglais rialachais chorparáidigh i leith Údarás Uchtála na hÉireann;
- Tograí maidir le tairiscintí a dhéanamh ar sheirbhísí iniúchóireachta inmheánaí nó seachtracha nó maidir le seirbhísí neamh-iniúchóireachta a cheannach ó chonraitheoirí a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta;
- Beartais frithchalaoise, próisis nochta faoi chosaint, agus socruithe le haghaidh imscrúduithe speisialta; agus
- Déanann CRI athbhreithniú tréimhsiúil ar a éifeachtacht féin agus tuairiscíonn sé torthaí an athbhreithnithe sin don Bhord.

Áiríodh i gclár oibre an Choiste in 2023

- Athbhreithniú ar na Dréacht-Ráitis Airgeadais Bhliantúla don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022;
- Plé agus faomhadh an Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí agus na Cairte Iniúchóireachta Inmheánaí;
- Faomhadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Soláthair 2023;
- Dréacht-Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird;
- Dréacht-Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach 2022;
- Iniúchadh OACC ar Ráitis Airgeadais 2022;
- Comhlachtaí creidiúnaithe;
- Buiséad 2023 agus Dréachtbhuiséad 2024;
- Athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánaigh airgeadais;
- Seicliosta na Rialuithe Inmheánacha;
- Torthaí an athbhreithnithe inmheánaigh ar éifeachtacht;
- Athbhreithniú ar bhuiséad na bliana go dtí seo i gcomparáid leis an gcaiteachas iarbhír;
- An Beartas Bainistíochta Riosca agus an Clár Rioscaí a phlé agus a fhaomhadh;
- Tuarascáil Bhliantúil CRI don Bhord a ullmhú.

I measc na n-iniúchtaí a choimisiúnaigh CRI bhí athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, athbhreithniú ar Acmhainní Daonna agus Párolla, athbhreithniú ar an tuarascáil maidir le Leanúnachas Gnó agus Pleanáil Athshlánaithe ó Thubaiste, athbhreithniú ar chosaint sonraí agus athbhreithniú ar chobhsaíocht airgeadais Helping Hands Adoption Mediation Agency (HHAMA), an ghníomhaireacht atá creidiúnaithe ag an Údarás chun uchtálacha idir tíortha a éascú agus a idirghabháil a dhéanamh iontu.

Chuir Cathaoirleach CRI Tuarascáil Bhliantúil 2022 CRI faoi bhráid an Bhoird go foirmiúil ag cruinniú an Bhoird ar an 09 Bealtaine 2023.

## Bainistíocht Riosca

Bíonn bainistíocht riosca éifeachtach ina taca ag an dea-rialachas. Tá próiseas réamhghníomhach bainistíochta riosca ag an Údarás mar chuid dá chreat rialachais. Is é an Bord, le tacaíocht ó CRI agus ón bhfoireann ardbhainistíochta, a thugann treoir cheannaireachta maidir le bainistíocht riosca. Faomhann an Bord creat agus beartas bainistíochta riosca an Údaráis. Fágann sé sin go bhfuil cur chuige pleanáilte, córasach á ghlacadh maidir le catagóirí éagsúla rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú: Cúrsaí Airgeadais, Comhlíonadh agus Rialachas, Gnéithe Straitéiseacha, Gnéithe Oibríochtúla, Páirtithe Leasmhara agus Cáil.

Duine den fhoireann ardbhainistíochta is ea an Príomhoifigeach Riosca agus tuairiscíonn an té sin go díreach don Phríomhfheidhmeannach, do CRI agus don Bhord. Leagtar amach sa Chlár Rioscaí Corparáideach na mór-rioscaí atá roimh an Údarás mar aon leis na rialuithe agus na bearta atá ann cheana chun iad a mhaolú, agus sainaithnítear úinéirí agus spriocdhátaí le haghaidh críochnaithe. Déantar rioscaí a chatagóiriú mar chinn Arda, Mheánacha agus Ísle. Cuireadh tuarascáil ar na Míreanna Ardriosca ar fáil don Bhord gach mí in 2023.

## An Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí

Feidhm bhreithmheasa neamhspleách is ea an iniúchóireacht inmheánach chun dearbhú a sholáthar don Bhord, do CRI, don Phríomhfheidhmeannach agus do gach leibhéal bainistíochta maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na gcóras rialachais, riosca agus rialuithe inmheánaigh atá i bhfeidhm in Údarás Uchtála na hÉireann.

Déantar an fheidhm iniúchóireachta inmheánaigh a sheachfhoinsiú. Feidhmíonn sí de réir cairt iniúchóireachta

arna faomhadh ag an mBord agus plean iniúchóireachta bliantúil arna fhaomhadh ag an bPríomhfheidhmeannach agus CRI. Agus iniúchtaí á ndéanamh aige, cloíonn an conraitheoir leis an treoir ón Institiúid um Chaighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí, arna oiriúnú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe lena húsáid i ranna rialtais.

An conradh chun seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánacha a sholáthar, a rinneadh in 2019 tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais faoin gcreat atá bunaithe ag an oifig sin le haghaidh seirbhísí cuntasaíochta agus iniúchóireachta, tháinig deireadh leis ag deireadh 2023. I mí na Samhna 2023 bhain an tÚdarás leas as seirbhísí na hOifige sin chun seirbhísí agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh don am atá le teacht.

## Soláthar

Feidhmíonn Údarás Uchtála na hÉireann faoi na Treoirlínte Soláthair Phoiblí lena dtugtar treoir maidir le gach gníomhaíocht i ndáil le beartas soláthair agus lena gcinntítear go gcomhlíontar cuspóirí agus príomhphrionsabail na hiomaíochta, na córa comhionainne agus na trédhearcachta atá ina mbonn agus taca ag rialacha na tíre seo agus rialacha an Aontais Eorpaigh.

Baineann an tÚdarás leas as conarthaí láraithe bainistithe a chuir an Oifig um Sholáthar Rialtais i bhfeidhm lena n-áirítear conarthaí i gcomhair stáiseanóireachta, soláthairtí oifige, fótachóipeála, agus taisteal thar lear. Bíonn an tÚdarás i gcomhairle leis an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le riachtanais soláthair atá aige anois agus a bheidh aige amach anseo. In 2023, síníodh cúig chonradh le luach conarthach iomlán os cionn €25,000 i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, nuair a bhí siad ar fáil, i gcomhréir le Plean Soláthair 2023 an Údaráis. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal soláthair is tábhachtaí in 2023 ná athchóirithe ar urlár na talún chun go bhféadfaí taifid a stóráil ann, agus fuarthas seirbhísí bainistíochta tionscadail agus seirbhísí tógála araon. I measc na mórsheirbhísí eile a fuarthas tá forbairt agus cothabháil leanúnach an chórais bainistíochta doiciméad agus seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí.

Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023, dearbhaíonn Údarás Uchtála na hÉireann go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear le rialacha agus treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le soláthar.

## Nochtaí Cosanta

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, éascaítear d'oibrithe ábhar imní a ardú maidir le héagóir nó éagóir fhéideartha san ionad oibre trí chineálacha áirithe cosanta a chur ar fáil dóibh ó ghníomh a d'fhéadfaí a dhéanamh ina gcoinne as ucht sin a dhéanamh.

Foráiltear san Acht do mhodhanna éagsúla nochta cosanta ag brath ar na cúinsí agus tugtar cosaint i ndáil le nochtadh a dhéanann oibrithe lena n-áirítear fostaithe atá ann faoi láthair nó iarfhostaithe, conraitheoirí, comhairleoirí, oiliúnaithe, baill foirne ghníomhaireachta agus intéirnigh.

Tar éis leasú na reachtaíochta, rinneadh athbhreithniú ar Bheartas um Nochtadh Cosanta an Údaráis chun na leasuithe reachtúla a chur san áireamh. D'fhormheas an Bord an beartas athbhreithnithe agus nuashonraithe sin maidir le nochtadh cosanta ag a chruinniú i mí an Mheithimh 2023. Díríodh aird na foirne ar fad ar an mbeartas agus foilsítear é ar shuíomh gréasáin Údarás Uchtála na hÉireann.

Le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ceanglaítear go bhfoilseofar tuarascáil gach bliain a bhaineann le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh an bhliain roimhe sin. De bhun an cheanglais sin, deimhníonn Údarás Uchtála na hÉireann nach bhfuarthas aon tuairiscí agus/nó go bhfuil siad faoi imscrúdú de réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú in 2022) i leith na bliana airgeadais ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

### Eitic in Oifigí Poiblí

Faoi fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, ceanglaítear ar chomhaltaí Boird Údarás Uchtála na hÉireann agus ar roinnt ball foirne den Údarás leasanna ábhartha a nochtadh. Iarrtar ráitis bhliantúla maidir le leasanna ar chomhaltaí Boird Údarás Uchtála na hÉireann mar gur stiúrthóirí ainmnithe iad, faoin reachtaíocht eitice, agus ní mór na ráitis bhliantúla sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Ceanglaítear ar aon bhall foirne de chuid Údarás Uchtála na hÉireann a meastar go bhfuil post fostaíochta ainmnithe aige nó aici, ráiteas maidir le nochtadh leasa a chomhlánú freisin má tá leasanna acu le nochtadh, nuair a cheaptar iad agus ar bhonn bliantúil.

## Meastóireacht ar an mBord

Faoi Alt 4.6 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, tá ceanglas ar Bhoird na gcomhlachtaí Stáit go léir meastóireacht bhliantúil a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a gcoistí. Ceanglaítear faoin gcód go ndéanfar meastóireacht sheachtrach atá comhréireach le méid agus riachtanais an chomhlachta Stáit gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar an Údarás in 2020 agus cuireadh na moltaí a d'eascair ón tuarascáil sin i bhfeidhm. Rinne an tÚdarás a fhéinmheasúnú bliantúil i leith 2023 ag tús na bliana 2024. Is in 2024 a bheidh an chéad mheastóireacht sheachtrach eile ar an mBord agus ar a Choistí le déanamh.

## Cur i bhFeidhm an Dualgais um Chomhionannas san Earnáil Phoiblí agus an Dualgais um Chearta an Duine

Tá dualgas reachtúil ar gach comhlacht poiblí in Éirinn leithcheal a chosc, an comhionannas a chur chun cinn, agus cosaint a thabhairt do chearta daonna a gcuid fostaithe, úsáideoirí seirbhíse agus iad siúd go léir a bhfuil tionchar ag a gcuid beartas agus pleananna orthu. Is oibleagáid é sin a eascraíonn as Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Sa Phlean Straitéiseach don tréimhse 2022–2024, geallann an tÚdarás measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna a bhaineann lena chuspóir agus lena fheidhmeanna agus déanfar dul chun cinn leis sin in 2024.

## An tAcht um Míchumas

Faoin Acht um Míchumas, 2005 leagtar oibleagáid reachtúil ar eagraíochtaí seirbhíse poiblí tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí agus ar áiseanna. De réir na hoibleagáide a leagtar ar gach comhlacht poiblí, cuirimid chun cinn agus tacaímid le fostú daoine faoi mhíchumas. In 2023, rinne Údarás Uchtála na hÉireann iarrachtaí an sprioc fostaíochta íosta 3% a bhaint amach maidir le daoine faoi mhíchumas ach is cosúil nár chomhlíonamar an ceanglas sin. Neartóimid ár n-iarrachtaí in 2024 chun an ceanglas sin a chomhlíonadh agus leanfaimid orainn ag cur chun cinn ár dtiomantas maidir le cur ar chumas na foirne go léir a gcuid oibre a dhéanamh ar bhonn comhionann trí thacaíocht a thabhairt dóibh agus freastal ar a riachtanais.

## An tAcht um Thús Áite do Leanaí

Táthar ag súil go mbeidh tuiscint ag gach comhalta foirne in Údarás Uchtála na hÉireann ar shábháilteacht leanaí. Aithníonn Údarás Uchtála na hÉireann go bhfuil gach duine freagrach as leanaí a chosaint ó dhochar. Ní mór do gach comhalta foirne tabhairt faoi chlár ríomhfhoghlama Tús Áite do Leanaí de chuid Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Tríd an duine iomchuí, cuirfidh an fhoireann oibre sóisialta an fhoireann ar an eolas maidir le haon saincheisteanna nó treoir nua sa réimse. Tá Údarás Uchtála na hÉireann tiomanta do dhul i ngleic le gach ábhar imní ar bhealach atá íogair, báúil, tráthúil, agus ag teacht le treoirlínte reachtúla. Tá Údarás Uchtála na hÉireann tiomanta go hiomlán don Ráiteas maidir le Cosaint Leanaí sin a chur i bhfeidhm chomh maith leis na nósanna imeachta chun tacú leis an bhfoireann leanaí a choinneáil slán ó dhochar.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá roinnt oibleagáidí dlíthiúla ar Údarás Uchtála na hÉireann a leagtar amach faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. De réir na n-oibleagáidí sin, foilsíonn Údarás Uchtála na hÉireann leaganacha Gaeilge de dhoiciméid a bheidh ar fáil don phobal, doiciméid cosúil leis an Tuarascáil Bhliantúil agus fógraí maidir le folúntais. Freagraítear i nGaeilge gach ceist, iarraidh maidir le Saoráil Faisnéise, gearán agus teachtaireacht eile a fhaightear i nGaeilge. Tá lógó Údarás Uchtála na hÉireann i nGaeilge ar gach stáiseanóireacht ar a bhfuil branda an Údaráis (m.sh. páipéar ceannchlóite). Le linn 2023 thosaigh Údarás Uchtála na hÉireann ag déanamh athbhreithniú ar an bhfaisnéis ar fad a chuirtear ar fáil i nGaeilge agus á nuashonrú, agus tá an obair sin fós ar bun in 2024.

# Plean Straitéiseach 2022–2024



Faoi Alt 108 den Acht Uchtála, 2010, ceanglaítear ar an Údarás Plean Corparáideach/Straitéiseach trí bliana a ullmhú agus a chur isteach.

I mí Feabhra 2022, sheol Údarás Uchtála na hÉireann a Phlean Straitéiseach i leith na tréimhse 2022–2024. In 2023, bhí Plean Straitéiseach 2022–2024 fós ina threoir uileghabhálach don phleanáil gnó bhliantúil ar feadh na tréimhse sin agus is treoirphlean a bhí ann don Údarás inar leagadh amach na príomhthosaíochtaí, spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha, chun cur ar chumas an Údaráis an caighdeán is airde is féidir a chur ar fáil agus a chinntiú maidir le seirbhísí uchtála in Éirinn.

I rith na bliana 2023, lean Údarás Uchtála na hÉireann ar aghaidh ag comhlíonadh ár dtiomantas maidir le seirbhís uchtála agus seirbhísí i ndáil le fáisnéis bhreithe agus rianú den scoth a chur ar fáil don phobal i gcónaí agus rinne an tÚdarás obair chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcumarsáid leis an bpobal agus leo siúd atá páirteach sna próisis uchtála chun feasacht agus tuiscint níos fearr a chur chun cinn maidir leis an uchtáil.

Is léiriú iad na tosaíochtaí straitéiseacha don tréimhse 2022–2024 a shonraítear i bhFíor 1 thíos ar thiomantas Údarás Uchtála na hÉireann d'aitheantas a bhaint amach mar lárionad barr feabhais agus mar phríomhfhoinse údarásach faisnéise ar gach gné den uchtáil agus mar sholáthraí agus rialtóir seirbhísí uchtála ar ardchaighdeán.

**Fíor 1:** *Tosaíochtaí agus Spriocanna Straitéiseacha 2022–2024*

| Tosaíochtaí | Spriocanna | | |
|---|---|---|---|
| **1.** Tugtar tús áite i gcónaí don leanbh agus ní mór féachaint dá leas i ngach cás uchtála. | **1.1.** Is é an phríomhsprioc a bhíonn le gach cás uchtála ná go dtabharfar aird ar leas an linbh/duine óig ar feadh an phróisis uchtála agus go bhfreastalófar ar an leanbh ar bhealach tráthúil, fiúntach. | | |
| **2.** Na caighdeáin is airde seirbhísí uchtála a bhaint amach. | **2.1** A chinntiú gur féidir le gach páirtí iomchuí a gceart chun éisteacht a chur i bhfeidhm ar feadh an phróisis uchtála go léir agus tacú le hiarratais ar chúnamh dlíthiúil nuair a bhíonn sé sin ag teastáil ó thuismitheoirí. | **2.2** An caighdeán is airde a bhaint amach maidir le rialú agus feidhmiú na seirbhísí uchtála a sholáthraíonn an tÚdarás féin nó na gníomhaireachtaí atá creidiúnaithe ag an Údarás. | |
| **3.** An tAcht um Fháisnéis Bhreithe agus Rianú a chur i bhfeidhm go héifeachtach. | **3.1** A chinntiú go leanfar den AFBR a chur i bhfeidhm. | **3.2** Eagraíocht a fhorbairt atá réidh le dul in oiriúint go tapa d'athruithe ar an reachtaíocht. | |
| **4.** Ár gcomhaltaí foirne a chumasú agus oibríochtaí éifeachtacha a chur i bhfeidhm. | **4.1** Lucht saothair a fhorbairt agus a chothú a bhfuil an cumas, an acmhainn agus an tsolúbthacht acu chun a n-uaillmhianta gairme a bhaint amach, agus freastal ar an athrú a thagann ar riachtanais i réimse na huchtála. | **4.2** Struchtúr eagraíochta an Údaráis, a phróisis, agus a theicneolaíocht a fhorbairt ionas gur féidir an Plean Straitéiseach a chur i bhfeidhm. | |
| **5.** Rialachas stuama agus caidreamh tacúil le páirtithe leasmhara a bhaint amach. | **5.1** Socruithe rialachais, bainistíochta riosca agus comhlíontachta a fhorbairt atá éifeachtach, cuntasach. | **5.2** Caidreamh stuama oibre agus comhar láidir le páirtithe leasmhara a chothú i réimse na huchtála. | **5.3** Feabhas a chur ar an bhfeasacht agus an tuiscint ar an bpróiseas uchtála i measc páirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne. |
| **6.** Cultúr nuálaíochta a chothú. | **6.1** Modhanna nuálacha a fhorbairt agus a chothú lena chinntiú go bhfuil na seirbhísí uchtála a sholáthraíonn an tÚdarás, agus na gníomhaireachtaí atá creidiúnaithe ag an Údarás, ar chaighdeán den scoth. | **6.2** Cumas an Aonaid Taighde a leathnú agus a fhorbairt lena chur ar a chumas don Údarás ceannaireacht shoiléir a léiriú i dtaobh an taighde ina réimse féin. | |

## Plean Gnó 2023

Is é an Plean Straitéiseach 2022–2024 an treoir uileghabhálach don phleanáil gnó bhliantúil ar feadh na tréimhse sin. Is ar an bPlean Straitéiseach atá príomhchodanna Phlean Gnó 2023 bunaithe, agus tharla roinnt gníomhaíochtaí neamhphleanáilte eile i rith na bliana freisin.

I mí Iúil agus i mí Dheireadh Fómhair, faoi seach, rinne Údarás Uchtála na hÉireann é a cheiliúradh go raibh bliain imithe ó cuireadh i bhfeidhm na seirbhísí faoin AFBR, lena n-áirítear an CST a chur i bhfeidhm ar bhonn reachtúil agus seirbhísí faisnéise agus rianaithe a chur ar fáil. Maidir leis an tseirbhís rianaithe, tá níos mó iarratais rianaithe faighte ag Údarás Uchtála na hÉireann ná mar a fuarthas riamh cheana, agus tá siad sin ar fad leithdháilte ar Oibrithe Sóisialta le dul chun cinn a dhéanamh leo laistigh de shé mhí ón dáta a fuair an tÚdarás iad.

Le linn 2023, leanamar orainn ag comhlíonadh ár ngealltanais maidir le seirbhísí uchtála den scoth a sholáthar don phobal i gcónaí, agus muid ag díriú go tréan ar ár bpríomhluachanna: béim ar leas an linbh, cáilíocht, cuntasacht agus meas. D'oibríomar i ndlúthchomhar lenár rannóg líne (RLCMLÓ), chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara le linn 2023 ar roinnt tionscnamh. Leanadh leis an digitiú ar thaifid uchtála an Údaráis agus rinneadh obair mhór ar chóras bainistíochta doiciméad na heagraíochta. Rinneadh athchóiriú ar an oifig chun áit chompordach, shábháilte a chur ar fáil dár lucht saothair, a bhfuil méadú ag teacht air. Bhain Údarás Uchtála na hÉireann leas as seirbhísí Cheannaire Dearaidh Seirbhísí Foirgníochta chun tacaíocht a chur ar fáil maidir le feistiú stórála do thaifid ábhartha. Cuireadh tús le hoibreacha tógála don fheistiú sin in 2023 agus táthar ag súil é a chríochnú in 2024.

Leanamar leis an bhfócas atá againn ar ár gcumas taighde a fhorbairt leis an bhFoireann Taighde. Earcaíodh Cúntóir Taighde buan in 2023 chun bheith ina chomhalta den fhoireann agus chun tacú le cur i bhfeidhm na bpríomhchuspóirí agus na dtionscadal a sainaithníodh le cur i bhfeidhm sa Straitéis Taighde 2023–2025.

Le linn 2023, chinntigh Údarás Uchtála na hÉireann gur cuireadh an-tacaíocht ar fáil dár bhfoireann tríd ár gClár Folláine. Cuireadh tús le roinnt tionscnamh agus imeachtaí, lena n-áirítear ranganna ióga agus cainteanna ón gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus ó Fhoras Croí na hÉireann. In 2023, bunaíodh Coiste Sóisialta Údarás Uchtála na hÉireann, agus d'eagraigh an coiste roinnt imeachtaí tar éis na hoibre. Trí chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais, fuair an tÚdarás soláthraí chun Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (CCF) a chur ar fáil chun tacú leis an bhfoireann an fholláine a chaomhnú agus a fheabhsú san ionad oibre.



# Imeachtaí agus Taisteal 2023



## Cuairt thoscaireacht idirdhisciplíneach Vítneam ar Éirinn

I mí na Bealtaine 2023, chuir an tÚdarás fáilte roimh thoscaireacht idirdhisciplíneach ina raibh seisear ón Roinn Uchtála–Aireacht Cirt, arb iad an t-údarás lárnach i Vítneam agus contrapháirtí an Údaráis iad.

I gcomhar lena chéile, rinne ionadaithe ó Údaráis Lárnacha na hÉireann agus Vítneam athbhreithniú ar an gcomhar uchtála idir tíortha idir an dá thír le blianta beaga anuas; roinneadh faisnéis maidir le beartais, dlíthe, eispéiris, dea-chleachtas agus bealaí chun cinn; rinneadh athbhreithniú ar obair HHAMA, gníomhaireacht idirghabhála uchtála na hÉireann atá ceadúnaithe oibriú i Vítneam; agus pléadh lánpháirtiú agus forbairt leanaí Vítneamacha a uchtaíodh in Éirinn.

Rinne oifigigh ó RLCMLÓ cur i láthair do thoscaireacht Vítneam maidir le cur i bhfeidhm an AFBR.

## Freastal ar Chomhdhálacha

Thaistil ionadaithe ón Údarás chun páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha éagsúla in 2023 chun faisnéis a fháil agus a roinnt agus chun cumarsáid a fheabhsú le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí eile.

Tharla an dara Fóram Idirnáisiúnta Máthairionadaíochta in 2023 i gCóbanhávan sa Danmhairg, ar an 8–9 Meitheamh. Bhí seisiúin ag an gcomhdháil, dar teideal 'Global surrogacy in a changing world – Ethical, practical and legal developments in assisted reproduction and cross-border parenthood', inar tugadh tuairisc ar fhorbairtí maidir le máthairionadaíocht ar fud na cruinne, maidir le guthanna leanaí agus cearta leanaí, maidir le tuairimí na máithreacha ionaid agus maidir le ról na ngníomhaireachtaí.

I mí Lúnasa, tháinig Comhdháil Bhliantúil an Chumainn Cartlann agus Taifead (CCT) ar ais go Béal Feirste den chéad uair ó 2007 i leith. Is é an téama 'Pobail' a bhí leis an gcomhdháil CCT agus pléadh sé ábhar ann – Cartlanna & Taifid, Caomhnú, Coimeád Taifead mar ghairm, Úsáideoirí agus pobail, Rialachas Digiteach agus Faisnéise – chun pobail úsáideoirí, páirtithe leasmhara, comhghleacaithe agus comhoibrithe a spreagadh.

Reáchtáil an Líonra Uchtála Idir Tíortha a sheimineár i mBeirn san Eilvéis, i mí na Samhna. Glacann an Líonra cur chuige neamhfhoirmiúil, comhoibríoch maidir le malartú faisnéise i measc na dtíortha a ghlacann le huchtálacha.

San Eilvéis freisin i mí na Samhna, d'óstáil cathair Sierre an 13ú comhdháil Idirnáisiúnta um Chosaint Aitheantais Leanaí, dar teideal 'The "Manufactured" Child - What are the challenges for children's rights, identity and origins?'. Ag an gcomhdháil, rinneadh plé réamhghníomhach idirdhisciplíneach idir páirtithe leasmhara – leanaí atá ina ndaoine fásta anois a rugadh mar thoradh ar theicneolaíocht atáirgthe cuidithe (TAC), gairmithe, tuismitheoirí a bhain leas as TAC, polaiteoirí, lucht na hacadúlachta – maidir le cearta leanaí agus na teicnící nua TAC, maidir le béim a chur ar an dea-chleachtas chomh maith leis an mí-úsáid a fhágann go gceadaítear nó go gcuirtear isteach ar mheas ar chearta leanaí i ndáil lena bhféiniúlacht agus lena saol teaghlaigh, maidir le cur leis an eolas eolaíoch agus dlíthiúil sa réimse sin, agus maidir le huirlisí nithiúla a chur ar fáil do na gairmithe a oibríonn leis na leanaí sin agus lena dteaghlaigh.

D'fhreastail an tOifigeach Taighde ar chomhdháil Chumann Domhanda Meabhairshláinte na Naíonán i mBaile Átha Cliath i mí Iúil, agus ar chomhdháil an Líonra Taighde Leanaí in UCD i mí na Nollag. Bhí an dá chomhdháil thar a bheith ábhartha agus faisnéiseach don Taighde, agus cuireadh aon phointí suntais in iúl don Fhochoiste Taighde, don fhoireann ardbhainistíochta agus don fhoireann ag cruinnithe ag a raibh an fhoireann ar fad.

*Féach freisin an rannán Taighde le haghaidh forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí líonraithe agus rannpháirtíochta na Foirne Taighde.*

# Oibríochtaí Uchtála






Déanann Príomhoifigeach maoirseacht ar oibríochtaí uchtála baile agus idir tíortha, agus tá an té sin ina Rúnaí Boird freisin.

## Uchtáil Bhaile

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí


*Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta*

I ngach cás uchtála, ní mór Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí a bheith ag na hiarratasóirí. San iomlán, deonaíodh 103 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta in 2023, sin méadú trí chinn ón mbliain roimhe sin. Cuireadh síneadh ama le 14 Dhearbhú in 2023, sin méadú cúig chinn ón mbliain roimhe sin. I bhformhór na gcásanna, deonaíodh Dearbhuithe laistigh de thrí nó ceithre seachtaine ó fuarthas an t-iarratas.

As measc na nDearbhuithe a deonaíodh, deonaíodh 92 i leith daoine pósta nó lánúineacha, seacht gcinn i leith daoine nó lánúineacha a chónaíonn in aontíos, ceann amháin i leith páirtnéireachtaí sibhialta, agus trí cinn i leith iarratasóirí singile.


*Orduithe Uchtála*

Fuair an tÚdarás 117 iarratas uchtála in 2023, agus deonaíodh 90 Ordú Uchtála i rith na bliana. Is laghdú é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, inar deonaíodh 102. Bhain formhór na n-orduithe a deonaíodh le huchtáil i gcás leastuismitheora – 47 cás san iomlán a bhí i gceist ansin. Rinneadh 30 ordú uchtála i leith leanaí a bhí faoi chúram altrama fadtéarmach in 2023. Maidir leis an gcuid eile, bhain ocht gcinn le naíonáin arna suíomh lena n-uchtáil díreach tar éis a mbreithe, agus cúig chás ina raibh leanaí ina gcónaí le daoine den mhórtheaghlach.




**Fíor 2:** *Orduithe Uchtála a deonaíodh in 2023*

Ní féidir Orduithe Uchtála a dheonú nuair a shlánaíonn leanbh 18 mbliana d'aois toisc go meastar faoin dlí gur duine fásta é nó í ansin. As 90 ordú uchtála a deonaíodh in 2023, bhí 37 cás ann ina raibh an leanbh 17 mbliana d'aois; 27 cás ina raibh sé nó sí idir 12 agus 16 bliana d'aois, 16 chás ina raibh sé nó sí idir seacht agus 11 bhliain d'aois, ceithre chás ina raibh sé nó sí idir dhá bhliain agus sé bliana d'aois agus sé chás ina raibh sé nó sí bliain d'aois.




**Fíor 3:** *Uchtálacha Baile de réir Aois an Linbh, a deonaíodh in 2023*

Rinne seirbhísí uchtála Tusla formhór na n-iarratas, 89, a mheasúnú agus a éascú. Rinne gníomhaireacht chreidiúnaithe Údarás Uchtála na hÉireann, Pact, na 28 iarratas eile a mheasúnú agus a éascú.

Faoin Acht Uchtála, 2010, tá oibleagáid ar an Údarás ordú Ard-Chúirte a fháil sular féidir dul ar aghaidh le cásanna áirithe uchtála.


Ní mór don Údarás iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ag iarraidh fógra don athair breithe agus comhairliúchán leis a ligean thar ceal sna cásanna seo a leanas:

- An cás nach eol don Údarás cé hé an t-athair breithe, nó
- An cás nach raibh an tÚdarás in ann an t-athair breithe a aimsiú chun fógra a thabhairt dó agus dul i gcomhairle leis, nó
- An cás inarb amhlaidh, mar gheall ar chineál an chaidrimh idir an mháthair bhreithe agus an t-athair, nár chuí fógra a thabhairt don athair breithe ná dul i gcomhairle leis.

In 2023, rinneadh 18 n-iarratas chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 30 den Acht ionas go bhféadfaí dul ar aghaidh le hiarratas uchtála gan dul i gcomhairle leis an athair breithe. Deonaíodh gach ceann de na 18 n-iarratas.

As na hiarratais sin, rinne an Ard-Chúirt 11 ordú i gcúinsí inar measadh go raibh sé míchuí, nó nárbh fhéidir, fógra a thabhairt don athair breithe ná dul i gcomhairle leis. Rinneadh na seacht n-ordú eile i gcásanna nárbh eol cérbh é an t-athair breithe.

In 2023, rinneadh iarratas amháin chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 18 den Acht. Éilítear é sin sa chás nach féidir dul i gcomhairle leis an athair breithe maidir lena leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil go luath i ndiaidh na breithe. Sa chás sin, níorbh eol cérbh é an t-athair agus deonaíodh an t-ordú.




**Fíor 4:** *Iarratais chuig an Ard-Chúirt*

Ionas gur féidir leis an Údarás ordú uchtála a dhéanamh, ní mór do Tusla (nó i gcásanna áirithe, na hiarratasóirí) iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 54 sna cásanna seo a leanas:

- I gcás nach bhfuil toiliú tuismitheora le fáil,
- I gcás ina bhfuil fadhb ann maidir leis na cúinsí a bhaineann le socrúchán an linbh leis na tuismitheoirí uchtála ionchasacha,

- agus inar féidir a léiriú gur theip ar an tuismitheoir/na tuismitheoirí ina ndualgas i leith a linbh agus gur chun leas an linbh atá sé é nó í an uchtáil.


In 2023, rinneadh 12 iarratas chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 54 den Acht agus deonaíodh iad sin in 2023. Sna cásanna sin go léir, níorbh fhéidir toiliú na máthar breithe ná an chaomhnóra a fháil..

## Uchtáil Idir Tíortha

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

*Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta*


Dheonaigh an tÚdarás 37 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta in 2023 d'iarratasóirí a bhí ag iarraidh leanbh a uchtáil ó thar lear agus chuir sé síneadh bliana le 18 nDearbhú a bhí deonaithe cheana (Fíor 5).




**Fíor 5:** *Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta a deonaíodh in 2023*

*Clár na nUchtálacha idir Tíortha*

In 2023, rinneadh 209 iontráil i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha de bhun iarratais ar uchtálacha a aithint. As an líon sin, bhí 184 iarratas ar uchtálacha a aithint ar cinn lasmuigh d'Éirinn iad a rinne duine nó daoine ar a bhfuil cónaí rialta lasmuigh den Stát (Fíor 6).





**Fíor 6:** *Uchtálacha idir tíortha a aithníodh in 2023 i gcás inarbh iad daoine ar a bhfuil cónaí rialta lasmuigh den Stát a rinne an uchtáil*

*Meaitseáil Leanaí*

Bíonn an fhoireann uchtála idir tíortha ag obair i gcomhar leis an bhfoireann oibre sóisialta agus le comhairleoir leighis, chun comhairle a thabhairt maidir le riachtanais leanaí a mheaitseáil le cumas agus acmhainn na dtuismitheoirí uchtála ionchasacha. In 2023, atreoraíodh 20 leanbh go hÉirinn ó thíortha eile. Déanann foireann ildisciplíneach an Údaráis athbhreithniú ar gach cás lena n-atreoraítear leanbh, agus ar an bhfoireann sin tá an Príomhoibrí Sóisialta, an Comhairleoir Leighis agus Bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha.

I mbliana, bhain 25 iontráil le huchtáil leanaí idir tíortha go hÉirinn a rinne daoine ar a bhfuil cónaí rialta sa Stát (Fíor 7).




**Fíor 7:** *Iontrálacha a cuireadh le Clár na nUchtálacha Idir Tíortha le haghaidh uchtálacha isteach chuig Éirinn in 2023*

*Clár um Aithint Inscne i gcomhair Uchtálacha Idir Tíortha*

I gcás daoine a bhfuil Deimhniú bailí um Aithint Inscne acu arna eisiúint ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus a bhfuil a n-uchtáil cláraithe i gClár na nUchtálacha Coigríche nó i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chuig an Údarás ar iontráil sa Chlár um Aithint Inscne i gcomhair Uchtálacha Idir Tíortha.

Ba chóir iarratais a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás agus ba chóir na nithe seo a leanas a bheith ag gabháil leo:

- An bhunchóip den Deimhniú um Aithint Inscne a d'eisigh an Roinn Coimirce Sóisialaí;
- Cóip den litir fógra ón Roinn Coimirce Sóisialaí a bhí ag gabháil leis an Deimhniú um Aithint Inscne;
- Cóip den iontráil i gClár na nUchtálacha Coigríche nó i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha (má tá sí ar fáil).

Rinneadh dhá iontráil sa Chlár in 2023, i gcomparáid le trí iontráil in 2022.

*Údarás Lárnach faoi Choinbhinsiún na Háige um Chosaint Leanaí agus Comhar i Leith Uchtáil idir Tíortha*

Tá an tÚdarás Uchtála ainmnithe mar Údarás Lárnach faoin Acht Uchtála, 2010. Ina ról mar Údarás Lárnach, is é Bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha an teagmhálaí ainmnithe maidir le gach ábhar a bhaineann le Coinbhinsiún na Háige.

*Rannpháirtíocht – Idir Tíortha*

Bíonn an Anglophone Conference ar siúl ar líne ar bhonn débhliantúil i leith cúrsaí Uchtála Idir Tíortha. Ar an 18 Aibreán 2023, bhí Bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha ina chathaoirleach ar an Anglophone Conference thar ceann na hÉireann agus ar an 21 Meán Fómhair 2023, rinne Bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha agus an Príomhoibrí Sóisialta ionadaíocht thar ceann an Údaráis ag an Anglophone Conference a d'óstáil an Nua-Shéalainn ar líne.

I mí an Mheithimh 2023, rinne an tÚdarás cinneadh foirmiúil stop a chur leis an gclár uchtála idir tíortha le Háítí ar feadh dhá bhliain. Bhí an-imní ar an Údarás maidir leis an meath ginearálta a tháinig ar an staid i Háítí, áit a raibh éagobhsaíocht pholaitiúil agus foréigean droinge fós i réim. Bhí riosca mór don tslándáil i gceist leis an gcás agus bhí tionchar aige ar eitic na nósanna imeachta uchtála. De réir cheanglais Choinbhinsiún na Háige, ní fhéadfaí dlíthiúlacht na nósanna imeachta sin a chinntiú a thuilleadh. Déanfar athbhreithniú ar an bhfionraíocht i mí an Mheithimh 2025.

*Féach an rannán staitisticí le haghaidh tuilleadh faisnéise.*

# Seirbhísí Faisnéise agus Taifid



## Príomhphointí

**1,641** iarratas ar scaoileadh faisnéise faighte agus 3,504 próiseáilte, lena n-áirítear riaráiste ó 2022

Tháinig **82%** de na hiarratais ar scaoileadh faisnéise ó Éirinn, 10% ón Ríocht Aontaithe, agus na cinn eile ón gcuid eile den domhan

**5,225** seiceáil maidir le rogha tuismitheora ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála

Reáchtáladh **55** seisiún faisnéise le hiarratasóirí os cionn 18 mbliana d'aois chun faisnéis a chur ar fáil faoi Chuid 2 de AFBR

Fuarthas **29** Iarraidh ar Rochtain ó Ábhar Sonraí

Thug Foireann na Réiteach faoi **50** tionscadal/gníomhaíocht agus déileáladh go hinmheánach le 1,135 iarraidh úsáideora

Fuarthas **20** iarraidh um shaoráil faisnéise

Bunaíodh an tAonad Seirbhisí Faisnéise agus Taifid in 2022 chun AFBR a chur i bhfeidhm, agus tá sé á mhaoirsiú ag Príomhoifigeach atá freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann le Taifid, Cosaint Sonraí, Réitigh Dhigiteacha, Cartlanna agus Saoráil Faisnéise.

## Anailís ar Ghníomhaíochtaí

### Taifid

*Próiseáil Iarratas ó 2022 faoi Chodanna 2–4 de AFBR*

Don chéad trí cheathrú de 2023, dhírigh Foireann na dTaifead ar riaráiste na n-iarratas ar scaoileadh faisnéise a ghlanadh. Fuarthas 2,537 iarratas san iomlán in 2022 le linn na dtrí mhí tar éis gur tosaíodh ag glacadh le hiarratais ar an 3 Deireadh Fómhair faoi ailt ábhartha AFBR, agus próiseáladh 464 iarratas faoin 31 Nollaig 2022 agus bhí 2,073 fágtha le próiseáil.


Faoin 18 Meán Fómhair 2023, bhí an riaráiste glanta ag Foireann na dTaifead agus don chuid eile de 2023 chomhlíon siad na hoibleagáidí reachtúla agus phróiseáil siad gach iarratas AFBR a fuarthas laistigh de 30 lá tar éis iad a fháil.

*Scaoileadh Faisnéise faoi Chodanna 2–4 de AFBR*

*Líon na nIarratas in 2023*

Idir an 1 Eanáir agus an 21 Nollaig 2023, fuair an tÚdarás 1,641 iarratas ar scaoileadh faisnéise mar a mhiondealaítear i dTábla 1.


**Tábla 1:** *Líon na n-iarratas in 2023 ar scaoileadh faisnéise*



*An Áit óna bhfuarthas Iarratais*

Fuarthas 1,343 iarratas san iomlán ó Phoblacht na hÉireann. Tháinig an líon is mó ó Chontae Bhaile Átha Cliath agus an líon is lú ó Chontae Liatroma agus ó Chontae an Longfoirt araon. Is ionann iadsan agus 82% de na hiarratais go léir. I gcomhair miondealú de réir contae, féach Tábla 2.

**Tábla 2:** *Miondealú de réir contae ar iarratais ar scaoileadh faisnéise in 2023*





| ÉIRE - CONTAE | Líon na nIarratas |
|---|---|
| CEATHARLACH | 8 |
| AN CABHÁN | 12 |
| AN CLÁR | 21 |
| CORCAIGH | 180 |
| DÚN NA nGALL | 22 |
| BAILE ÁTHA CLIATH | 486 |
| GAILLIMH | 55 |
| CIARRAÍ | 26 |
| CILL DARA | 87 |
| CILL CHAINNIGH | 27 |
| LAOIS | 19 |
| LIATROM | 5 |
| LUIMNEACH | 46 |
| AN LONGFORT | 5 |
| LÚ | 38 |
| MAIGH EO | 20 |
| AN MHÍ | 70 |
| MUINEACHÁN | 7 |
| UÍBH FHAILÍ | 8 |
| ROS COMÁIN | 11 |
| SLIGEACH | 11 |
| TIOBRAID ÁRANN | 29 |
| PORT LÁIRGE | 22 |
| AN IARMHÍ | 20 |
| LOCH GARMAN | 40 |
| CILL MHANTÁIN | 68 |
| **IOMLÁN** | **1,343** |

Is í an Ríocht Aontaithe an chéad dlínse eile is suntasaí maidir le hiarratais a fuarthas. Tá miondealú i dTábla 3 ar fhigiúirí ón Ríocht Aontaithe, idir Shasana, Albain, an Bhreatain Bheag agus chontaetha aonair Thuaisceart Éireann. Is ionann iadsan agus 10% de na hiarratais go léir.


**Tábla 3:** *Miondealú ar iarratais ar scaoileadh faisnéise in 2023 ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann*

| AN RÍOCHT AONTAITHE | Líon na nIarratas |
|---|---|
| AONTROIM | 9 |
| ARD MHACHA | 0 |
| DOIRE | 2 |
| AN DÚN | 8 |
| FEAR MANACH | 1 |
| TÍR EOGHAIN | 1 |
| **TUAISCEART ÉIREANN – FO-IOMLÁN** | **21** |
| | |
| Sasana | 127 |
| Albain | 9 |
| An Bhreatain Bheag | 4 |
| **AN BHREATAIN MHÓR – FO-IOMLÁN** | **140** |
| **IOMLÁN** | **161** |



Ba ó 15 dhlínse éagsúla a tháinig an chuid eile de hiarratais seachas iadsan ó Éirinn nó ón Ríocht Aontaithe. Is ionann iadsan agus 8% de na hiarratais go léir. Tá miondealú ar na hiarratais ó na dlínsí sin le feiceáil i dTábla 4..

**Tábla 4:** *Miondealú de réir tíre ar an áit óna dtáinig iarratais ar scaoileadh faisnéise in 2023*



| Dlínse | Líon na nIarratas |
|---|---|
| An Astráil | 29 |
| Ceanada | 13 |
| An Fhrainc | 6 |
| An Ghearmáin | 9 |
| An Iodáil | 1 |
| An Liotuáin | 1 |
| An Nua-Shéalainn | 4 |
| An Iorua | 1 |
| Poblacht Oileán na Tríonóide agus Thobága | 1 |
| An Afraic Theas | 1 |
| An Spáinn | 3 |
| An tSualainn | 1 |
| An Eilvéis | 3 |
| An Ísiltír | 3 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 57 |
| Níor tugadh seoladh ar bith | 4 |
| **IOMLÁN** | **137** |

*Catagóir Iarratasóirí*

Leagtar amach sa tábla seo a leanas (Tábla 5) líon na n-iarratas ar scaoileadh faisnéise de réir catagóire iarratasóirí mar a shainmhínítear in AFBR.

**Tábla 5:** *Líon na n-iarratasóirí ar scaoileadh faisnéise de réir catagóir iarratasóirí mar a shainmhínítear in AFBR*

| Catagóir* | Sainmhínithe | Líon na nIarratas |
|---|---|---|
| **Duine Iomchuí** | • duine uchtaithe;<br>• duine a ndearnadh clárú mícheart ar a bhreith nó a breith, nó a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici lena cheapadh go ndearnadh amhlaidh;** nó<br>• duine a bhí, nó a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici le bheith in amhras go raibh sé nó sí, tráth ar bith sa tréimhse tar éis a bhreithe nó a breithe agus dar críoch an dáta a slánóidh sé nó sí 18 mbliana d'aois;<br>  • duine a bhfuil cónaí air nó uirthi in institiúid a shonraítear i Sceideal AFBR, nó<br>  • duine atá faoi réir socrú altranais nó socrú iostais | 1,485 |
| **Duine Cáilitheac** | Tugtar 'duine cáilitheach' ar mhac nó iníon le duine iomchuí. | 77 |
| **Gaol Cáilitheach** | Tugtar 'gaol cáilitheach' ar neasghaol duine iomchuí faoi AFBR agus féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh ar fhaisnéis más rud é go bhfuair an duine iomchuí bás agus é nó í ina leanbh in institiúid.<br><br>Chun críocha iarratais, is féidir ceann amháin díobh seo a leanas a bheith i gceist le 'neasghaol':<br><br>• máthair nó athair duine iomchuí éagtha;<br>• deartháir (deartháireacha) nó deirfiúr (deirfiúracha) leis an duine iomchuí, más rud é go bhfuil tuismitheoirí an duine iomchuí éagtha; uncail nó aintín leis an duine iomchuí, más rud é go bhfuil tuismitheoirí agus deartháireacha agus deirfiúracha an duine iomchuí (más ann dóibh) éagtha;<br>• neacht (neachtanna) nó nia (nianna) an duine iomchuí, más rud é go bhfuil tuismitheoirí, deartháireacha agus deirfiúracha agus aintíní agus uncailí an duine iomchuí (más ann dóibh) éagtha | 79 |
| **IOMLÁN** | | **1,641** |

***Mar a léirigh an t-iarratasóir**
****Dúirt 63 iarratasóir sa chatagóir Daoine Iomchuí go ndearnadh clárú mícheart ar a mbreith, nó go raibh forais réasúnacha ann lena cheapadh go ndearnadh amhlaidh.**

### Formáid na faisnéise a iarradh

San iomlán, d'iarr 536 duine (33%) a gcuid faisnéise a fháil i bhfoirm cruachóipe a cuireadh ar an bpost chuig a seoladh agus d'iarr 1,105 duine (66%) go seolfaí a gcuid faisnéise chucu ar an ríomhphost.

Seiceáil an Chláir um Shainroghanna Teagmhála le haghaidh Sainrogha Theagmhála tuismitheora faoi Ailt 7(1), 8(2), 9(4), agus 10(4) de AFBR agus Alt 2.3.2.5 de AFBR – Treoirlínte Beartais

Rinne an tÚdarás sainrogha tuismitheora a sheiceáil ar an gClár 5,225 uair in 2023. Bhain 3,504 díobh sin le scaoileadh taifead a dhéanfadh an tÚdarás féin, agus bhain 1,720 le scaoileadh faisnéise a dhéanfadh Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. D'fhreastail Tusla ar gach iarraidh ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála a sheiceáil laistigh den tréimhse ama éigeantach, trí lá oibre.

### Scaoileadh Faisnéise Míochaine Géinití faoi Alt 16 de AFBR

San iomlán, d'ainmnigh 832 iarratasóir liachleachtóir ina n-iarratas ar fhaisnéis mhíochaine ghéiniteach duine iomchuí a roinnt. Dúirt beirt iarratasóir nach raibh liachleachtóir acu ag an am, agus dhiúltaigh 807 iarratasóir liachleachtóir a ainmniú.

### Seisiúin Faisnéise faoi Alt 17(2) de AFBR

I gcás ina ndéantar rogha 'gan teagmháil' a thaifead i leith iontráil tuismitheora breithe ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála, ceanglaítear ar an Údarás seisiún faisnéise a chur ar bun ina gcuirtear in iúl an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 den phrótacal, le haon iarratasóir atá ag iarraidh a dteastas breithe, a bhfaisnéis bhreithe, a bhfaisnéis luathshaoil, a bhfaisnéis chúraim, a bhfaisnéis leighis nó ítimí arna soláthar faoi AFBR.

Reáchtáladh 55 seisiún faisnéise le hiarratasóirí os cionn 18 mbliana d'aois maidir le faisnéis faoi Chuid 2 de AFBR. Níor dhiúltaigh iarratasóirí d'aon seisiún faisnéise. Reáchtáladh gach ceann de na 55 seisiún faisnéise trí ghlaoch gutháin le duine ainmnithe, mar a shainmhínítear é in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bprótacal. I gcás 50 iarratasóir as 55 níor theastaigh ach an teagmháil tosaigh chun seisiún faisnéise a shocrú. Sna cúig chás eile, b'éigean teagmháil a dhéanamh den dara huair chun dáta a shocrú leis an iarratasóir i gcomhair an tseisiúin faisnéise. Bhain fiche a sé iarratas le scaoileadh faisnéise a bhí ag an Údarás, agus bhain na 29 iarratas eile le scaoileadh faisnéise a bhí ag Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

### Scaoileadh Faisnéise faoi Alt 19(7) de AFBR

Cuireadh i gcrích 3,504 iarratas san iomlán agus scaoileadh faisnéis do na hiarratasóirí faoin 31 Nollaig 2023. Admhaíodh go bhfuarthas gach iarratas laistigh den tréimhse éigeantach cúig lá atá leagtha síos. Go dtí gur glanadh an riaráiste i mí Mheán Fómhair, cuireadh in iúl do na hiarratasóirí go léir go bhféadfadh sé go dtógfadh scaoileadh a dtaifead suas le 90 lá, an teorainn reachtúil.

### Athbhreithnithe faoi Alt 2.7 de AFBR – Treoirlínte Beartais

Cheap an tÚdarás an dara Oifigeach Athbhreithnithe chun críocha Alt 2.7 de na Treoirlínte Beartais ar an 29 Lúnasa 2023. Fuair an tÚdarás 78 iarraidh ar athbhreithniú idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2023.

### An Clár um Shainroghanna Teagmhála faoi Chuid 6 de AFBR

Ar an 1 Iúil 2022, tháinig an CST i bhfeidhm ar bhonn reachtúil faoi Chuid 6 de AFBR.

Is í príomhfheidhm an Chláir nua teagmháil a chumasú idir baill teaghlaigh a ndeachaigh uchtáil i bhfeidhm orthu. Is bealach é an clár freisin chun sainrogha teagmhála a shonrú, agus iarraidh ar phríobháideachas san áireamh. Tá an rogha ag iarratasóirí faisnéis a roinnt a d'fhéadfadh cuidiú le duine muinteartha leo, ar nós faisnéis leighis nó faisnéis chúlra.

Is féidir le hiarratasóirí ar an gClár ítim (litir, grianghraf etc.) a thaisceadh do dhuine sonraithe, a thabharfar don duine sonraithe má chuireann an té sin a ainm nó a hainm leis an gClár nó má tá an t-ainm sin air cheana.

### Líon na nIarratas ar Chlárú


Idir an 1 Eanáir 2023 agus deireadh na bliana, fuair an tÚdarás 313 iarratas ó daoine a uchtaíodh, 27 iarratas ó thuismitheoirí agus 105 iarratas ó ghaolta eile ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála. Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb éard a bhí i gcuid acu sin nuashonruithe ar iontrálacha a bhí ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála cheana, e.g. sonraí teagmhála a athrú agus sainroghanna teagmhála a thabhairt cothrom le dáta, etc.

| TÁBLA 6 | Taifid a scaoileadh laistigh de mhí amháin | Taifid a scaoileadh laistigh de thrí mhí | Taifid a scaoileadh tar éis trí mhí | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|
| **Duine Iomchuí** | 432 | 355 | 2,591 | 3,378 |
| **Duine Cáilitheach** | 31 | 22 | 67 | 120 |
| **Gaol Cáilitheach** | | 1 | 3 | 6 |
| **IOMLÁN** | **465** | **378** | **2,661** | **3,504** |

**Tábla 6:** *Scaoileadh faisnéise tar éis iarraidh a dhéanamh i dtaca le tréimhsí ama reachtúla*

1. Prótacal Cumarsáide Idir Údarás Uchtála na hÉireann ('An tÚdarás') agus an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – Tusla ('An Ghníomhaireacht') maidir le Caibidil 2 de na Treoirlínte Beartais arna ndéanamh ag an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige faoi Ailt 19, 25 agus 31 de AFBR..

**Catagóir an Chláraí**





**Tábla 7:** *Líon na n-iarratas ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála/líon na n-iarrataí ar athruithe ar iontráil sa Chlár um Shainroghanna Teagmhála in 2023, de réir chatagóir an chláraí*

*An Áit a bhfuil na Cláraithe*

Tháinig 318 iontráil ar an gclár san iomlán ó Phoblacht na hÉireann. Is as Contae Bhaile Átha Cliath a tháinig an líon is mó agus níor tháinig ceann ar bith as Contae an Chabháin. Is ionann iadsan agus 71% de na hiontrálacha go léir. I gcomhair miondealú de réir contae, féach Tábla 8.

**Tábla 8:** *An áit in Éirinn óna dtáinig iarratais ar iontráil sa Chlár um Shainroghanna Teagmhála in 2023*





| ÉIRE – CONTAE | Líon na nIontrálacha |
|---|---|
| CEATHARLACH | 1 |
| AN CABHÁN | 0 |
| AN CLÁR | 6 |
| CORCAIGH | 39 |
| DÚN NA nGALL | 6 |
| BAILE ÁTHA CLIATH | 94 |
| GAILLIMH | 10 |
| CIARRAÍ | 6 |
| CILL DARA | 27 |
| CILL CHAINNIGH | 4 |
| LAOIS | 5 |
| LIATROM | 6 |
| LUIMNEACH | 10 |
| AN LONGFORT | 3 |
| LÚ | 12 |
| MAIGH EO | 5 |
| AN MHÍ | 20 |
| MUINEACHÁN | 0 |
| UÍBH FHAILÍ | 5 |
| ROS COMÁIN | 5 |
| SLIGEACH | 6 |
| TIOBRAID ÁRANN | 8 |
| PORT LÁIRGE | 11 |
| AN IARMHÍ | 6 |
| LOCH GARMAN | 12 |
| CILL MHANTÁIN | 11 |
| **IOMLÁN** | **318** |

Is í an Ríocht Aontaithe an chéad dlínse eile is suntasaí maidir le hiontrálacha ar an gclár. Tá miondealú i dTábla 9 ar fhigiúirí ón Ríocht Aontaithe, idir Shasana, Albain, an Bhreatain Bheag agus chontaetha aonair Thuaisceart Éireann. Is ionann iadsan agus 17% de na hiontrálacha go léir.


**Tábla 9:** *An áit óna dtáinig iarratais ar iontráil sa Chlár um Shainroghanna Teagmhála i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann in 2023*

| AN RÍOCHT AONTAITHE | Líon na nIontrálacha |
|---|---|
| AONTROIM | 1 |
| ARD MHACHA | 0 |
| DOIRE | 1 |
| AN DÚN | 3 |
| FEAR MANACH | 4 |
| TÍR EOGHAIN | 0 |
| **TUAISCEART ÉIREANN - FO-IOMLÁN** | **9** |
| | |
| Sasana | 57 |
| Albain | 7 |
| An Bhreatain Bheag | 1 |
| **AN BHREATAIN MHÓR - FO-IOMLÁN** | **65** |
| | |
| **IOMLÁN** | **74** |



Tháinig an chuid eile de na hiontrálacha, seachas iadsan ó Éirinn nó ón Ríocht Aontaithe, ó 10 ndlínse éagsúla. Is ionann iadsan agus 12% de na hiontrálacha go léir. Tá miondealú ar na hiontrálacha ó na dlínsí sin le feiceáil i dTábla 10.

**Tábla 10:** *An áit óna dtáinig iarratais ar iontráil sa Chlár um Shainroghanna Teagmhála lasmuigh d'Éirinn agus den Ríocht Aontaithe in 2023*



| Dlínse | Líon na nIontrálacha |
|---|---|
| Andóra | 1 |
| An Astráil | 12 |
| Ceanada | 4 |
| An Fhrainc | 2 |
| An Ghearmáin | 2 |
| An Íoslainn | 1 |
| An Ísiltír | 3 |
| An Nua-Shéalainn | 3 |
| Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 1 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 15 |
| Níor tugadh seoladh ar bith | 4 |
| **IOMLÁN** | **53** |

## Taisceadh faisnéise agus Ítimí faoi Alt 39 de AFBR

Rinneadh dhá ítim déag arna soláthar a thaisceadh leis an Údarás in 2023.

## Réitigh

In 2023, rinne Foireann na Réiteach bainistiú ar thionscadail cosúil le híomhánna doiciméad a chur leis na taifid, íomhánna a fuarthas ó chomhlachtaí creidiúnaithe (Uchtáil nó Faisnéis agus Rianú) nach bhfuil creidiúnú acu a thuilleadh, athruithe struchtúracha ar ár gCóras Leictreonach Bainistíochta Doiciméad (e-DMS), athbhreithnithe ar fheabhsuithe ar an bpróiseas agus cur le huirlisí atá ann cheana féin agus iad a fheabhsú. Bhí na prionsabail seo a leanas ina mbonn faoi na tionscail:

- slándáil sonraí láidir
- dea-rialachas sonraí
- sonraí a chur in oiriúint don todhchaí
- feidhmiúlacht stuama chuardaigh agus aisghabhála

Cuirfidh na prionsabail sin ar chumas fhoireann an Údaráis leanúint orthu ag cur seirbhís den chéad scoth ar fáil do na húsáideoirí seirbhíse.

As na 50 tionscadal/gníomhaíocht a rinneadh in 2023, tá cur síos ar chúpla sampla thíos.

### 1. Sonraí a chur in oiriúint don todhchaí – Íomhánna doiciméad agus sonraí neamhstruchtúrtha a chur leis na taifid

Ag tús na bliana 2023, coinníodh íomhánna digitithe ó chásanna agus ón gclárleabhar, ar le dhá chomhlacht a bhíodh creidiúnaithe iad, ar bhunachar sonraí inléite amháin, arna bhainistiú ag díoltóir tríú páirtí. Bhí na híomhánna digitithe agus na meiteashonraí ar fáil dár bhfoireann lena gcuardach faoi cheadúnas agus bhí siad an-luachmhar ó thaobh an méid is mó faisnéise agus d'fhéadfaí a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse Údarás Uchtála na hÉireann faoi AFBR. Chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar ár sonraí a stóráil agus a chuardach, rinneamar ár dhá Chóras Leictreonach Bainistíochta Doiciméad a chur le chéile, rud a d'fhág go raibh na híomhánna agus na meiteashonraí go léir in aon stór lárnach amháin. Thug sé sin deis don Údarás na meiteashonraí a nuashonrú, meiteashonraí a ailíniú le stórtha sonraí eile an Údaráis agus cabhrú lenár bhfoireann le tascanna maidir le cuardach agus aisghabháil. San iomlán cuireadh 38,542 íomhá de sheanchomhaid agus de sheanchláir ó 1908 go 2019 leis na taifid. Tá na híomhánna agus na meiteashonraí digitithe go léir san áireamh inár nósanna imeachta láidre maidir le cóipeanna cúltaca a dhéanamh agus maidir le haisghabháil. Sábhálfar airgead ar tháille bhliantúil na gceadúnas amach anseo. De bharr go bhfuil an tionscadal seo críochnaithe, tá foireann an Údaráis in ann an méid is mó faisnéise atá ar fáil dúinn a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse, chomh tapa agus is féidir.

### 2.Úsáid Uirlisí Nua – Suíomh Inlín an Údaráis a Fhorbairt

Forbraíodh suíomh inlín an Údaráis le cúnamh ó fhoireann Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR). Tá sé ar shuíomh SharePoint in OPOFR, agus déanann siad é a bhainistiú agus a chothabháil mar chuid den tseirbhís Build-to-Share. D'oibrigh Foireann na Réiteach i ndlúthchomhar le OPOFR chun athruithe a dhéanamh ar an suíomh chun é a ailíniú le riachtanais fhoireann an Údaráis. Tar éis seoladh an tsuímh, bhí Foireann na Réiteach freagrach as riar an tsuímh san Údarás. Cuireann an fhoireann cúnamh agus oiliúint ar fáil le gnéithe éagsúla de cheisteanna a bhaineann le hábhar. Is leathanach lamairne é an leathanach baile inlín ar féidir logáil isteach ann agus cuireann sé ar fáil naisc chuig na huirlisí eile go léir atá ar fáil d'úsáideoirí.

Agus an tionscadal sin críochnaithe, bhí úsáideoirí in ann míreanna nuachta agus doiciméid a roinnt. D'fháiltigh an fhoireann roimhe agus tá siad fós ag baint tairbhe as.

### 3. Feabhas ar an bPróiseas – Córas Ticéadaithe TFC a Chur i bhFeidhm

D'fhorbair Foireann na Réiteach córas ticéadaithe lenar tacaíodh le húsáideoirí chun iarrataí a bhaineann lenár n-uirlisí bogearraí a bhainistiú agus a chur in ord tosaíochta. Déantar anailís ar bhunchúis na sonraí ticéadaithe chun dul i ngleic le haon fhadhb oiliúna nó aon bhunfhadhb a bhaineann leis na huirlisí, rud a chuireann feabhas ar eispéireas an úsáideora agus a laghdaíonn an t-achar ama a ghlacann sé réitigh a fháil. Logáiltear ansin gach glao ar Fhoireann na Réiteach le haghaidh cúnaimh. Sanntar uimhir do ghlaonna na n-úsáideoirí agus cuirtear admháil ar an ríomhphost, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca tuilleadh fiosraithe a dhéanamh más gá. Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn tacaíocht cúnamh, forbairtí agus oiliúint, agus fabhtcheartú a chur ar fáil, chomh maith le fadhbanna úsáideoirí a réiteach de réir mar a thagann siad chun cinn.

I rith na bliana 2023, chuaigh Foireann na Réiteach i ngleic le 1,135 iarraidh úsáideora go hinmheánach. I measc na

n-iarrataí sin, fuarthas agus réitíodh 965 ar an lá céanna. Bainimid úsáid as leibhéil tosaíochta chun práinne na n-iarrataí a shocrú agus chun ár gcuid oibre a sceidealú.[2] Tugtar achoimre i dTábla 12 thíos ar líon na n-iarrataí a fuarthas ó úsáideoirí in 2023 de réir leibhéal tosaíochta.

| Leibhéal Tosaíochta | Sainmhíniú ar an Leibhéal Tosaíochta | Iomlán |
|---|---|---|
| 1 | Tionchar ar gach úsáideoir | 2 |
| 2 | Tionchar ar fhoireann amháin | 76 |
| 3 | Tionchar ar bhall foirne amháin | 377 |
| 4 | Iarrataí ar fhorbairt nó ar athrú | 161 |
| 5 | Leasuithe sonraí (struchtúrtha nó neamhstruchtúrtha) | 519 |
| **Iomlán** | | **1,135** |

**Tábla 12:** *Líon na n-iarrataí a fuarthas ó úsáideoirí in 2023 de réir leibhéal tosaíochta*

I gcás nach bhféadfaí iarrataí a réiteach go hinmheánach, chabhraigh ár soláthraí tríú páirtí e-DMS linn le 24 iarraidh, agus chabhraigh ár n-óstach líonra linn le 252 teagmhas nó iarraidh. I gcás fhormhór na n-iarrataí a cuireadh ar aghaidh chuig OPOFR, bhain siad le hoscailt cuntas, ceadanna úsáideora agus próisis a bhain le daoine a bheith ag teacht chuig an eagraíocht, á fágáil, nó ag aistriú ó phost go post eile.

| Iarrataí de réir catagóire | Líon na nIarrataí |
|---|---|
| e-DMS | 779 |
| Uirlisí MS Office | 90 |
| Seirbhís Líonra | 58 |
| Próifíl Úsáideora | 53 |
| Foirmeacha Gréasáin | 47 |
| Inlíon | 36 |
| Cumarsáid | 21 |
| Priontáil | 21 |
| Uirlis Eagarthóireachta | 19 |
| Oiliúint | 8 |
| Uirlis Cláir Bháin | 3 |
| **Iomlán** | **1,135** |

**Tábla 13:** *Catagóirí na n-iarrataí ó úsáideoirí a cuireadh isteach chuig an Deasc Chabhrach TFC in 2023*

Chuidigh ceathrar ball foirne le dul chun cinn agus treoir maidir le roinnt tionscadal a raibh baint acu le e-DMS. Bhí sé fós ríthábhachtach teacht ar bhealaí níos nuálaí chun plé le hábhar digitithe, chun tuairimí úsáideoirí a spreagadh agus chun seirbhís níos fearr a chur ar fáil dár gcliaint agus dár bpáirtithe leasmhara.

Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an gclár digitithe, rud a chuireann ar a chumas don Údarás íomhánna caighdeánacha 300DPI HD a chur in ionad íomhánna doiciméad atá ann faoi láthair. Léirítear torthaí na hoibre sin sa cháilíocht amhairc níos fearr a bhaineann leis na íomhánna de sheandoiciméad a bhfuil drochbhail orthu, rud a fhágann go ndéantar na hítimí leochaileacha a láimhseáil a laghad is féidir.

Tosaíodh ag baint úsáid as uirlis ríomhshínithe le linn na paindéime COVID-19 agus tá sí fós úsáideach nuair is gá doiciméid dhigiteacha a shíniú agus a chur ar aghaidh idir páirtithe. Sábháltar go leor ama, go háirithe nuair a bhíonn samhail oibre chumaisc i gceist, agus is féidir cinntí, comhaontuithe agus conarthaí a shíniú go foirmiúil. Tá uirlis an ríomhshínithe comhtháite go hiomlán inár bpacáiste eagarthóireachta doiciméad.

Níor tháinig aon athrú sa bhliain 2023 ar ár soláthraí tríú-páirtí a chuireann tacaíocht e-DMS ar fáil. Níor athraigh ár bhfoirmeacha gréasáin ar líne ná ár soláthraithe uirlisí cláir bháin ach an oiread.

## An Chartlann

Le linn 2023, cheap an tÚdarás Uchtála Ardoifigeach Feidhmiúcháin mar Oifigeach Athbhreithnithe AFBR agus mar Oifigeach um Shaoráil Faisnéise. Athraíodh ainm na foirne go Cartlanna agus Saoráil Faisnéise chun léiriú a thabhairt ar fheidhm nua na foirne.

### Na hAchtanna um Chartlann Náisiúnta 1986–2018

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chartlann Náisiúnta 1986–2018 maidir le Bainistíocht Taifead. Rinneadh é sin trí leanúint ar aghaidh ag forbairt sceideal maidir le coimeád agus diúscairt taifead d'fhoirne san Údarás. In 2023, d'fhorbair Údarás Uchtála na hÉireann sceidil maidir le coimeád agus diúscairt do thrí fhoireann chomh maith le dréachtbheartas Bainistíochta Taifead. Ina theannta sin, ghlac an tÚdarás páirt i gceithre chruinniú de chuid Líonra na gCartlannaithe agus na mBainisteoirí Taifead Stáit in 2023.

2. Téann Tosaíocht 1 i bhfeidhm ar an eagraíocht ar fad.
Úsáidtear Tosaíocht 2 nuair a théitear i bhfeidhm ar fhoireann iomlán. Go ginearálta is éard a bhíonn i gceist leo sin ná iarrataí práinneacha maidir le forbairt nó iarrataí ar chead nua seachas córais atá as feidhm ar fad nó a bhfuil cuid díobh as feidhm.
Baineann Tosaíocht 3 go ginearálta le fadhbanna a bhíonn ag úsáideoirí maidir le ceadanna, trealamh nó socruithe uirlisí.
Úsáidtear Tosaíocht 4 i gcás iarrataí ar fhorbairt agus baineann siad sin le tionscadail leanúnacha nó iarrataí ar thionscadail nua nó míreanna oibre nua.
De ghnáth is réitigh thapa a bhíonn i gceist le Tosaíocht 5 agus réitítear iad laistigh de lá amháin

### An tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

Déantar foráil le Cuid 7 de AFBR do chosaint taifead. Is féidir taifid a aistriú chuig Údarás Uchtála na hÉireann dá bharr, faoi threoir an Údaráis. Is é cuspóir na bhforálacha reachtacha sin a chinntiú go gcosnaítear taifid thábhachtacha iomchuí agus taifid thábhachtacha stairiúla maidir le huchtáil, socruithe iostais nó socruithe altranais, cásanna ina maítear go ndearnadh clárú mídhleathach ar bhreith, agus Institiúidí Máthar agus Linbh agus Institiúidí Teaghlaigh Contae.

In 2023, d'fhormheas Bord an Údaráis Uchtála cúig threoir faoi Alt 48 de AFBR maidir le haistriú taifead iomchuí ó fhoinsí faisnéise.

| Treoir Eisithe chuig | Taifid Ábhartha |
|---|---|
| Siúracha an Chreidimh Naofa – Réigiún na hÉireann | Taifid ó Dhílleachtlann Naomh Bríd; Cumann Uchtála Naomh Bríd; agus Seirbhís Faisnéise agus Rianaithe Naomh Bríd |
| Comhdháil Easpag na hÉireann (Caitliceach Rómhánach) | Cura Cares - Taifid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime a bhaineann le daoine iomchuí |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) | Taifid roghnaithe ó Institiúidí Teaghlaigh Contae a bhaineann le daoine iomchuí a chur ar altramas (ar altranas agus ar iostas). |
| Carthanacht na nDílleachtaí Protastúnacha | Taifid ó dhílleachtlann 'Westbank' maidir le daoine iomchuí |
| Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí | Taifid a bhaineann le feidhmeanna an Chumainn faoi Acht na Leanaí, 1908, Cuid 1, Alt 2 i.e. daoine a cuireadh ar altranas. |

**Tábla 14:** *Treoracha faoi Alt 48 de AFBR maidir le haistriú taifead iomchuí arna fhormheas ag Bord Údarás Uchtála na hÉireann in 2023*

### An tIonad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin

Bhí ionadaithe de chuid an Údaráis páirteach i dtrí chruinniú a reáchtáil an Foghrúpa Cartlainne de chuid Ghrúpa Stiúrtha an Ionaid Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin in 2023 – a bhforáiltear dó le Beart 6 den Phlean Gníomhaíochta do Mharthanóirí agus Iar-Chónaitheoirí na nInstitiúidí Máithreacha agus Leanaí agus na nInstitiúidí Teaghlaigh Contae. Chomh maith leis sin, rinne an tÚdarás iniúchadh cuimsitheach ar thaifid ábhartha don Chartlann Náisiúnta i ndáil leis an Ionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin.

### Iarrataí um Shaoráil Faisnéise

Foilsíonn an tÚdarás sonraí na n-iarrataí um shaoráil faisnéise a fhaightear, de réir cheanglais Chód Cleachtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Saoráil Faisnéise i gcás Comhlachtaí Poiblí.

In 2023, fuair an tÚdarás Uchtála 20 iarraidh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

- diúltaíodh do cheithre cinn acu;
- deonaíodh 13 nó deonaíodh cuid díobh; agus
- tarraingíodh siar trí cinn nó láimhseáladh iad lasmuigh reachtaíocht saorála faisnéise.

I gcás dhá cheann de na hiarrataí ar diúltaíodh dóibh, ba é an chúis ar diúltaíodh don iarraidh ná go sainítear in Acht um Shaoráil Faisnéise na bliana 2014 gur 'Gníomhaireacht a Chuimsítear i bPáirt' é Údarás Uchtála na hÉireann. Fágann sé sin nach bhfuil feidhm ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise maidir le 'taifid a bhaineann le, nó a d'eascair as, ordú uchtála a dhéanamh nó maidir le huchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát, de réir bhrí an Achta Uchtála 2010'.

I gcás an dá iarraidh eile ar diúltaíodh dóibh ní raibh an fhaisnéis ar fáil nó tá sí san fhearann poiblí cheana féin.

Láimhseáladh trí iarraidh lasmuigh den reachtaíocht saorála faisnéise. Sna cásanna sin, moladh do na hiarratasóirí Iarraidh ar Rochtain ó Ábhar Sonraí a dhéanamh faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí nó iarratas a dhéanamh faoi AFBR de réir mar ba chuí.

## Cosaint Sonraí

### Iarrataí ar Rochtain ó Ábhar Sonraí

In 2023, tháinig laghdú ar líon na nIarrataí ar Rochtain ó Ábhar Sonraí a rinneadh chuig an Údarás. Fuarthas fiche a naoi iarraidh (29), sin laghdú 60% ar an mbliain roimhe sin (73).

Chuir roinnt cúinsí leis an laghdú ar iarrataí, mar shampla

- Tosach feidhme an Chláir um Shainroghanna Teagmhála faoi I.R. 321/2022; agus
- Forálacha maidir le scaoileadh faisnéise faoi AFBR a thosaigh ar an 3 Deireadh Fómhair 2022.

Ó thosach feidhme AFBR 2022 i leith, tugann an t-oifigeach cosanta sonraí ar aird go bhfuil laghdú tagtha ar líon na n-iarrataí ó dhaoine a uchtaíodh. Baineann formhór na n-iarrataí a fhaigheann an t-oifigeach le máithreacha breithe a lorgaíonn faisnéis den chéad uair fúthu féin nó faoina ngaolta a ndeachaigh an próiseas uchtála i bhfeidhm orthu.

Is iondúil gur le próiseas dlíthiúil na huchtála a bhaineann na hIarrataí ar Rochtain ó Ábhair Sonraí a fhaigheann an tÚdarás. Mar sin féin, coimeádann an tÚdarás na taifid a bhaineann leis an ngné oibre sóisialta den phróiseas uchtála do na gníomhaireachtaí seo a leanas:

- Bethany House;
- Cúnamh, ar a dtugtaí Cumann Cosanta agus Tarrthála Caitliceach na hÉireann (CRTSI);
- Denny House;
- Fairfield Children's Home;
- Uchtálacha teaghlaigh;
- Here2Help, lena n-áirítear comhaid de chuid Pact (An Cumann Uchtála Protastúnach) ó roimh 2010;
- Uchtálacha príobháideacha ó 1952–1991;
- Socrúcháin phríobháideacha;
- Cumann Uchtála Naomh Bríd;
- Cumann Uchtála Naomh Treasa;
- Tigh Maighdilíneach; agus
- The Nursery Rescue Society.

Bhí cásanna ann nárbh fhéidir freagraí ar iarrataí a sholáthar laistigh den fhráma ama reachtúil 30 lá, mar thoradh ar cheisteanna acmhainní nó mar gheall ar chastacht na dtaifead a bhí le hathbhreithniú. Sna cúinsí sin, cuireadh é sin in iúl d'iarratasóirí agus cuireadh fráma ama athbhreithnithe ar fáil dóibh le haghaidh freagra iomlán.

As na 29 iarratas, ba iarratais bhailí iad 26 acu. Diúltaíodh do phéire de bharr nár soláthraíodh aon fhianaise aitheantais nuair a iarradh é. Tarraingíodh siar iarratas amháin agus déileáil réimse níos oiriúnaí leis san Údarás.

Níor cuireadh aon achomharc isteach chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Tugtar achoimre i dTábla 11 thíos ar na hiarratais a próiseáladh le linn na tréimhse 2013 go 2023.

### Beartais agus Nósanna Imeachta

In 2023, ghlac Oifig Cosanta Sonraí an Údaráis páirt in iniúchadh inmheánach chun dearbhú a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta ar fud na heagraíochta. Tá an tÚdarás fós ag athbhreithniú agus ag forbairt beartas, ag teacht le riachtanais reachtaíochta an Údaráis, leis an dea-chleachtas i réimse na cosanta sonraí agus le tiomantas an Údaráis d'úsáideoirí seirbhíse mar a leagtar síos inár bplean gnó. Rinneadh Comhaontú Comhroinnte Sonraí idir an tÚdarás agus an Phríomh-Oifig Clárúcháin maidir le comhroinnt sonraí le haghaidh seirbhísí arna soláthar faoi AFBR 2022, lena gceadaítear do dhaoine uchtaithe a dteastais bhreithe a fháil, agus cuireadh i bhfeidhm é an 15 Nollaig 2023.

| | Líon a Fuarthas | Líon ar Diúltaíodh Dóibh | Achomhairc Inmheánacha a Fuarthas | Achomhairc chuig an gCoimisinéir Cosanta Sonraí | Cinneadh an Choimisinéara Cosanta Sonraí |
|---|---|---|---|---|---|
| **2013** | 10 | 0 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2014** | 7 | 0 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2015** | 8 | 2 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2016** | 8 | 2 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2017** | 6 | 0 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2018** | 3 | 1 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2018*** | 12 | 5 | 0 | 0 | neamhbhainteach |
| **2019** | 26 | 5 | 5 | 1 | Ag feitheamh ar chinneadh |
| **2020** | 32 | 3 | 6 | 0 | neamhbhainteach |
| **2021** | 97 | 9 | 5 | 1 | Doiciméad eisithe le folú déantar air de bhun cinneadh ón gCoimisinéir |
| **2022** | 73 | 10 | 1 | 0 | 0 |
| **2023** | 29 | 3 | 0 | 0 | neamhbhainteach |

*tar éis gur tugadh RGCS isteach ar an 25 Bealtaine 2018

**Tábla 11:** *Iarrataí ar Rochtain ó Ábhar Sonraí a fuair Údarás Uchtála na hÉireann sa tréimhse 2013–2023*

# Obair Shóisialta



## Príomhphointí

- Fuarthas **410** iarratas ar sheirbhís rianaithe
- Leithdháileadh **326** atreorú rianaithe ar oibrí sóisialta
- Cuireadh i gcrích **136** cás rianaithe agus taifeadadh na torthaí i leith gach idirghabhála a rinneadh
- Rinneadh **111** meaits ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála
- Ceapadh oibrí sóisialta a chuireann seirbhís rianaithe idir tíortha agus tacaíocht ar fáil
- Rinne oibrithe sóisialta athbhreithniú ar **252** comhad uchtála reatha
- Fuarthas **45** cás maidir le hidirghabháil ghairid agus cuireadh ar aghaidh chuig oibrí sóisialta iad

## Réamhrá

Lean Seirbhís Oibre Sóisialta an Údaráis ag comhlíonadh a feidhmeanna reachtúla in 2023. Tá dul chun cinn déanta againn maidir le comhbhá agus cumasú agus muid ag obair lenár gcliaint i réimsí an rianaithe, na headrána agus na hidirghabhála gairide. Agus muid i mbun na hoibre, tuigimid an tábhacht mhór a bhaineann leis an méid a bhíonn idir lámha againn, agus an tionchar mór a bhíonn aige ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh. Le linn na n-idirghabhálacha, creidimid gur chóir na cliaint a chumasú, a aithint go bhfuil gach cás uathúil, agus meas a bheith againn ar a scéalta.

San obair shóisialta a dhéanaimid, glactar cur chuige eicléictiúil atá bunaithe ar roinnt samhlacha oibre sóisialta. Bainimid leas as cur chuige insinte, faoina n-úsáidtear scéalta na gcliant chun cuidiú linn teacht ar thuiscint níos fearr ar a gcuid riachtanas. Úsáidimid cur chuige atá dírithe ar réitigh, lena n-aithnítear láidreachtaí agus acmhainní na gcliant féin agus lena dtarraingítear orthu. Ina theannta sin, tá ár gcleachtas bunaithe ar theoiric córas, lena n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le daoine aonair, teaghlaigh, agus pobail, agus leis an nasc eatarthu, maidir le líonraí tacaíochta agus cúraim a chothú. Déantar na samhlacha oibre sóisialta sin a chomhcheangal leis na scileanna digiteacha agus taighde atá ag ár bhfoireann oibre sóisialta agus iad i mbun obair rianaithe.

Agus ár ról oibre sóisialta á chomhlíonadh againn, aithnímid oidhreacht chasta na hoibre sóisialta i réimse na huchtála in Éirinn. Is i gcomhthéacs na staire sin a mhúsclaímid muid féin chun bealach chun cinn a léiriú, agus muid ag féachaint chuige go léirítear meas ar an méid a tharla do gach cliant agus ar a scéal féin.

## Bunfheidhmeanna

Lean an tSeirbhís Oibre Sóisialta san Údarás Uchtála uirthi leo seo a leanas:

1. **Seirbhís rianaithe** a chur ar fáil faoi Chuid 5 de AFBR (áit a bhfuil comhad na gníomhaireachta againn).
2. Oibriú le daoine atá meaitseáilte ar an g**Clár um Shainroghanna Teagmhála** faoi Chuid 6 de AFBR.
3. **Tacaíocht agus idirghabháil ghairid** a chur ar fáil do dhaoine a dtéann na seirbhisí a chuirtear ar fáil faoi AFBR i bhfeidhm orthu ar bhealach éigin (áit a bhfuil comhad na gníomhaireachta againn).
4. Athbhreithniú a dhéanamh ar chodanna de chásanna uchtála reatha baile agus idir tíortha a rinneadh faoin Acht Uchtála, 2010.
5. Freagraí a thabhairt ar cheisteanna ón bpobal agus ó ghairmithe maidir le huchtáil, le rianú agus le AFBR.

## Seirbhís Rianaithe

Ba í an bhliain 2023 an chéad bhliain iomlán a raibh AFBR ag feidhmiú. Rinne an tSeirbhís Oibre Sóisialta rianú ar bhealach báúil, fuinniúil agus éifeachtach agus í ag baint úsáid as samhlacha oibre sóisialta, taighde agus obair shóisialta dhigiteach chun seirbhís a chur ar fáil do chliaint agus dá dteaghlaigh.

Fuair an tSeirbhís Oibre Sóisialta 410 atreorú maidir le rianú agus leithdháileadh 326 cás. Daoine uchtaithe a bhí ag iarraidh tuismitheoir breithe a rianú a bhí i gceist le formhór na n-atreoruithe a fuarthas in 2023 (318) agus bhí beirt tuismitheoirí breithe ag iarraidh a leanaí a lorg. Duine a bhí ag iarraidh deartháir nó deirfiúr a rianú a bhí i gceist le seasca a sé iarratas. Rinne fiche a ceathair duine iarratas chun gaolta eile (seantuismitheoirí etc.) a rianú.

## Foghlaim ón Rianú

### Torthaí an Rianaithe

In 2023, thiomsaigh an tSeirbhís Oibre Sóisialta staitisticí faoi thorthaí cásanna rianaithe a dúnadh i rith na bliana. Ba é cuspóir an ghnímh sin cur lenár mbonn fianaise dár bpáirtithe leasmhara agus dár gcliaint go léir, bonn eolais a chur faoi chleachtas oibre sóisialta agus faoi phleanáil seirbhíse agus cuntasacht oibre sóisialta a fheabhsú. Dúnadh 136 cás rianaithe san iomlán in 2023 agus is cásanna ar cuireadh tús leo roimh thabhairt isteach AFBR agus ina dhiaidh a bhí i gceist leo.

### Cás-Staidéar (Tuismitheoir Breithe a Rianú)

Rinneadh Patrick a shuíomh lena uchtú ag deireadh na 1960idí, agus rinne sé iarratas chun a mháthair bhreithe (Annie) a aimsiú faoi AFBR. Bhí Patrick tar éis an fhaisnéis ar fad faoina bhreith agus faoina luathshaol a fháil ón Údarás roimhe sin. Bhí roinnt sonraí faoina mháthair bhreithe aige ó na taifid stairiúla ach chinn sé leanúint ar aghaidh leis an rianú chun tacaíocht oibrí sóisialta a fháil. Bhí cónaí ar Patrick i mBaile Átha Cliath agus rinne sé socrú bualadh lena oibrí sóisialta. Agus é ag comhrá lena oibrí sóisialta, thug Patrick le fios go raibh fonn air an rianú a dhéanamh mar go raibh sé ag iarraidh tuiscint níos fearr a fháil ar a fhéiniúlacht agus ar a fhréamhacha agus dul i dteagmháil lena theaghlach breithe. Bhí Patrick ag iarraidh a fháil amach freisin faoi shaol a mháthar breithe tar éis go ndearnadh é a shuíomh lena uchtú.

Rinne oibrí sóisialta Patrick athbhreithniú cuimsitheach ar an bhfaisnéis ar chomhaid uchtála, d'úsáid sí na hacmhainní digiteacha, na bunachair sonraí agus na taifid a bhí ar fáil agus chuaigh sí i gcomhairle le comhghleacaithe i ngníomhaireachtaí reachtúla eile. Agus na foinsí faisnéise sin á n-úsáid aici, bhí ar an oibrí sóisialta crostagairt agus tástáil leanúnach a dhéanamh idir an fhaisnéis stairiúil agus an fhaisnéis reatha a bhí ar fáil chun máthair bhreithe Patrick a aimsiú.

Aimsíodh Annie agus fuarthas amach go raibh sí ina cónaí i gCeanada, áit a raibh cónaí uirthi le blianta fada mar gheall ar obair a fir chéile. Agus an taighde sin ar bun, d'fhoghlaim an t-oibrí sóisialta gur phós máthair bhreithe agus athair breithe Patrick, rud a chiallaigh go mbeadh na tuismitheoirí breithe céanna ag aon deartháir nó deirfiúr a bhí aige. Ina theannta sin, fuarthas amach gur cailleadh a athair breithe roinnt blianta roimhe sin. Roinneadh an fhaisnéis sin le Patrick agus pléadh a chuid mothúchán ar bhealach a léirigh comhbhá leis.

Seoladh roinnt litreacha chuig máthair bhreithe Patrick agus cuireadh iad chuig an seoladh deireanach arb eol a bheith aici. D'fhreagair a hiníon (Jean) an ceann deireanach díobh sin agus chuir sí in iúl don oibrí sóisialta go raibh tinneas doleigheasta ar a máthair agus go raibh sí faoi chúram ospíse. Dúirt Jean leis an oibrí sóisialta go n-inseodh sí dá triúr deartháireacha nó deirfiúracha go raibh Patrick i dteagmháil léi. Mhínigh sí gur bhraith sí i gcónaí go raibh deartháir nó deirfiúr eile acu ach nach raibh sí in ann é a phlé le Annie.

Bhí tuairimí éagsúla ag teaghlach Annie maidir le cé chomh hoiriúnach agus a bhí sé Jean a bheith i dteagmháil le Patrick, agus iad ag dul i ngleic le tinneas Annie. Cúis teannais sa teaghlach a bhí sa chinneadh a rinne Jean teagmháil a dhéanamh le Patrick, agus Annie a chur ar an eolas faoin teagmháil sin.

Ceanglaíodh ar an oibrí sóisialta tacaíocht mhothúchánach agus treoir a chur ar fáil do Patrick agus do Jean mar aon leis na deartháireacha agus na deirfiúracha eile. Roghnaigh beirt acu labhairt léi. Thacaigh sí leis an teaghlach tuairimí a chéile a thuiscint. Theastaigh eadráin chúramach chun freastal ar riachtanais Patrick, riachtanais a dheartháireacha agus a dheirfiúracha, agus riachtanais Annie araon. Chuir Annie a tuairim in iúl trí Jean nach raibh sí ábalta bualadh le Patrick ag an am sin ina saol ach go raibh sí ag iarraidh go mbeadh a fhios aige gur minic a smaoinigh sí air féin agus ar a shaol. Fuair Annie bás roinnt míonna ina dhiaidh sin.

In ainneoin bhás Annie, cúis sóláis do Patrick a bhí sna teachtaireachtaí agus sa cheangal a bhí aige le Jean, ceangal a chothaigh siad. Lean an t-oibrí sóisialta ar aghaidh ag tacú le Patrick agus Jean agus iad ag dul i ngleic lena chéile ina saol.

Mar a tharlaíonn go minic le cásanna rianaithe, ní rianú agus éascú amháin a bhí i gceist le ról an oibrí shóisialta – bhí tacaíocht mhothúchánach i gceist freisin, chomh maith le headráin i ndáil le dinimic an teaghlaigh agus ceangal láidir a chothú.

## Cás-Staidéar (Deartháir nó Deirfiúr a Rianú)

Uchtaíodh Hailey i lár na 1980idí, agus rinne sí iarracht a máthair bhreithe (Susie) a rianú cheana. Rianaíodh a máthair bhreithe agus labhair sí go mion lena hoibrí sóisialta faoi bhreith Hailey agus faoina huchtáil. Mhínigh Susie na cúinsí deacra a bhain le giniúint Hailey agus an chaoi nár phléigh sí a breith le haon duine, fiú lena fear céile nach maireann anois, a raibh sí an-ghar dó, ná lena leanaí. Chuir Susie in iúl don oibrí sóisialta nár bhraith sí go bhféadfadh sí teagmháil a dhéanamh le Hailey ag an am sin ach go mb'fhéidir go bhféadfadh sí san am a bhí le teacht. Bhí a fhios ag an oibrí sóisialta go mb'fhéidir go ndéanfadh Hailey iarracht a deirfiúracha (beirt iníonacha le Susie) a rianú, agus go bhfaigheadh siad amach gur tharla an uchtáil.

Leithdháileadh ar an oibrí sóisialta iarratas Hailey a deirfiúracha a rianú. Phléigh siad insint do Susie go ndearna Hailey an t-iarratas sin chun deis a thabhairt di labhairt lena leanaí faoin uchtáil. Cé gur thuig Hailey seasamh Susie, theastaigh uaithi freisin nach gcuirfí as dá cuid iarrachtaí teagmháil a dhéanamh lena teaghlach breithe. D'oibrigh an t-oibrí sóisialta le Susie chun tacú léi bealaí a aimsiú le hinsint dá hiníonacha faoin uchtáil. Deis a bhí sna comhráite sin freisin riachtanais Hailey a chur in iúl do Susie. In ainneoin go ndearna gach duine an-iarracht, fós ní raibh Susie ábalta insint dá leanaí agus chuir sí in iúl go míneodh an t-oibrí sóisialta an cás dóibh.

Rinne an t-oibrí sóisialta teagmháil leis an mbeirt deirfiúracha. Ní raibh a fhios acu cheana faoi bhreith Hailey ach bhí siad sásta tacú le Susie agus le Hailey agus iad ag bualadh le chéile dá mba é sin a bhí an bheirt acu ag iarraidh. Léirigh Susie a buíochas go raibh a hiníonacha chomh dearfach faoi sin agus thug sí faoi shocrú go mbuailfeadh an ceathrar le chéile. Ábhar faoisimh a bhí ann do Hailey freisin go dtacódh a leathdheirfiúracha le Susie maidir leis sin. Chinn an ceathrar acu nach raibh siad ag iarraidh go ndéanfadh an t-oibrí sóisialta eadránú ag an gcruinniú ach bhí a fhios acu go raibh sí ar fáil ar na laethanta ina dhiaidh sin chun aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith tagtha chun cinn a phlé.

Bhí roinnt cúinsí tábhachtacha i gceist leis an gcás seo, lena n-áirítear cothromaíocht a aimsiú idir ceart rianaithe duine uchtaithe agus deis a thabhairt do mháithreacha breithe plé a dhéanamh le teaghlaigh, na dúshláin a bhíonn roimh roinnt máithreacha breithe agus iad ag plé uchtála lena dteaghlaigh agus an neart a thugann tacaíocht na leanaí fásta do mháithreacha breithe agus iad ag tacú léi maidir le bualadh leis an duine uchtaithe.

## Idirghabháil maidir leis an gClár um Shainroghanna Teagmhála

D'fhoghlaim an tSeirbhís Oibre Sóisialta go leor in 2023 maidir leis an gClár um Shainroghanna Teagmhála. Ós rud é gur tharla go leor meaitseanna idir daoine a chláraigh iad féin blianta fada óna chéile, rinne an fhoireann oibre sóisialta obair mhór chun daoine a aimsiú agus tacú leo maidir le teagmháil a dhéanamh le chéile. Fuair an tSeirbhís Oibre Sóisialta 111 atreorú maidir le meaitseanna ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála in 2023 agus leithdháileadh 91 cás ar oibrí sóisialta in 2023. Bhain daichead a hocht de na hatreoruithe sin le meaitseanna idir tuismitheoir breithe agus duine a uchtaíodh. Bhain caoga a haon le meaitseanna i measc deartháireacha agus deirfiúracha. Bhain an chuid eile (12) le meaitseanna idir gaolta eile.

## Rianú Idir Tíortha

### Rianú agus Tacaíocht do Dhaoine a Uchtaíodh Idir Tíortha

Ó 1991 i leith, tharla níos mó ná 5,000 uchtáil idir tíortha go hÉirinn. Tharla an chuid is mó díobh sin le linn na tréimhse 19 mbliana ó Eanáir 1991 go Deireadh Fómhair 2010, agus is é meánaois na ndaoine go léir a uchtaíodh idir tíortha ná thart ar 20 bliain d'aois anois. Uchtaíodh leanaí go hÉirinn ó níos mó ná 27 tír éagsúil, agus is ón Rúis, ó Vítneam, ón Rómáin, ón tSín agus ón Aetóip a tháinig an líon is mó daoine a uchtaíodh idir tíortha go hÉirinn. Sonraítear an ceart chun bunadh a chuardach i bhforálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta (lena n-áirítear AFBR, an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, Coinbhinsiún na Háige agus Coinbhinsiún na Comhairle Eorpaí 2008). Aithnítear go forleathan gur próiseas casta atá i gceist le rianú go hidirnáisiúnta, agus bíonn dúshláin mhóra roimh daoine a uchtaíodh idir tíortha agus iad ag cuardach a mbunaidh.

De réir thiomantas an Údaráis do thacú le ceart na ndaoine a uchtaíodh idir tíortha a mbunadh breithe a rianú, ceapadh oibrí sóisialta in 2023 a chuireann seirbhís thiomnaithe rianaithe ar fáil d'uchtaithe idir tíortha in Éirinn. Is pointe tábhachtach idirghabhála é sin do dhaoine a uchtaíodh idir tíortha, do thuismitheoirí uchtála agus do sheirbhísí éagsúla tacaíochta a lorgaíonn comhairle agus tacaíocht maidir leis an bpróiseas rianaithe idirnáisiúnta.

Rinneadh forbairt seirbhíse mhór sa réimse sin freisin. Chuir an t-oibrí sóisialta sin aithne ar pháirtithe leasmhara éagsúla in Éirinn agus i dtíortha eile lena n-áirítear Údaráis Lárnacha idirnáisiúnta faoi Choinbhinsiún na Háige 1993 agus comhpháirtithe idirnáisiúnta eile sa réimse céanna. Go dtí seo, tá naoi n-iarraidh ar rianú faighte ó dhaoine a uchtaíodh idir tíortha faoi AFBR agus leithdháileadh iad ar fad ar oibrí sóisialta. I measc na dtíortha óna bhfuarthas iad tá an Rúis, an Bhealarúis, an Úcráin, Vítneam agus an Rómáin. Fuarthas sé iarraidh eile ar rianú freisin ó Údarás Lárnach na Rómáine maidir le daoine uchtaithe a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Rinne 25 iarratasóir eile iarratas ar a gcuid faisnéise breithe agus luathshaoil maidir lena n-uchtáil idir tíortha agus fuair siad an fhaisnéis sin. Cuireadh tacaíocht oibre sóisialta ar fáil dóibh mar chuid den tseirbhís sin.

*Féach an rannán staitisticí le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir lenár seirbhís rianaithe.*

### Obair Shóisialta maidir le hIdirghabháil Ghairid

Leis an obair shóisialta idirghabhála gairide, cuirtear tacaíocht agus treoir thráthúil ar fáil dóibh siúd a bhfuil imní orthu agus a bhfuil dúshláin phráinneacha rompu. Is cur chuige réamhghníomhach é a chuidíonn daoine aonair a chumasú agus a stopann cúrsaí ó dhul in olcas.

Ceapadh an t-oibrí sóisialta idirghabhála gairide i mí Feabhra 2023. Idir mí Feabhra 2023 agus mí na Nollag 2023, fuair an Fhoireann Oibre Sóisialta 45 atreorú maidir le hidirghabháil ghairid. Áiríodh leo sin cásanna a chuir Foireann na dTaifead ar aghaidh agus iad ag próiseáil iarrataí ar fhaisnéis agus cásanna ina ndearna na cliaint teagmháil dhíreach leis an Údarás ag lorg tacaíocht bhreise. Bhain formhór na n-atreoruithe le tacaíocht do chliaint tar éis dóibh faisnéis a fháil maidir lena mbreith agus lena luathshaol. Theastaigh tacaíocht mhothúchánach ó roinnt cliant mar gheall ar fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith íogair a taifeadadh sna comhaid. I gcás cliant eile, is éard a bhí i gceist leis an idirghabháil ná plé a dhéanamh ar an méid a raibh siad ag súil leis maidir leis an bhfaisnéis a taifeadadh ina gcomhad agus tacaíocht a chur ar fáil nuair nár tháinig an fhaisnéis leis an méid a raibh súil acu leis. Is éard a bhí i gceist le hidirghabhálacha eile a bhain le AFBR ná tacaíocht a chur ar fáil do chliaint maidir lena gcearta faoin reachtaíocht sin a thuiscint agus cabhrú leo na foirmeacha iarratais ábhartha a chomhlánú.

Tá grúpa cliant fós ann a dhéanann teagmháil le Seirbhís Oibre Sóisialta Údarás Uchtála na hÉireann maidir le fiosrúcháin eile nach mbaineann lenár bhfeidhmeanna reachtúla. Cuireann an t-oibrí sóisialta idirghabhála gairide tacaíocht ar fáil do na daoine sin freisin. Sampla den chineál atreoraithe sin is ea cliaint atá ag lorg treorach maidir le céard le déanamh má théann gaol i dteagmháil leo.

## Cás-Staidéar maidir le hIdirghabháil Ghairid

Rinneadh Jennifer a shuíomh lena huchtáil sna 1950idí, agus rinne sí iarratas ar a faisnéis bhreithe agus luathshaoil a fháil faoi AFBR. Agus a hiarraidh á próiseáil ag Foireann na dTaifead, d'aithin sí go raibh faisnéis a d'fhéadfadh cur isteach ar Jennifer sa chomhad. De bharr na faisnéise sin, sheol Foireann na dTaifead atreorú chuig an oibrí sóisialta idirghabhála gairide. Socraíodh sonraí an oibrí shóisialta Idirghabhála Gairide a chur sa litir lenar scaoileadh faisnéis Jennifer.

Scaoil Foireann na dTaifead an fhaisnéis chuig Jennifer ar an ríomhphost. Cuireadh litir lenar scaoileadh an fhaisnéis ina dhiaidh sin. Sa litir sin, spreagadh Jennifer chun dul i dteagmháil leis an oibrí sóisialta Idirghabhála Gairide má bhí tacaíocht ag teastáil uaithi. Laistigh de chúpla lá tar éis di a faisnéis a fháil, rinne Jennifer teagmháil leis an oibrí sóisialta. Toisc go bhfuil Jennifer ina cónaí thar lear, socraíodh coinne ar an nguthán. Sa choinne sin, tugadh deis do Jennifer plé a dhéanamh ar an gcaoi a mhothaigh sí nuair a léigh sí an t-ábhar ina comhad. Chuir an t-oibrí sóisialta tacaíocht mhothúchánach ar fáil agus thacaigh le cás Jennifer ar bhealach báúil. Labhair Jennifer faoina hóige, faoina tuismitheoirí uchtála agus faoi na daoine a thugann tacaíocht di ina saol.

Bhí ceisteanna ar leith ag Jennifer maidir le hábhar a comhaid, agus phléigh an t-oibrí sóisialta léi iad. Chuir an t-oibrí sóisialta í ar an eolas freisin faoin gceart atá aici athbhreithniú a iarraidh ar an bhfaisnéis a scaoileadh chuici. Ansin phléigh Jennifer agus an t-oibrí sóisialta foinsí óna bhféadfadh Jennifer tacaíocht a fháil agus í ag dul i ngleic leis an bhfaisnéis a fuair sí. Tríd an bplé sin, d'aimsigh Jennifer acmhainní inmheánacha agus seachtracha chun cabhrú léi le linn an ama sin. Spreagadh Jennifer freisin chun teagmháil a dhéanamh leis an oibrí sóisialta, má theastaigh níos mó tacaíochta uaithi.

Rinne an t-oibrí sóisialta teagmháil le Jennifer cúpla seachtain ina dhiaidh sin chun tacaíocht a chur ar fáil di arís. D'inis Jennifer don oibrí sóisialta go raibh ag éirí go maith léi, go raibh sí ag dul i ngleic leis an bhfaisnéis sa chomhad de réir a chéile agus go raibh sí i dteagmháil leis na tacaíochtaí a sainaithníodh. Ghabh Jennifer buíochas ó chroí le Foireann na dTaifead as an bhfaisnéis a scaoileadh chuici chomh tapa agus ghabh sí buíochas leis an oibrí sóisialta as an tacaíocht le linn an phróisis sin.

## Athbhreithnithe ar an Obair Shóisialta

Is é an aidhm atá leis na measúnaithe athbhreithnithe i réimse na huchtála ná a chinntiú go ndéantar measúnú ar gach tuismitheoir ionchasach agus ar uchtálacha atá beartaithe faoi shamhail shoiléir atá bunaithe ar fhianaise. In 2023, rinne an Fhoireann Oibre Sóisialta athbhreithniú ar 204 comhad maidir le huchtáil bhaile agus 48 comhad maidir le huchtáil idir tíortha. Rinne gach ball den fhoireann oibre sóisialta na hathbhreithnithe sin mar aon lena bhfeidhmeanna reachtúla.

## Ceisteanna a Fhreagairt

D'fhreagair an tSeirbhís Oibre Sóisialta 246 ceist – 90 ón bpobal agus 156 ó oibrithe sóisialta agus ó ghairmithe eile. Bhain na ceisteanna sin le leanbh a shuíomh lena uchtáil, gnéithe den Acht Uchtála, 2010, an chaoi ina bhfeidhmíonn AFBR, imní faoi theagmháil ó ghaolta, an CST agus rochtain ar thacaíocht tar éis uchtála.

## Ag Cur Ienár nEolas

### Oiliúint agus Oideachas

Is gné ríthábhachtach í an fhorbairt ghairmiúil leanúnach i bhforbairt leanúnach na Seirbhíse Oibre Sóisialta. Cuireann foghlaim leanúnach eolas atá cothrom le dáta ar fáil do na hoibrithe sóisialta, cuireann sí leis na scileanna atá acu agus faigheann siad tuiscint níos doimhne. Ina theannta sin, cothaíonn an fhoghlaim leanúnach inoiriúnaitheacht, agus cinntítear gur féidir le hoibrithe sóisialta déileáil go héifeachtach le riachtanais na gcliant agus le beartas agus cleachtas atá ag athrú. Trí infheistíocht a dhéanamh in oiliúint agus oideachas oibre sóisialta, léiríonn an tÚdarás a thiomantas do chleachtas gairmiúil agus do cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do phobail.

In 2023, ghlac an tSeirbhís Oibre Sóisialta páirt in dhá chlár oiliúna ghrúpa:

- Oibriú go híogair agus go héifeachtach leo siúd a ndearnadh mí-úsáid gnéis orthu agus iad ina leanaí agus le daoine fásta a d'fhulaing foréigean gnéasach. Chuir an tIonad Éigeandála um Éigniú é sin ar fáil thar dhá leathlá i mí Bealtaine 2023. Ghlac roinnt comhghleacaithe ó Fhoireann Taifead an Údaráis páirt san oiliúint sin freisin.
- I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'fhreastail an fhoireann ar fad ar oiliúint maidir le Cleachtas Tráma arna éascú go cianda ag Gary Broderick, atá ag obair le The Learning Curve agus le Tionscadal SAOL.

Ina theannta sin, d'fhreastail formhór na Foirne Oibre Sóisialta go rialta ar oiliúint a chuir ICSWA ar fáil.

D'fhreastail oibrithe sóisialta freisin ar oiliúint agus ar chomhdhálacha sna réimsí seo a leanas:

- Measúnú uchtála
- Cineálacha ceangail
- Agallóireacht spreagúil
- Learning from Research: The English and Romanian Adoptees study (ERA)
- Cosaint agus Leas Leanaí.

### Socrúcháin Oibre Sóisialta

Tá na socrúcháin cleachtais oibre sóisialta mar a bheadh droichead ann idir eolas acadúil agus cleachtas sa saol oibre, ionas gur féidir le mic léinn a gcuid eolais theoiriciúil a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Freisin, cothaíonn socrúcháin dá leithéid comhoibriú idir lucht na hacadúlachta agus daoine atá ag cleachtadh, rud a éascaíonn smaointe a mhalairt agus dea-chleachtas.

In 2023, thairg Seirbhís Oibre Sóisialta an Údaráis socrúcháin do mhic léinn oibre sóisialta. Ó Eanáir go hAibreán 2023, thug triúr ball ón bhFoireann Oibre Sóisialta faoi bheith ina múinteoirí cleachtais, agus rinne siad maoirseacht ar thriúr mac léinn ó UCD agus Ollscoil Mhá Nuad a bhí ag déanamh Máistreacht san Obair Shóisialta. Táthar ag súil go dtairgfear socrúcháin oibre sóisialta mar chuid de ghnáthchleachtas na Seirbhíse Oibre Sóisialta anois. Tá sé fíor-luachmhar don Údarás socrúcháin a chur ar fáil do mhic léinn mar go mbíonn bealaí nua, nuálacha acu chun tabhairt faoin obair agus chun an obair a thuiscint. Ina theannta sin, agus deis ag na mic léinn blaiseadh a fháil den obair shóisialta i réimse na huchtála, táthar ag súil oibrithe sóisialta nua a earcú amach anseo as measc na mac léinn.

# Taighde



## Forléargas

Faoin Acht Uchtála, 2010 (96[1]), áirítear le feidhmeanna an Údaráis Uchtála

- Tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí uchtála a ghabháil de láimh, nó cabhrú leis an gcéanna;
- Faisnéis staidrimh agus taifid eile a thiomsú maidir leis na seirbhísí uchtála sin a phleanáil, a fhorbairt agus a sholáthar go cuí.

Ceapadh Fochoiste Taighde de chuid Bhord an Údaráis Uchtála in 2016, chun féachaint conas is fearr is féidir an ceanglas dlíthiúil sin a chomhlíonadh. Bunaíodh Foireann Taighde san Údarás Uchtála in 2019, agus fostaíodh Oifigeach Taighde ar dtús. Tháinig an tOifigeach Taighde ag obair leis an bhFoireann Ardbhainistíochta i mBealtaine 2023.

Fuair an tÚdarás cead ó RLCMLÓ an dara post buan a bheith san Fhoireann Taighde. Cúntóir Taighde ag grád an Oifigigh Riaracháin a bhí i gceist. Tugadh faoin bpróiseas earcaíochta don phost nua sin in 2023 agus thosaigh an ceapachán sa ról i mí na Samhna.


Bunaíodh Coiste Eitice Taighde an Údaráis in 2020 chun maoirsiú a dhéanamh ar bhreithnithe eiticiúla i ndáil leis na mórstaidéir thaighde. Beirt chomhaltaí Boird de chuid an Údaráis atá air agus comhairleoir seachtrach amháin ó RLCMLÓ. Tagann an Coiste Eitice Taighde le chéile de réir mar is gá, nuair a chuireann an Fhoireann Taighde dearadh staidéir ina láthair lena athbhreithniú agus lena fhaomhadh.

## Gníomhaíochtaí na Bliana 2023

Go luath sa bhliain 2023, faomhadh an Straitéis Taighde nua 2023–2025. Tá an straitéis sin ceaptha chun a bheith solúbtha, agus chun gur féidir leanúint ar aghaidh agus críoch a chur le roinnt staidéar ar cuireadh tús leo faoin straitéis roimhe sin. Áiríonn sí freisin roinnt staidéar nua atá beartaithe, a bhaineann le réimsí an mheasúnaithe uchtála, na huchtála ó chúram altrama fadtéarmach, agus na máthairionadaíochta idirnáisiúnta. Bunaíodh Meitheal Taighde Dlí chun plé a dhéanamh ar chonas a d'fhéadfadh an tÚdarás taighde a dhéanamh maidir le réimsí reachtaíochta a bhaineann le huchtáil. In 2023, tháinig an mheitheal sin le chéile faoi dhó, agus leag siad béim ar mháthairionadaíocht idirnáisiúnta mar shainréimse a bhféadfaí díriú air sa taighde.

## Staidéir Thaighde Lárnacha

### 'Reflections on the Irish Domestic Adoption Process 1952–2022'




Leagadh reachtaíocht síos don uchtáil bhaile den chéad uair faoin Acht Uchtála, 1952. Sa staidéar seo scrúdaítear uchtáil bhaile ó dhearcadh roinnt gníomhaithe, lucht tacaíochta agus soláthraithe seirbhíse a raibh baint acu le réimse na huchtála baile ar bhonn fadtéarmach le linn na tréimhse 70 bliain roimh AFBR. Rinne an Fochoiste Taighde athbhreithniú ar an tuarascáil a tháinig as an staidéar i mí Lúnasa 2023. Rinneadh mionathruithe bunaithe ar a gcuid aiseolais, agus ghlac Bord an Údaráis leis an tuarascáil dheiridh i mí na Samhna 2023. Foilseofar agus scaipfear í in 2024.

### 'The Lived Experience of Intercountry Adoption in Ireland'




Scrúdaíonn an staidéar seo saol na ndaoine a ndeachaigh an uchtáil idir tíortha i bhfeidhm orthu in Éirinn. Uchtaíodh breis is 5,000 duine idir tíortha go hÉirinn ó 1991 i leith.

Thiomsaigh an Fhoireann Taighde roinnt 'tuarascálacha cúlra tíre' mar chuid den staidéar seo, agus in 2023 d'fhoilsigh an Fhoireann Taighde an ceann deireanach de na cúig thuarascáil sin inar díríodh ar uchtáil ón Aetóip.

Rinne an Fhoireann Taighde athbhreithniú agus nuashonrú ar na ceithre thuarascáil eile atá ann cheana – maidir leis an Rómáin, Vítneam, an Rúis agus an tSín – i mí Iúil 2023 agus cuireadh figiúirí agus comhthéacs nua leo, mar ba chuí. Tá faisnéis ghinearálta chomhthéacsúil sna tuarascálacha cúlra tíre sin faoi uchtálacha ó na tíortha sin, mar aon le faisnéis faoi phróifíl aoise reatha gach cohórt uchtaithe. Measaimid go mbeidh siad úsáideach do raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear daoine a uchtaíodh agus a dteaghlaigh, grúpaí deonacha, soláthraithe seirbhíse agus lucht déanta beartas. Go dtí seo bhain an tÚdarás leas astu chun cuidiú le bonn eolais a chur faoi fhorbairt tacaíochtaí faisnéise agus rianaithe maidir le huchtáil idir tíortha.

In 2023, d'fhéach an Fhoireann Taighde le fócasghrúpaí a chur ar bun le dhá chohórt daoine in Éirinn a uchtaíodh idir tíortha: aois 13–17 agus 18+, faoi seach. Rinneadh fógraíocht fúthu sin trí phríomhpháirtithe leasmhara, mar a shonraítear i dTuarascáil Bhliantúil 2022. Nuair nár léiríodh mórán spéise iontu, rinneadh athbhreithniú ar an dearadh chun rogha a thabhairt do rannpháirtithe agallamh a dhéanamh ina n-aonar, in áit páirt a ghlacadh sna fócasghrúpaí. Cé nach bhfuarthas mórán rannpháirtithe fós, d'éirigh níos fearr le rogha an agallaimh, agus rinne an Fhoireann Taighde agallaimh chuimsitheacha in 2023 le naonúr daoine fásta eile a uchtaíodh idir tíortha, rud a d'fhág gur cuireadh aon duine dhéag faoi agallamh san iomlán. Sna hagallaimh sin, pléadh na hábhair seo a leanas: óige agus ógántacht, forbairt féiniúlachta, uchtú idir ciníocha, caidrimh, sláinte choirp agus meabhairshláinte, agus mothúcháin faoin teaghlach breithe. Tá anailís théamach ar shonraí na n-agallamh beagnach críochnaithe, agus scríobhfar na torthaí i dtuarascáil in 2024.

Ag deireadh na bliana 2023, d'fhorbair an Fhoireann Taighde suirbhé bunaithe ar na chéad torthaí ó na hagallaimh le daoine a uchtaíodh idir tíortha a ndéantar cur síos orthu thuas. Is é cuspóir an tsuirbhé sin cuid de na torthaí a fhiosrú le sampla níos mó daoine a uchtaíodh idir tíortha in Éirinn ag baint úsáid as modh cainníochtúil. Bhuail an tOifigeach Taighde leis an bpríomhthaighdeoir ar an bhfoireann taighde uchtála atá in Ollscoil Minnesota, agus cuireadh san áireamh sa suirbhé cuid dá mbearta, agus iad curtha in oiriúint de réir mar is gá chun iad a úsáid i leith daoine a uchtaíodh idir tíortha in Éirinn. Áiríonn an suirbhé atá beartaithe roinnt ceisteanna freisin faoi cé acu ar chuala na daoine a d'fhreagair é faoi na fócasghrúpaí / na hagallaimh, agus, má chuala, cén fáth ar roghnaigh siad gan a bheith rannpháirteach. Úsáidfear an t-aiseolas sin chun bonn eolais a chur faoi dhearadh agus faoi fhógraíocht nuair a dhéanfaidh an tÚdarás Uchtála taighde amach anseo.

Le linn 2023, rinne an Fhoireann Taighde iarracht freisin daoine 13–17 mbliana d'aois a earcú le haghaidh fócasghrúpaí agus/nó le haghaidh agallamh maidir leis an gcaoi a ndeachaigh an uchtáil idir tíortha i bhfeidhm orthu (ag baint úsáid as an dearadh leasaithe a bhfuil cur síos air thuas). Bhí an líon daoine a ghlac páirt an-íseal, áfach, agus tar éis dóibh aiseolas a lorg ó líon beag tuismitheoirí agus déagóirí a léirigh spéis páirt a ghlacadh ann, chinn an Fhoireann Taighde athrú a dhéanamh ar an ngné sin den staidéar ar shaol na ndaoine a ndeachaigh an uchtáil idir tíortha i bhfeidhm orthu, maidir leis an aoisghrúpa áirithe sin. Is ar líne atá an dearadh nua atá beartaithe agus baintear úsáid as modheolaíocht taighde ealaínbhunaithe. Tá sé níos giorra, agus is féidir é a líonadh isteach ag am atá áisiúil don rannpháirtí. Cuireadh an dearadh sin faoi bhráid ár gCoiste Eitice Taighde lena athbhreithniú i mí na Nollag 2023, agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis in 2024, a luaithe a bheidh faomhadh eiticiúil faighte.

## Acmhainní Taighde

Tá rochtain ag gach duine den fhoireann agus gach comhalta Boird ar chatalóg ar líne na leabharlainne agus ar bhunachar na n-irisleabhar ag am ar bith. Cuireadh roinnt leabhar nua le leabharlann an Údaráis in 2023, agus uasghrádaíodh síntiús EBSCO an Údaráis chun go n-oirfeadh sé níos fearr do riachtanais na heagraíochta.

## Comhdhálacha agus Líonrú

Lean an Fhoireann Taighde ag díriú ar chaidrimh a chothú le páirtithe leasmhara eile in 2023. D'eagraigh an fhoireann ceardlann uair an chloig dar teideal Becoming Adoption Aware: Supporting Ireland's Adoption Community Through Awareness, Language and Sensitivity. Chuir an fhoireann an cheardlann sin ar fáil do thoscairí ag comhdháil Chumann Síceolaithe Éireann in 2023. Fuair gach rannpháirtí sa cheardlann naisc chuig roinnt acmhainní, lena n-áirítear an dá ghrafaic faisnéise dar teideal 'Simple Ways to Be Adoption Aware', a dhear an Fhoireann Taighde in 2022. Bhí an chéad chruinniú ag an bhFoireann Taighde freisin le hionadaí ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí in 2023 chun plé a dhéanamh ar fheasacht maidir le huchtáil a chur san áireamh sa mhodúl nua oiliúna i ndáil le comhionannas agus éagsúlacht do mhúinteoirí.



Bhí an tOifigeach Taighde ina chathaoirleach ar chruinniú de chuid Líonra Taighde Uchtála na hÉireann in 2023. Phléigh an grúpa ionadaíocht na hÉireann ag an gComhdháil Idirnáisiúnta um Thaighde Uchtála-8 atá le tarlú, agus cur chun cinn taighde uchtála na hÉireann i measc phríomhghrúpaí páirtithe leasmhara na hÉireann i nuachtlitir a chuirfidh an Fhoireann Taighde le chéile. De ghnáth bíonn an Chomhdháil Idirnáisiúnta um Thaighde Uchtála ar siúl gach ceithre bliana. Beidh sé ar siúl in Minnesota i mí Iúil 2024.


Le linn an dara leath de 2023, chuir an Fhoireann Taighde chun cinn taighde ábhartha uchtála a rinneadh in Éirinn agus i dtíortha eile le déanaí san eagraíocht féin trí bhileoga gearra a réiteach agus a scaipeadh ar fhoireann uile an Údaráis. Achoimre ar alt in irisleabhar, ar chur i láthair ag comhdháil, nó ar phodchraoladh nó físeán atá i ngach píosa léitheoireachta. Is é an cuspóir atá leis na bileoga sin ná a chinntiú go bhfuil eolas ag gach ball foirne faoi na forbairtí is déanaí i dtaighde uchtála, agus go bhfuil siad ar an eolas faoi thaighde agus iad ag idirghníomhú le húsáideoirí seirbhísí.

I mí na Bealtaine 2023, rinne an tOifigeach Taighde cur i láthair don toscaireacht a bhí ar cuairt ó údarás lárnach Vítneam (féach freisin an rannán faoi Imeachtaí agus Taisteal 2023). Áiríodh leis an gcur i láthair achoimre ar thuarascáil chúlra Vítneam, a raibh nuashonrú déanta uirthi, agus ar thorthaí taighde uchtála idir tíortha na hÉireann go dtí seo. Ina dhiaidh sin rinne an tOifigeach Taighde cur i láthair den chineál céanna don Aonad um Beartas Uchtála in RLCMLÓ.

## Cumarsáid Sheachtrach

I rith na bliana 2023, fuair an Fhoireann Taighde iarraidh ó am go chéile ó pháirtithe seachtracha a bhí ag lorg staitisticí nó faisnéis eile maidir le taighde uchtála. Nuair ab fhéidir agus nuair a bhí sé praiticiúil, rinne an fhoireann iarracht i gcónaí cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil do na páirtithe sin.

.



# Acmhainní Daonna



## Forléargas

Ráta fáis easpónantúil 63% a bhí ag an Údarás in 2022, agus ansin, in 2023, féachadh leis an méadú sin a chur ar bhonn stuama buan, agus daoine fós á bhfostú ar bhonn straitéiseach. Ina theannta sin, bhí an eagraíocht á hullmhú don todhchaí trí infheistíocht a dhéanamh sa teicneolaíocht agus san oiliúint.

San fhorléargas ar an earcaíocht, léirítear an t-aistriú sin ó shíorathrú go buanseasmhacht le hearcú ár bPríomhfheidhmeannaigh nua, an Dr Lorraine Horgan, chomh maith le roinnt fostaithe a earcaíodh i bpoist straitéiseacha thábhachtacha inár bhfoirne Oibre Sóisialta agus Taighde, ceannaire nua buan ar an rannóg Acmhainní Daonna, agus béim leanúnach ar shoghluaisteacht inmheánach.

Mar a luadh i bPlean Gnó 2023 Údarás Uchtála na hÉireann, ba é ceann dár bpríomhspriocanna maidir le hAcmhainní Daonna ná 'Barr feabhais a chur ar phróisis agus ar oibríochtaí lena chinntiú go gcuirtear seirbhísí ardchaighdeáin ar fáil don phobal'. Chuige sin dhíríomar ar oiriúnú teicniúil agus dearadh agus cuireadh i bhfeidhm córas éifeachtach ama agus tinrimh don eagraíocht. In R3 2023 thosaíomar ag pleanáil maidir le córas nua ama agus tinrimh a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, chuireamar barr feabhais ar ár bpróisis agus bunaíodh ár gcéad Chóras Rianaithe Iarratasóirí, rud a fheabhsóidh rúndacht iarrthóirí, a chuirfidh béim nua ar thagarmharcáil maidir le méadracha fostaíochta, agus a dhéanfaidh ár bpróisis fostaíochta níos éifeachtaí.

Tháinig méadú agus fás mór ar an eagraíocht in 2022 agus fostaíodh líon mór daoine, agus ina dhiaidh sin dhíríomar ar na fostaithe sin, agus ar a gcuid scileanna a fheabhsú, lena chinntiú go gcuirimid deiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil ar bhealach atá éasca le rochtain agus cothrom, chun ligean dóibh a n-uaillmhianta gairme a bhaint amach, agus a gcuid oibre a ailíniú chun tacú le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach an Údaráis.

## Earcaíocht

In 2023, d'eagraigh an tÚdarás 14 chomórtas earcaíochta, lena n-áirítear dhá chomórtas theoranta. Earcaíodh baill foirne shealadacha i gceithre cinn de na comórtais sin, agus ceapadh ochtar ball foirne san iomlán ar bhonn sealadach. Déanann an tÚdarás féin a chuid earcaíochta ar fad faoi cheadúnas ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. In 2023, ceapadh 23 ball foirne. Ceapacháin inmheánacha a bhí i gceist le ceithre cinn díobh sin.

Príomhchomórtas in 2023 ab ea Príomhfheidhmeannach nua a earcú ar conradh ar théarma seasta cúig bliana chun teacht i gcomharbas ar an POF a bhí ann roimhe sin, Patricia Carey, a d'fhág Údarás Uchtála na hÉireann ag deireadh 2022. Ceapadh beirt Phríomhfheidhmeannach eatramhacha chun an eagraíocht a bhainistiú in 2022 go dtí go gcríochnódh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an comórtas earcaíochta oscailte. Earcaíodh an Príomhfheidhmeannach nua, an Dr Lorraine Horgan in 2023 agus thosaigh sí ag obair sa ról sin i mí Eanáir 2024.

Bhain an tÚdarás an-leas as earcú beirt Oibrithe Sóisialta Cáilithe Gairmiúla in 2023, toisc gur lig sé sin don Fhoireann Oibre Sóisialta saineolas níos speisialaithe a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí a ndeachaigh AFBR i bhfeidhm orthu. Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás lenár bhFoireann Taighde agus fostaíodh Cúntóir Taighde, an chéad ról buan ar ghrád an Oifigigh Riaracháin.

Tá rátaí arda soghluaisteachta inmheánaí san Údarás fós, rud a chiallaíonn gur féidir leis an bhfoireann méadú agus forbairt go gairmiúil agus go bhfuil eolas eagraíochtúil agus eolas a bhaineann leis an ról ag an bhfoireann freisin. Tagann an tsoghluaisteacht inmheánach sin go mór lenár gcuspóir gnó 'Clár láidir a chur i bhfeidhm maidir le coinneáil, forbairt, agus comharbas foirne chun leanúnachas seirbhísí, coinneáil eolais agus forbairt eagraíochta a chinntiú'.

## Pinsean/Scor

Is baill de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí iad formhór de bhaill foirne an Údaráis (83%). Soláthraíodh Ráitis Sochair Bhliantúla do gach ball den Scéim sin mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht.

Chuaigh duine amháin ar scor in 2023, rud a d'fhág go bhfuil naonúr pinsinéirí san iomlán in Údarás Uchtála na hÉireann.

## Oiriúnú Teicniúil

Cuireadh tús leis an gcóras nua ama agus tinrimh a chur i bhfeidhm i Meán Fómhair 2023 tar éis próiseas soláthair. Ceadóidh an córas seo rochtain fíor-ama ar fhaisnéis atá stóráilte, rud a chiallaíonn go mbeifear in ann tuarascálacha breise a ghiniúint agus go mbeidh stóráil sonraí níos sábháilte. Déanfar dul chun cinn leis an gcóras nua a chur i bhfeidhm go luath in 2024.

Reáchtáladh próiseas soláthair chun Córas Rianaithe Iarratasóirí a roghnú in R4. Táthar ag súil de bharr an Chórais Rianaithe Iarratasóirí, arb é an chéad cheann de chuid an Údaráis é, go dtiocfaidh feabhas ar shlándáil maidir le rúndacht iarrthóirí, agus go gcuirfear béim leanúnach ar chomhlíonadh RGCS. Agus leas á bhaint againn as suíomh nua earcaíochta post, beidh an tÚdarás Uchtála in ann folúntais a fhógairt ar ardáin éagsúla, áit a bhfeicfidh líon níos mó iarrthóirí féideartha iad. Beidh rochtain againn freisin ar uirlisí brandála fostóirí ionas go mbeidh ár mbrandáil i gcomhréir leis an mbrandáil atá ag comhlachtaí eile san earnáil phoiblí. Fágfaidh sé freisin gur féidir tagarmharcanna earcaíochta a bhunú agus tuairisciú

éasca a dhéanamh ar mhéadracht maidir le fostú (an t-am a thógann sé duine a fhostú, comhréir na n-iarratasóirí le líon na n-agallamh, monatóireacht ar líon na n-iarrthóirí a tharraingíonn siar, agus béim níos mó ar dhaoine ó Phoblacht na hÉireann a earcú).

### Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil

Thacaigh an fhoireann acmhainní daonna le rannpháirtíocht na foirne i réimse cúrsaí agus seimineár. Reáchtáladh go leor acu ó chian.

### Clár Cúnaimh d'Fhostaithe

Bíonn an tÚdarás fós ag cur chun cinn seirbhísí faoinár gClár Cúnaimh d'Fhostaithe tiomnaithe atá ar fáil do gach ball foirne de réir mar is gá. Tá rochtain ag gach fostaí ar líne theileafóin thacaíochta 24-uair an chloig, measúnú bainistíochta cásanna agus suas le sé sheisiún comhairleoireachta rúnda a mhaireann uair an chloig saor in aisce.

**Áiríodh leis na topaicí a clúdaíodh**

- Oiliúint Feasachta ar Mhíchumas
- Mná i mBun Ceannaireachta
- Dioplóma Gairmiúil i gCosaint Sonraí & RGCS
- Fondúireacht um Bainistíocht Seirbhíse TF (ITIL).
- Lá Oiliúna Bunscileanna Cartlainne
- Bainistíocht Feidhmíochta agus Oiliúint maidir le Breithmheas
- Aghaidh a Thabhairt ar Chásanna Deacra
- Teiripe Dírithe ar Ghearr-Réiteach
- Ráitis Airgeadais Earnálacha – Comhlachtaí Stáit
- Míchumais Dhofheicthe san Ionad Oibre a Thuiscint
- Cúrsaí Airgeadais do Dhaoine nach Gairmithe Airgeadais iad
- Oiliúint Idirchultúrtha agus Frithchiníochais
- Deimhniú sa Ghaeilge Ghairmiúil
- Buntreoir maidir le hAgallóireacht Spreagthach
- Anailís ar Riachtanais Oiliúna/Anailís ar Riachtanais Foghlama
- Oiliúint QQI agus Measúnú uirthi
- Déileáil le Glaonna Achrannacha
- Dioplóma i gCleachtas Gairmiúil Acmhainní Daonna
- Oiliúint Agallóireachta ar Bhonn Inniúlachta
- Deimhniú sa Soláthar Poiblí
- Dlí an Riaracháin sa Státseirbhís
- Deimhniú i gCaiteachas Poiblí agus i mBainistíocht Airgeadais
- Saoráil Faisnéise do Chinnteoirí
- Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- Deimhniú maidir le RGCS agus Cosaint Sonraí

# Seirbhísí Corparáideacha agus Creidiúnú



## Suíomh Gréasáin agus Cumarsáid

Bhí suíomh gréasáin an Údaráis (www.aai.gov.ie) fós tábhachtach mar fhoinse faisnéise agus nuachta ón Údarás Uchtála. Le linn 2023, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar ábhar an tsuímh ghréasáin chun feabhas a chur ar chaighdeán na faisnéise a roinntear le húsáideoirí seirbhíse agus leis an bpobal. Le linn an phróisis, breithníodh oibleagáidí na heagraíochta faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin agus faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021.

Le linn 2023, bhí an suíomh gréasáin um Fhaisnéis agus Rianú Breithe (www.birthinfo.ie) fós ina ardán chun faisnéis a sholáthar a bhaineann leis an reachtaíocht nua, agus mar thairseach d'fhoirmeacha iarratais ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála, do sheirbhísí rianaithe agus d'fhaisnéis bhreithe agus luathshaoil.

## Preas/Na Meáin

Cuireadh an-spéis in AFBR in 2022 de bharr an fheachtais faisnéise phoiblí agus leanadh leis an spéis sin in 2023. D'fhiosraigh na meáin in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe an fhaisnéis is déanaí maidir le rátaí freagartha ar iarratais.

I mí Lúnasa, d'fhostaigh an tÚdarás Limelight Communications chun na seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil chun freastal ar an riachtanas méadaithe cumarsáide agus caidrimh phoiblí a bhí de dhíth mar gheall go rabhthas ag ceiliúradh cothrom bliana an mhórphíosa reachtaíochta a achtaíodh an bhliain roimhe sin.

Tarraingíodh aird an phobail agus na meán ag roinnt príomhimeachtaí in 2023. Ar an 3 Iúil, chun bliain ó bunaíodh an CST a cheiliúradh, d'eisigh an tÚdarás preasráiteas a tharraing suim mhór ó chraoltóirí agus iriseoirí ar fud na tíre agus níos faide i gcéin.

Músclaíodh suim na meán náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin nuair a sheol an tAire Roderic O'Gorman Tuarascáil Bhliantúil 2022 an Údaráis ag ócáid ar an 19 Meán Fómhair, agus d'fhógair an tÚdarás go raibh an riaráiste iarratas ar scaoileadh faisnéise faoi AFBR glanta. Ar an 3 Deireadh Fómhair, eisíodh preaseisiúint chun ócáid mhór eile a cheiliúradh – bliain ó cuireadh tús le seirbhísí scaoileadh faisnéise agus rianaithe faoi AFBR 2022.

Rinne an tÚdarás dlúthfhaireachán ar thuairiscí nuachta a bhain le huchtáil sna meáin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag baint úsáid as ár seirbhís faireacháin ar na meáin, chun bheith cothrom le dáta maidir le forbairtí ar ábhair a bhaineann le huchtáil in 2023, agus d'fhreagair an eagraíocht gach fiosrúchán agus iarraidh a rinne lucht an phreasa i rith na bliana.



*Ó chlé: An tUasal Sean O'Brien, Leas-Chathaoirleach; An Dr Margo Anglim, Comhalta Boird; An Dr Roderic O'Gorman, Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; Orlaith Traynor Uasal, Cathaoirleach an Údaráis; An tUasal Colm O'Leary, POF eatramhach.*


MENU RTÉ

NEWS ▸ IRELAND ▸ World Business Sport Nuacht Programmes RTÉ Investigates

## Adoption Authority records thousands seeking birth information

Updated / Tuesday, 3 Oct 2023 08:39

A total of 85% of those added to the register in the past year are adopted persons (file image)

By Ailbhe Conneely
Social Affairs & Religion Correspondent


The Journal

Image of August 2022 of a booklet about the new Birth Information and Tracing Act, produced by the AAI. IMAGE: Alamy Stock Photo

ADOPTION AUTHORITY OF IRELAND

## More than 3,800 applications for records in first year of Birth Information and Tracing Act

The Adoption Authority of Ireland said there has been significant progress but that further work still lies ahead.

6.46am, 3 Oct 2023 7.2k 5


## Massive backlog of adoption data requests almost cleared after 'surge' in applications last year following law change

Adoption Authority of Ireland (AAI) has said there has been a "seismic change" in relation to sharing adoption information in Ireland

Cian O'Broin
September 19 2023 2:30 AM


breakingnews.ie

## Supreme Court upholds adoption of girl against birth mother's wishes

IRELAND

The girl, who is now a young woman, was born with foetal alcohol syndrome with associated global development delay and a moderate general learning disability. Photo: PA Images

SHARE THIS ARTICLE

24/05/2023 | 16:27 PM
HIGH COURT REPORTERS


THE IRISH TIMES

## Adoption body says personal information request backlog now cleared

Delay of almost year 'unacceptable' as Adoption Authority of Ireland says it was inundated with applications for birth certificates, birth information, early life, care and medical information

Expand

Adoption Authority of Ireland interim chief executive Colm O'Leary with Minister for Children Roderic O'Gorman: The authority was 'inundated, to put it mildly,' says Mr O'Leary. 'It took a while for us to be really confident in finding the structure of the records...' Photograph: Alan Betson


MENU RTÉ

NEWS ▸ Middle East Sport Entertainment Business Regional Ireland Climate Nuacht Politics World RTÉ Investigates Programmes

## Supreme Court dismisses appeal by birth mother against adoption of daughter

Updated / Wednesday, 24 May 2023 15:50

The decision upholds a Court of Appeal decision allowing the adoption to proceed

By Vivienne Traynor
RTÉ Courts Reporter

## Ceisteanna Parlaiminte

San iomlán, fuair an tÚdarás 27 Ceist Pharlaiminte agus freagraíodh iad in 2023.

## Bainistíocht Fuinnimh agus Gníomh ar son na hAeráide

In Aibreán 2023, cheadaigh an Bord an chéad Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na heagraíochta.

Tá an tÚdarás tiomanta dá spriocanna maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú 51% faoi 2030.

Is é an príomhthéama a roghnaigh an tÚdarás don chéad Treochlár ná oideachas agus feasacht agus leagtar spriocanna amach maidir le rannpháirtíocht sa ghníomhú aeráide agus tuiscint air a mhéadú agus bainistíocht fuinnimh a fheabhsú ar fud na heagraíochta. Chun rannpháirtíocht agus oideachas a chur chun cinn i measc na foirne, sainaithníodh acmhainní oideachais oiriúnacha le treoir ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun feasacht a mhúscailt i measc na foirne maidir le hastaíochtaí a bhaineann le fuinneamh agus, le himeacht ama, maidir le saincheisteanna aeráide níos forleithne chun tacú le lorg carbóin na heagraíochta a laghdú.

Ina theannta sin, aimseoidh an tÚdarás cúrsa oiliúna cuí faoin ngníomhú ar son na haeráide don fhoireann. Tá uaillmhian ag an eagraíocht go léir i dtaobh gníomhú ar son na haeráide, agus freagracht uirthi ina leith sin, agus beimid ag obair chun cur le cumas ár bhfoirne freagairt don dúshlán sin.

Aithníodh gur príomhréimse ina bhféadfaí astaíochtaí carbóin a laghdú é beartas soláthair an Údaráis. Is ionann soláthar poiblí in Éirinn agus 10%-12% den olltáirgeacht intíre. Tá an tÚdarás ag obair chun Soláthar Poiblí Glas a leabú ina bheartas corparáideach, atá dírithe ar astaíochtaí a laghdú tuilleadh agus na hearraí agus na seirbhísí a theastaíonn uaithi a bheith fós á soláthar don eagraíocht.

Amach sa bhliain 2023, chun a spriocanna maidir le laghdú carbóin a bhaint amach, d'fhostaigh an tÚdarás conraitheoir chun an chéad iniúchadh fuinnimh a dhéanamh. Táthar ag súil go gcríochnófar an t-iniúchadh fuinnimh go luath in 2024 agus sainaithneofar ann cuspóirí agus tionscadail chun tacú leis an gclár oibre inbhuanaitheachta do Threochlár 2024–2025.

## Bainistíocht Saoráidí

Rinneadh athrú mór ar leagan amach an spáis oifige ar an tríú hurlár san Údarás in 2023 chun freastal ar fhórsa saothair an Údaráis, atá ag dul i méid, ar bhealach compordach agus sábháilte. Rinneadh athchóiriú ar chuid den spás, a úsáideadh mar áit stórála cheana, chun dhá fhoireann a athlonnú.

Mar chuid den tionscadal sin, rinneadh oibreacha breise ar an gcuid eile den tríú hurlár; lena n-áirítear fáil réidh leis an seanchairpéad agus tíleanna cairpéid nua Pure Air 100 a chur síos, chomh maith leis na ballaí ar an urlár sin a phlástráil agus a athphéinteáil. Le Pure Air 100 cinntítear gur féidir leis an gcairpéad deannach a bhailiú agus aer an fhoirgnimh a choinneáil glan. Cloíonn na tíleanna cairpéad nua le ceanglais EN-14041 (Ceanglais Eorpacha maidir le Sláinte, Sábháilteacht agus Fuinneamh), lena n-áirítear aicme E1 maidir le hastaíochtaí formaildéid, rud a chuidíonn le dea-cháilíocht aeir san fhoirgneamh.

Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag athrú leagan amach na hoifige agus ag cur feabhas air in 2024.

## Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair

Tá an tÚdarás tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chinntiú dá chuid fostaithe, conraitheoirí, cuairteoirí agus daoine eile, a bhíonn ag obair san oifig nó a thugann cuairt uirthi. Faoin Acht Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa ag an Obair, 2005 leagtar béim mhór ar an ngá atá le teagasc, faisnéis agus oiliúint a sholáthar d'fhostaithe mar is gá chun féachaint chuige go mbeidh siad slán sábháilte agus iad i mbun a ngníomhaíochtaí oibre.

Chun tacú leis an bhfoireann dualgais a chomhlíonadh ar bhealach sábháilte agus eolach, chuaigh foireann an Údaráis Uchtála faoi oiliúint sna réimsí seo a leanas in 2023:

| | |
|---|---|
| Láimhsiú sábháilte | 48 |
| Maor Dóiteáin | 5 |
| Garchabhair | 4 |
| Measúnóir Riosca maidir le Scáileán Taispeána | 1 |
| Deimhniú sa tSláinte, sa tSábháilteacht agus sa Leas ag an Obair | 1 |
| Ionadaí Sábháilteachta | 1 |

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag tacú le socruithe sábháilte oibre cumaisc don fhoireann ar fad trí chomhpháirtí Sláinte agus Sábháilteachta seachtrach a fhostú lena dhearbhú go raibh cianstáisiúin oibre oiriúnach agus chun comhairle a thabhairt maidir le gníomhartha oiriúnacha nuair a aithníodh bearnaí.

## Creidiúnú

### Clár na gComhlachtaí Creidiúnaithe

Coinníonn an tÚdarás 'Clár Comhlachtaí Creidiúnaithe', mar a leagtar amach sa reachtaíocht. Is é cúig bliana an tréimhse chláraithe thosaigh agus ní rachaidh tréimhse athnuachana thar thrí bliana. In 2023, ní bhfuarthas aon iarratas nua, agus próiseáladh dhá athnuachan.

Bhí trí chomhlacht creidiúnaithe cláraithe faoi dheireadh na bliana 2023.

**Tábla 15:** *Clár na gComhlachtaí Creidiúnaithe 2023*

| Comhlacht Creidiúnaithe | Dáta an chreidiúnaithe |
|---|---|
| *Pact*<br>18D Páirc Oifigí an Gharráin Chnó<br>Ráth Fearnáin<br>Baile Átha Cliath 14 | Athchreidiúnaithe an 22 Meitheamh 2022 |
| Seirbhís Iar-Uchtála Barnardos<br>23/24 Sráid Buckingham<br>Baile Átha Cliath 1 | Athchreidiúnaithe an 07 Meán Fómhair 2022 |
| Helping Hands Adoption Facilitation Agency, ag trádáil mar Helping Hands Adoption Mediation Agency<br>The Loft, Ionad Bessboro<br>Bóthar na Dúcharraige<br>Corcaigh | Athchreidiúnaithe an 07 Márta 2023 |

### Nósanna Imeachta Creidiúnaithe

I gcomhréir leis na ceanglais reachtúla, bhí Údarás Uchtála na hÉireann i dteagmháil ghníomhach leis na comhlachtaí creidiúnaithe go léir i rith na bliana 2023. Chuir an lucht feidhmiúcháin tuarascáil mhíosúil faoi bhráid Bhord an Údaráis inar sonraíodh an ghníomhaíocht agus an rannpháirtíocht leis na comhlachtaí creidiúnaithe.

Ceanglaítear ar chomhlachtaí creidiúnaithe tuarascálacha maidir le gníomhaíocht a chur isteach dhá uair sa bhliain. In 2023, chuir gach comhlacht iomchuí dhá thuarascáil isteach, ceann gach sé mhí. Rinne an lucht feidhmiúcháin achoimre ar gach tuarascáil agus cuireadh faoi bhráid Bhord an Údaráis Uchtála iad. Chuir na comhlachtaí creidiúnaithe iomchuí isteach cuntais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 freisin.

### Scor de Chreidiúnú Comhlachtaí


Ní dhearnadh aon chomhlacht creidiúnaithe a dhíchlárú go foirmiúil in 2023.

3. Faoi Alt 126-135 den Acht Uchtála, 2010 agus faoi I.R. Uimh. 524 de 2010, Na Rialacháin um an Acht Uchtála, 2010 (Comhlachtaí Creidiúnaithe), 2010, foráiltear go gcoinneoidh an tÚdarás Clár Comhlachtaí Creidiúnaithe.
4. De réir Alt 128 den Acht Uchtála, 2010.

# Staitisticí maidir leis an tSeirbhís Rianaithe




**Fíor 8:** *Cé a rinne iarratas ar rianú?*





Mar a léirítear i bhFíor 8 thuas, fuarthas an líon is mó iarrataí ar sheirbhís rianaithe ó dhaoine a uchtaíodh agus b'ionann iad agus 88% den líon iomlán iarratasóirí. Ba mháithreacha breithe agus gaolta breithe iad an 12% eile. B'ionann an dá ghrúpa sin agus 6% den líon iomlán an ceann.

**Fíor 9:** *Cé a bhí na hiarratasóirí ag iarraidh a lorg?*




Bhain formhór na n-iarratas a fuarthas le máthair bhreithe (48%) agus athair breithe (32%) a lorg. An duine a uchtaíodh a lorg a bhí i gceist le deich faoin gcéad de na hiarratais ar rianú, agus bhain 8% agus 2% de na hiarratais le gaolta breithe agus deartháireacha nó deirfiúracha a uchtaíodh a lorg.

**Fíor 10:** *Daoine a Uchtaíodh: Rianú de réir aoisghrúpa*





Aoisghrúpa 50–59 a bhí i gceist le tromlach na ndaoine a rinne iarraidh nó iarratas ar rianú (42%), agus is é an t-aoisghrúpa 40–49 an dara cohórt is mó agus an t-aoisghrúpa 60–69 an tríú ceann is mó a rinne iarratas ar rianú. B'ionann an líon daoine san aoisghrúpa 18–29 agus an líon is lú iarratasóirí. 1% den líon iomlán a bhí i gceist leis an ngrúpa sin, agus b'ionann líon na ndaoine 30–39 bliain d'aois agus 6%. Léiríonn na torthaí sin gur le haoisghrúpaí níos sine a bhaineann na máithreacha breithe agus na haithreacha breithe atá á lorg freisin.

## Torthaí i gcás inar aimsíodh máthair bhreithe:

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil daoine á gcomhaireamh faoi dhó sna torthaí ón tSeirbhís Teacht le Chéile ar Bhonn Idirghabhála agus ón tSeirbhís Iar-Theacht le Chéile.

**Fíor 11:** *Torthaí i gcás inar aimsíodh máthair bhreithe (Eanáir go Meitheamh 2023)*





- Dúnta ag an gCéad Chruinniú – 17%
- Teágmhail Diúltaithe – 14%
- Ní bhFuarthas aon Fhreagra - 21%
- Teacht le chéile ar bhonn idirghabhála – 14%
- Seirbhis iar-theacht le chéile – 14%
- Éagtha, teagmháil le gaolta eile – 10%
- Éagtha, dúnta – 7%
- Tachaíocht Oibre Sóisiolta Teagamháil Dhíreach – Dúnta Roimh Theacht le Chéile – 3%
- Níorbh fhéidir duine a aimsiú – 0%

Níor dúnadh aon chás sa tréimhse Eanáir go Meitheamh nuair nár aimsíodh aon mháthair bhreithe.

I measc na dtorthaí ab airde bhí 'Ní bhFuarthas aon Fhreagra' (21%) agus 'Dúnta ag an gCéad Chruinniú' (17%).

**Fíor 12:** *Torthaí i gcás inar aimsíodh máthair bhreithe (Iúil go Nollaig 2023)*





- Dúnta/Níor Gníomhaíodh Rianú nó Tarraingíodh Siar É – 21%
- Teagmháil Diúltaithe – 17%
- Ní bhFuarthas aon Fhreagra – 10%
- Teacht le chéile ar bhonn idirghabhála – 10%
- Seirbhis Iar-Theacht le Chéile – 13%
- Éagtha, teagmháil le gaolta eile – 10%
- Éagtha, dúnta – 6%
- Obair na Seirbhíse Idirghabhála – Dúnta – 11%
- Níorbh Fhéidir Duine a Aimsiú – 2%

An t-athrú ar cheannteidil torthaí idir Eanáir agus Meitheamh agus iad siúd a úsáideadh ó Iúil go Nollaig, bhí sé bunaithe ar aiseolas ón bhFoireann Oibre Sóisialta ar a dtaithí cleachtais agus iarracht na torthaí a mheaitseáil leis sin.

Áiríodh ar an dá thoradh ab airde 'Rian Dúnta Gan Ghníomhachtú/Tarraingthe Siar' (21%) agus Teagmháil Diúltaithe (17%).

## Torthaí i gcás inar aimsíodh Athair Breithe

**Fíor 13:** *Torthaí i gcás inar aimsíodh athair breithe (Eanáir go Meitheamh 2023)*





- Dúnta ag an gCéad Chruinniú – 26%
- Teágmhail Diúltaithe – 21%
- Ní bhFuarthas aon Fhreagra – 16%
- Teacht le chéile de thoradh idirghabhála – 11%
- Seirbhis Iar-Theacht le Chéile – 11%
- Éagtha, teagmháil le gaolta eile – 5%
- Éagtha, dúnta – 0%
- Tachaíocht Oibre Sóisiolta – Teagamháil Dhíreach – Dúnta Roimh Theacht le Chéile – 0%
- Níorbh Fhéidir Duine a aimsiú – 5%
- Ní raibh aon Rian le Fáil - Ní raibh Dóthain Faisnéise ar fáil – 0%
- Níorbh Fhéidir teacht ar Athair Breithe. Faisnéis Tarraingthe siar – 5%

Níor dúnadh aon chás sa tréimhse Eanáir–Meitheamh gan dóthain faisnéise ar an taifead chun athair breithe a aimsiú, ná ní raibh aon chás ann a dúnadh ina raibh an t-athair breithe éagtha, ná faoi 'Tacaíocht Oibre Sóisialta – Teagmháil Dhíreach – Dúnta Roimh Theacht le Chéile'.

Áiríodh ar an dá thoradh ab airde 'Dúnta ag an gCéad Chruinniú' (26%) agus 'Teagmháil Diúltaithe' (21%).

**Fíor 14:** *Torthaí i gcás inar aimsíodh athair breithe (Iúil go Nollaig 2023)*




- Dúnta Níor Gníomhaíodh Rianú nó Tarraingíodh Siar é – 13%
- Teágmhail Diúltaithe – 13%
- Ní bhFuarthas aon Fhreagra – 6%
- Teacht le chéile de thoradh idirghabhála – 4%
- Seirbhís Iar-Theacht le Chéile – 6%
- Éagtha, teagmháil le gaolta eile – 10%
- Éagtha, Dúnta – 16%
- Tacaíocht – Seirbhís Idirghabhála – 6%
- Níorbh Fhéidir Duine a Aimsiú – 10%
- Ní Raibh Aon Rian le fáil - Gan Dóthain Faisnéise – 10%
- Níorbh Fhéidir teacht – ar Athair Breithe. FaisnéisTarraingthe siar – 0%
- Eile – 6%

Níor dúnadh aon chás sa tréimhse Iúil go Nollaig nuair nár rianaíodh duine mar gheall nach raibh dóthain eolais ar an taifead.

I measc na dtrí thoradh ab airde bhí 'Éagtha – Dúnta' (16%), 'Rianú Dúnta/Gan Ghníomhachtú/Tarraingthe Siar' (13%) agus 'Teagmháil Diúltaithe' (13%)

# Staitisticí maidir le hUchtáil Bhaile agus Uchtáil Idir Tíortha



**Tábla 16:** *Staitisticí maidir le hUchtáil Bhaile 1953–2023*

| Bliain | Líon na nUchtálacha |
|---|---|
| **1953** | 381 |
| **1954** | 888 |
| **1955** | 786 |
| **1956** | 565 |
| **1957** | 752 |
| **1958** | 592 |
| **1959** | 501 |
| **1960** | 505 |
| **1961** | 547 |
| **1962** | 699 |
| **1963** | 840 |
| **1964** | 1,003 |
| **1965** | 1,049 |
| **1966** | 1,178 |
| **1967** | 1,493 |
| **1968** | 1,343 |
| **1969** | 1,225 |
| **1970** | 1,414 |
| **1971** | 1,305 |
| **1972** | 1,291 |
| **1973** | 1,402 |
| **1974** | 1,415 |
| **1975** | 1,443 |
| **1976** | 1,104 |
| **1977** | 1,127 |
| **1978** | 1,223 |
| **1979** | 988 |
| **1980** | 1,115 |
| **1981** | 1,191 |
| **1982** | 1,191 |
| **1983** | 1,184 |
| **1984** | 1,195 |
| **1985** | 882 |
| **1986** | 800 |
| **1987** | 715 |
| **1988** | 649 |
| **1989** | 615 |
| **1990** | 648 |

| Bliain | Líon na nUchtálacha |
|---|---|
| **1991** | 590 |
| **1992** | 523 |
| **1993** | 500 |
| **1994** | 424 |
| **1995** | 490 |
| **1996** | 405 |
| **1997** | 422 |
| **1998** | 400 |
| **1999** | 317 |
| **2000** | 303 |
| **2001** | 293 |
| **2002** | 266 |
| **2003** | 263 |
| **2004** | 273 |
| **2005** | 253 |
| **2006** | 222 |
| **2007** | 187 |
| **2008** | 200 |
| **2009** | 190 |
| **2010** | 189 |
| **2011** | 39 |
| **2012** | 49 |
| **2013** | 116 |
| **2014** | 112 |
| **2015** | 94 |
| **2016** | 95 |
| **2017** | 72 |
| **2018** | 72 |
| **2019** | 79 |
| **2020** | 81 |
| **2021** | 101 |
| **2022** | 102 |
| **2023** | 90 |
| **IOMLÁN** | **45,056** |

**Tábla 17:** *Uchtálacha Baile de réir cineáil 2019–2023*

| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Leas-tuismitheoir** | 51 | 58 | 65 | 60 | 47 |
| **Cúram Altrama Fadtéarmach** | 21 | 16 | 24 | 31 | 30 |
| **Naíonán** | 6 | 5 | 2 | 9 | 8 |
| **Coigríche go Baile** | 0 | 0 | 5 | 0 | 0 |
| **Duine den Mhór-Theaghlach** | 1 | 2 | 5 | 2 | 5 |
| **Iomlán** | **79** | **81** | **101** | **102** | **90** |

**Tábla 18:** *Uchtálacha Baile de réir Aois an Linbh 2019–2023*

| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| **17 mbliana d'aois** | 35 | 40 | 36 | 36 | 37 |
| **12–16 bliana d'aois** | 24 | 23 | 45 | 33 | 27 |
| **7–11 bhliain d'aois** | 13 | 13 | 16 | 23 | 16 |
| **2-6 bliana d'aois** | 4 | 3 | 7 | 8 | 4 |
| **0–1 bhliain d'aois** | 3 | 2 | 1 | 2 | 6 |
| **Iomlán** | **79** | **81** | **101** | **102** | **90** |

**Tábla 19:** *Orduithe Ard-Chúirte a Deonaíodh i leith Iarratais ar Uchtáil Bhaile 2019–2023*

| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Alt 18** | 0 | 3 | 2 | 1 | 1 |
| **Alt 30** | 8 | 15 | 19 | 24 | 18 |
| **Alt 54** | 5 | 11 | 14 | 18 | 12 |
| **Iomlán** | **13** | **29** | **35** | **43** | **31** |

**Tábla 20:** *Iontrálacha i gClár na nUchtálacha Coigríche, 1991–2010, arna n-iontráil de bhun Alt 5 den Acht Uchtála, 1991 agus i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, 2010–2023 de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála, 2010 (Iarrthóirí ar a bhfuil cónaí rialta in Éirinn agus a raibh Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí acu tráth na huchtála idir tíortha)*

| Tír | Líon na nIontrálacha* |
|---|---|
| An Rúis | 1,631 |
| Vítneam | 945 |
| An Rómáin | 808 |
| An tSín | 432 |
| An Aetóip | 308 |
| An Chasacstáin | 151 |
| An Bhealarúis | 145 |
| An Téalainn | 140 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 127 |
| Meicsiceo | 113 |
| An Úcráin | 100 |
| An Bhulgáir | 32 |
| An India | 27 |
| An Téaváin | 22 |

| Tír | Líon na nIontrálacha* |
|---|---|
| An Cholóim | 19 |
| Sasana | 19 |
| An Bhrasaíl | 17 |
| Paragua | 7 |
| An Chambóid | 4 |
| Na hOileáin Filipíneacha | 4 |
| An Afraic Theas | 2 |
| An tSalvadóir | 2 |
| Geirsí | 2 |
| An Chéinia | 2 |
| An Liotuáin | 2 |
| Peiriú | 2 |
| An Pholainn | 3 |
| Ruanda | 2 |

| Tír | Líon na nIontrálacha* |
|---|---|
| Albain | 2 |
| Srí Lanca | 2 |
| An Úisbéiceastáin | 2 |
| An Bholaiv | 1 |
| An Bhoisnia Heirseagaivéin | 1 |
| Háítí | 2 |
| Hong Cong | 1 |
| An Mhaláiv | 1 |
| An tSiombáib | 1 |
| An Mholdóiv | 1 |
| **Iomlán** | **5,082** |

**Tá ar ár gcumas tuairisciú níos cruinne a dhéanamh ar fhigiúirí mar gheall gur cuireadh bunachar sonraí nua i bhfeidhm. Tá roinnt staitisticí a foilsíodh sna blianta roimhe seo coigeartaithe dá réir*

**Tábla 21:** *Iontrálacha i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála, 2010, i leith 2023 amháin (iarrthóirí ar a bhfuil cónaí rialta in Éirinn agus a raibh Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí acu tráth na huchtála idir tíortha)*

| Tír | Líon a iontráladh sa Chlár in 2023 |
|---|---|
| Vítneam | 12 |
| An Téalainn | 2 |
| Háítí | 1 |
| SAM | 7 |
| Sasana | 1 |
| An India | 2 |
| **Iomlán** | **25** |

**Tábla 22:** *Líon iomlán na n-uchtálacha idir tíortha a aithníodh in 2023, arna ndéanamh ag uchtaitheoirí ar a raibh cónaí rialta thar lear (Alt 57(2)(a) agus Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála, 2010).*

| An tír ina ndearnadh an uchtáil | Líon a iontráladh sa Chlár in 2023 |
|---|---|
| An Bheilg | 1 |
| An Chambóid | 2 |
| Ceanada | 3 |
| An tSín | 9 |
| An Cholóim | 3 |
| Sasana | 74 |
| An Aetóip | 1 |
| An Fhionlainn | 1 |
| An Fhrainc | 1 |
| Guatamala | 1 |

| An tír ina ndearnadh an uchtáil | Líon a iontráladh sa Chlár in 2023 |
|---|---|
| Geansaí, Oileáin Mhuir nIocht | 1 |
| Háítí | 1 |
| Hong Cong | 3 |
| An India | 1 |
| Madagascar | 1 |
| An Mhalaeisia | 1 |
| An Ísiltír | 1 |
| Tuaisceart Éireann | 26 |
| An Rúis | 1 |

| An tír ina ndearnadh an uchtáil | Líon a iontráladh sa Chlár in 2023 |
|---|---|
| Albain | 3 |
| An Afraic Theas | 7 |
| An Chóiré Theas | 1 |
| An Tansáin | 1 |
| An Téalainn | 1 |
| Uganda | 1 |
| SAM | 32 |
| An Bhreatain Bheag | 5 |
| An tSiombáib | 1 |
| **Iomlán** | **184** |

**Tábla 23:** *Líon iomlán na n-uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir 2014 agus 2023,* ina raibh cónaí rialta ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí acu tráth na huchtála (Alt 5 den Acht Uchtála, 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála, 2010).*

| Tír | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Bhulgáir | 4 | 8 | 4 | 8 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Chambóid | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An tSín | 0 | 15 | 7 | 10 | 4 | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Sasana | 2 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| An Aetóip | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Háítí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| An India | 3 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 2 |
| An Liotuáin | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Meicsiceo | 5 | 11 | 0 | 1 | 0 | 0 | 5 | 0 | 0 | 0 |
| Peiriú | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Pholainn | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| An Rúis | 4 | 2 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Téalainn | 6 | 1 | 4 | 2 | 8 | 0 | 4 | 2 | 3 | 2 |
| SAM | 4 | 6 | 12 | 9 | 7 | 10 | 1 | 4 | 2 | 7 |
| Vítneam | 4 | 32 | 23 | 22 | 20 | 18 | 9 | 8 | 13 | 12 |
| An Mholdóiv | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **32** | **83** | **55** | **53** | **41** | **33** | **21** | **16** | **18** | **25** |

**Tá ar ár gcumas tuairisciú níos cruinne a dhéanamh ar fhigiúirí mar gheall gur cuireadh bunachar sonraí nua i bhfeidhm. Tá roinnt staitisticí a foilsíodh sna blianta roimhe seo coigeartaithe dá réir.*

**Tábla 24:** *Líon iomlán na n-uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir 1991 agus 2023 (Gach Alt).*

| Bliain | Líon a Aithníodh* |
|---|---|
| 1991 | 58 |
| 1992 | 305 |
| 1993 | 59 |
| 1994 | 64 |
| 1995 | 93 |
| 1996 | 117 |
| 1997 | 149 |
| 1998 | 260 |
| 1999 | 284 |
| 2000 | 324 |
| 2001 | 284 |
| 2002 | 439 |
| 2003 | 460 |
| 2004 | 484 |
| 2005 | 443 |
| 2006 | 409 |
| 2007 | 439 |
| 2008 | 488 |
| 2009 | 395 |
| 2010 | 290 |
| 2011 | 342 |
| 2012 | 242 |
| 2013 | 141 |
| 2014 | 106 |
| 2015 | 160 |
| 2016 | 214 |
| 2017 | 324 |
| 2018 | 313 |
| 2019 | 386 |
| 2020 | 184 |
| 2021 | 136 |
| 2022 | 170 |
| 2023 | 209 |
| **Iomlán** | **8,771** |

# Faisnéis Eile



## Suíomhanna Gréasáin

www.aai.gov.ie
www.birthinfo.ie

## Aturnaetha

- Mason Hayes Curran, Teach an Phoirt Theas, Sráid na Bearú, Baile Átha Cliath 4
- Matheson, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2

## Iniúchóirí

- Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Foirgneamh an Státchiste, An Clós Íochtarach, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2
- (Iniúchóireacht Inmheánach) ASM, 20 Sráid Rosemary, Béal Feirste BT1 1QD

# Aguisín
# A



**Tábla 25:** *Achoimre ar chruinnithe uile an Bhoird in 2023 agus ar an tinreamh*

| Dátaí na gCruinnithe 2023 | Cineál Cruinnithe | Lucht Freastail de chuid Bhord an Údaráis |
|---|---|---|
| 17 Eanáir | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an Dr H. Buckley, an Breitheamh P. McMahon, an tOllamh S. Greene |
| 31 Eanáir | Orduithe | S. O'Brien, P. Harrison, an Dr H. Buckley, an Breitheamh P. McMahon, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 14 Feabhra | Iomlán | S. O'Brien, P. Harrison, an Dr H. Buckley, an Breitheamh P. McMahon, an Dr M. Anglim |
| 07 Márta | Iomlán | S. O'Brien, P. Harrison, an Dr H. Buckley, an Breitheamh P. McMahon, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 28 Márta | Orduithe | O. Traynor, S. O'Brien, an Dr H. Buckley, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 18 Aibreán | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 09 Bealtaine | Iomlán | Na comhaltaí uile |
| 23 Bealtaine | Orduithe agus Rialachas | O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 13 Meitheamh | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, an Dr H. Buckley, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 04 Iúil | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an Dr H. Buckley, an Dr M. Anglim |
| 18 Iúil | Orduithe | O. Traynor, P. Harrison, an Dr H. Buckley, an Breitheamh P. McMahon, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 05 Meán Fómhair | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an Dr H. Buckley, an Breitheamh P. McMahon, an tOllamh S. Greene |
| 26 Meán Fómhair | Orduithe | O. Traynor, S. O'Brien, an Dr H. Buckley, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 03 Deireadh Fómhair | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 07 Samhain | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an Dr H. Buckley, an Breitheamh P. McMahon, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |
| 21 Samhain | Orduithe | O. Traynor, S. O'Brien, an Dr H. Buckley, an Breitheamh P. McMahon, an tOllamh S. Greene |
| 28 Samhain | Rialachas | Na comhaltaí uile |
| 12 Nollaig | Iomlán | O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an Dr H. Buckley, an Dr M. Anglim, an tOllamh S. Greene |

# Aguisín B



Líon na bpost ceadaithe de réir aonaid/foirne agus gráid amhail ar an 31 Nollaig 2023

**Tábla 26:** *Forbhreathnú ar gach post in Údarás Uchtála na hÉireann arna gceadú ag RLCMLÓ amhail ar an 31 Nollaig 2023*

| Aonad de chuid an Údaráis | Foireann | Gráid | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Stiúrthóir | Príomhoifigeach | Príomhoifigeach Cúnta | Príomhoibrí Sóisialta | Ceann na Foirne Oibre Sóisialta | Oibrí Sóisialta Sinsearach | Oibrí Sóisialta Cáilithe Gairmiúil | Innealtóir Grád II | Innealtóir Grád III | Oifigeach Riaracháin | Ardoifigeach Feidhmiúcháin | Oifigeach Feidhmiúcháin | Oifigeach Cléireachais | Iomlán |
| **Oifig an POF** | | | | | | | | | | | | | 1 | | 2 |
| **Oibríochtaí Uchtála** | | | 1 | | | | | | | | | | | | |
| | Intíre | | | | | | | | | | 1 | | 3 | 2 | 11 |
| | Idir Tíortha | | | | | | | | | | | 1 | 1 | 2 | |
| **Obair Shóisialta** | | | | | 1 | 1 | 5 | 5 | | | | | | | 12 |
| **Seirbhísí Faisnéise agus Taifid** | | | 1 | | | | | | | | | | | | 1 |
| | Réitigh Dhigiteacha | | | 1 | | | | | | | | | 2 | 1 | 4 |
| | An Chartlann | | | | | | | | 1 | 1 | | 1 | 1 | | 4 |
| | Taifid | | | 1 | | | | | | | | 1 | 5 | 8 | 15 |
| | Cosaint Sonraí | | | | | | | | | | | 1 | | 1 | 2 |
| **Taighde** | | | | 1 | | | | | | | 1 | | | | 2 |
| **Acmhainní Daonna agus Forbairt Foirne** | | | | 1 | | | | | | | | 1 | 1 | 1 | 4 |
| **Comhlíontacht, Seirbhísí Corparáideacha agus Creidiúnú** | | | | 1 | | | | | | | | 1 | 4 | 1 | 7 |
| **Iomlán** | | 1 | 2 | 5 | 1 | 1 | 5 | 5 | 1 | 1 | 2 | 6 | 18 | 16 | 64 |

## Nótaí

## Nótaí

## Nótaí

ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

**Údarás Uchtála na hÉireann**
**Teach Shíol Bhroin, Droichead na Dothra,**
**Baile Átha Cliath 4, D04 H6F6**

**+ 353 1 2309 300 I aai.gov.ie**